



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

LITEARTHACHT D'AOSAIGH DON SAOL

STRAITÉIS LITEARTHACHTA,
UIMHEARTHACHTA AGUS LITEARTHACHTA
DIGITÍ D'AOSAIGH 10 MBLIANA



Adult
Literacy
for Life

Iúil 2021

Clár Ábhar

Brollach leis an Aire	6
Brollach le Foghlaimoir	8
Straitéis don LAS (Lítearthacht d'Aosaigh don Saol) - Achoimre Feidhmiúcháin	9
1 Cur Chuige Ionchuimsitheach do Straitéis Ionchuimsitheach	16
1.1 Réamhrá	17
1.2 An Straitéis a Fhorbairt	19
1.3 Sainmhíniú ar Lítearthacht	20
1.4 Sainmhíniú ar Lítearthacht	23
1.5 Oiriúnú do Thimpeallacht atá ag Teach chun Cinn go Mear	27
1.6 An Tírdhreach Tacaíochta	30
1.7 Bacainní roimh Rannpháirtíocht	31
2 Straitéis Trasrialtais, Tras-Sochaí agus Trasgheilleagair	34
2.1 An Fhís do Straitéis Uile-Shochaí 10 mBliana	35
2.2 Cur Chuige Bunaithe ar Chórais Chomhtháite	36
2.3 Cur Chuige Idirnáisiúnta i leith Chomhordú an Chórais	38
2.4 Struchtúir Chomhtháite agus Chomhoibritheacha do Sholáthar na Straitéise	39
3 Creat Gnímh don LAS	46
3.1 Colún a hAon: Tuiscint	48
3.2 Colún a Dó: Rochtain	52
3.3 Colún a Trí: Fairsingiú	59
3.4 Colún a Ceathair: Cumasú	64
4 An Straitéis a Chur i bhFeidhm agus Rath a Thomhas	70
4.1 Cur i bhFeidhm	71
4.2 Rath a Thomhas	74
Aguisíní	79
Aguisín A: An Tírdhreach Tacaíochta Lítearthachta in Éirinn	79
Aguisín B: Léargas Ginearálta ar Ghealltanais Ghearrthearma agus Níos Fadtearmaí	83
Aguisín C: Príomh-Acrainmneacha	89

Brollach leis an Aire

Foirm chumhachta í an litearthacht.

Cuireann sé an deis ar fáil do dhuine áit éigin a shaothrú dóibh féin ar domhan.

Is féidir le bheith ábalta léamh agus scríobh, oibriú le huimhreacha agus bealach a aimsiú sa domhan digiteach cumas duine a bhaint amach.

Ar an gcuma chéanna, mura bhfreastalaítear ar riachtanais sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach, d'fhéadfadh duine a bhraistint nach bhfuil cumas acu, gur baineadh a gcumas dóibh, agus gur beag dóchas atá ann le gnóthachtáil a dhéanamh.

Braitheann go leor go bhfuil siad ró-aosta le foghlaim conas léamh agus scríobh agus a scileanna uimhearthachta a fheabhsú. Dar leo, mura bhféadfaidís é a fhoghlaim ar scoil, is beag an dóchúlacht go bhféadfaidís é a fhoghlaim anois.

Is cosúil gur sprioc nach féidir a bhaint amach iad scileanna ríomhaireachta a fhorbairt agus an t-idirlíon a dhéanamh amach. Bíonn inní ar go leor daoine nár freastalaíodh ar a riachtanais litearthachta cabhair a iarraidh mar gheall go bhfuil náire gan ghá orthu agus mar gheall go gcreideann siad gur cúis náire é murar freastalaíodh ar a riachtanais litearthachta.

Bíonn deacracht ag an iomarca daoine liosta siopadóireachta a scríobh nó oideas a léamh. Níl an iomarca daoine in ann bille a ríomh ná buiséad tí a chomhardú. Agus ní féidir le líon i bhfad rómhór daoine aghaidh a thabhairt ar dhul ar líne le háirithint a dhéanamh, nó le teacht ar sheirbhís phoiblí.

Caithfidh athrú teacht air seo. Tá orainn dúshlán a chur roimh an míthuiscint gurb ionann neamhábaltacht chun léamh, scríobh nó cumarsáid dhigiteach a dhéanamh agus teip ar an duine. Teip ar an tsochaí agus ar an Stát atá ann. Ach teip atá ann a mbeartaímh dul i ngleic leis.

Beidh mar chuspóir ag an Straitéis seo a chinntiú go bhfuil an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach riachtanach ag gach duine chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus a gcumas a bhaint amach.

Thar rud ar bith eile, tá mar aidhm ag an Straitéis seo feabhas a chur ar an gcóras Foghlama Aosach agus táimid tiomanta do gach acmhainn a úsáid atá ar fáil lena chinntiú go mbíonn teacht gan stró agus go háitiúil ar thacaíocht ag gach duine óna dteastaíonn sé.

Tá súil agam go spreagfaidh sé iad siúd a bhfuil ag streachailt leo an chéim rithábachtach eile sin a chur díobh agus cuairt a thabhairt ar a mBord Oideachais agus Oiliúna nó trí **shaorghlao** a chur ar **1800 20 20 65**.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le SOLAS as an tsarobair a rinne siad, i gcomhoibriú le mo Roinn, Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí, comhlachtaí páirtithe leasmhara, pobail agus daoine aonair eile chun píosa oibre a fhorbairt a cheapaim féin atá ina phíosa fíor-uathúil agus fíorthábhachtach oibre leis an tsaincheist seo a fhiosrú agus le creat a fhorbairt maidir leis an mbealach is féidir linn oibriú as lámh a chéile chun dul i ngleic leis seo.

Is eol dúinn nach mbeidh sé éasca, ach is soiléir gur gá dúinn a thuilleadh a dhéanamh riachtanais sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach sa daonra daoine fásta in Éirinn ar léir nár freastalaíodh orthu le rannpháirtíocht iomlán gheilleagraich agus shóisialta a chinntiú.

Cinnteoídh an Straitéis seo gur féidir le daoine a riachtanais **a thuiscint** agus an áit a gcuirtear ar fáil iad; gur féidir leo, ar bhunús na tuisceana sin, an fhoghlaím agus ar an tacaíocht go léir a theastaíonn uathu **a rochtain**; gur féidir an fhoghlaím agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil **a fhairsingiú** chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán litearthachta agus uimhearthachta, agus daoine agus pobal **a chumasú** fiordhifriocht a dhéanamh ina saol.

Le rath inbhuanaithe a bhaint amach i bhfís na Straitéise a fhíorú, bainfidh buntábhacht le cur chuige tras-Rialtais, trasgheilleagair agus tras-sochaí i leith chur i bhfeidhm na Straitéise. Sa chomhthéacs seo, cuimsítear sa Straitéis roinnt gníomhartha tábhachtacha lena chinntiú go bhfuil straitéis chomhtháite agus chomhoibritheach i bhfeidhm chun buntacú le cur i bhfeidhm. Seirbhísí poiblí a chur in iúl agus a sholáthar i bhfriotail neamhchasta.


Sárshampla é seo ó thaobh cúrsaí oibiachtúla, de Straitéis chomhcheangailte uile-Rialtais atá bunaithe ar ghníomh atá dírithe ar dhúshlán suntasach agus substainteach sochaíoch.

Is soiléir gur féidir leis an Straitéis claochlú a bhaint amach – ina cur i bhfeidhm agus ní foláir dúinn an claochlú a bhaint amach a ghealltar sa Straitéis. Trí chuspóirí na Straitéise i dtaobh Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach d'Aosaigh a bhaint amach, cruthaítear deiseanna agus cumas do líon mór daoine inár sochaí nach mbainfidís amach ina saol murach sin.

Creidim go tréan gur féidir linn a chinntiú go n-aimsimid na daoine siúd is deacra a aimsiú agus nach bhfágfar duine ar bith ar lár trí oibriú le chéile ar an Straitéis seo.

Is eol dúinn gur foirm chumhachta í an litearthacht.

Mar sin, déanaimis gach duine in Éirinn a chumasú go ndéanfar an duine is fearr agus is féidir díobh.



Simon Harris TD

Minister for Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science.

Brollach le Foghlaimeoir

Bhí tosú le Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh mo Bhoird Oideachais agus Oiliúna áitiúil ceann de na cinntí is fearr a rinne mé riamh. Chuir daoine muinteartha agus cairde ar an eolas mé ar an tseirbhís agus cé go raibh beagán inní orm i dtosach, táim an-sásta gur chuir mé an chéad chéim sin díom mar gheall nach raibh aon aiféala orm a luaithe a thosaigh mé.

Bhí an t-eispéireas a bhí agam den tseirbhís thar a bheith dearfach; chonacthas dom den chéad uair go raibh iliomad deiseanna foghlama ar fáil dom mar dhuine fásta le cabhrú liom mo scileanna litearthachta a fheabhsú. Bhí m'aistear foghlama leis an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh go hiomlán éagsúil ó m'eispéireas scoile. Mar fhoghlaimeoir fásta, bhrath mé ar mo shuaimhneas, go raibh seilbh agam ar m'fhoghlaim agus go rabhamar uile comhionann. Ba spéis leis na Teagascóirí mé féin mar dhuine agus theastaigh uathu go mbainfinn taitneamh as an bhfoghlaim, go saothróinn mo mhuinín agus go bhforbróinn mo chumas.

Braithim sábháilte, go bhfuilim á thabhairt san áireamh, go bhfuilim ceangailte agus bhfuil na Teagascóirí agus na foghlaimeoirí aosaigh eile i mo ghrúpa ag tacú liom.

Mar gheall go gcuirtear na ranganna Litearthachta d'Aosaigh ar siúl ar bhonn páirtaimseartha agus ar an leibhéal agus ar an luas a bhí oiriúnach dom, d'éirigh liom m'fhoghlaim a bhainistiú agus cothromaíocht á baint amach agam freisin idir mo shaol sa bhaile agus cúraim eile. B'ionadh dom mar gheall go bhfuil eolas agus scileanna foghlamtha agam nár fhoghlaim mé riamh roimhe seo, agus go bhfuil forbairt ní ba mhó tagtha ar mo scileanna TF ná mar a mbeadh súil agam leis. D'úsáid mé iad le bliain anuas le páirt a ghlacadh i mo ranganna agus le ceangal a dhéanamh le daoine ar líne trí úsáid a bhaint as Microsoft Teams. Ina theannta sin, bhain mé cáilíocht aitheanta amach ó DCCÉ agus tá bród mór orm as mo chuid gnóthachtálacha. Ní hionann an duine anois mé agus an duine a bhí ionam nuair a thosaigh mé ar dtús; tá i bhfad níos mó muiníne agam anois triail a bhaint as rudaí nua.

Ba mhaith liom gach duine a spreagadh an chéad chéim a chur díobh, teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh i do BOO áitiúil agus tús a chur le d'aistear foghlama don saol nó leanúint leis. Ceapaim go mbeidh ionadh ort agus ní bheidh aiféala ar bith ort a luaithe a thosaíonn tú!



Martina Kiely


Kilkenny and Carlow ETB

Straitéis don LAS (Lítearthacht d'Aosaigh don Saol) - Achoimre Feidhmiúcháin

Ba cheart go mbeadh na scileanna lítearthachta ag gach duine fásta in Éirinn le taitneamh a bhaint as caighdeán maith beatha laistigh dá dteaghlaigh, dá bpobail agus dá n-ionad oibre. Is éard a bhaineann le lítearthacht ná éisteacht agus labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht, uimhearthacht agus úsáid a bhaint as an teicneolaíocht laethúil chun cumarsáid a dhéanamh, teacht ar sheirbhísí, agus roghanna feasacha a dhéanamh. Tá mar chuspóir ag an straitéis uile-shochaí seo na scileanna lítearthachta a theastaíonn uathu a thabhairt do gach duine fásta. Príomhchéim chun cinn é le sprioc na hÉireann a bhaint amach go mbeidh sochaí agus geilleagar ann atá go hiomlán ionchuimsitheach agus cothrom.

Nearthaíonn agus cuireann an Straitéis na gníomhartha agus uailmhian tionscnamh trasrialtais tras-sochaí, plean gníomhaíochta straitéiseach **Éire Shláintiúil 2021-2025**, **Bealaí chun Oibre 2021-2025**, **an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025** na hÉireann ina measc, agus an obair atá ar bun faoi láthair ar chéad **Chreat Folláine d'Éirinn**. Cuireann an straitéis Lítearthacht d'Aosaigh don Saol ar chumas na hÉireann ailíniú go hidirnáisiúnta le forbairt inbhuanaithe, spriocanna sóisialta agus geilleagracha an AE, UNESCO agus an ECFE.

Bronnann an próiseas ina bhforbraítear an straitéis féin dóchas gur féidir athrú fíor agus marthanach a bhaint amach i rith a saolré. Bhí baint ag breis agus 2,000 duine nó eagraíocht leis an méid a fheiceann tú anseo. Chuir paisean, tiomantas agus léargas na bpáirtithe leasmhara seo bonn fianaise an-láidir ar fáil do dhul sa tóir ar réimse gníomhartha nuálacha agus uailmhianacha sa straitéis seo.



Tá na gníomhartha seo práinneach agus bunriachtanach. In ainneoin lucht saothair ar ar cuireadh oideachas maith agus geilleagair agus sochaí atá á chur chun cinn ag an teicneolaíocht, níl na scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta, cumarsáide agus digiteacha ag an iomad daoine in Éirinn a theastaíonn chun tabhairt faoi thascanna laethúla bunriachtanacha.

Ciallaíonn seo go mb'fhéidir go mbeadh ag streachailt leo an dáileogacht a léamh ar bhuidéal cógais a linbh, iarratas poist a líonadh, comharthaí sábháilteachta a thuiscint in ionad oibre

guaiseach, sochair dhífhostaíochta a éileamh ar líne i ndiaidh caillteanas poist go tobann, nó buiséad teaghlaigh a bhainistiú. Imríonn sé tionchar ar limistéir na saoránachta gníomhaí, cosúil leis an dóchúlacht chun obair dheonach a dhéanamh nó vóta a chaitheamh, agus imríonn sé tionchar ar an iontaoibh, ar an iomlán, atá in institiúidí. Mhéadaigh na hathruithe a tháinig le déanaí mar gheall ar phaindéim COVID-19 ar an mbealach a oibrímid, a fhoghlaimímid, a dhéanaimid gnó agus a idirghníomhaímid lena chéile an baol go bhágfar daoine ar lár.



Bíonn ag streachailt ar beagnach 1 as 5 (18%) de dhaoine fásta le téacs laethúil a léamh agus a thuiscint.



Bhí deacrachtaí ag 1 as 4 dhuine fásta (25%) le matamaitic a úsáid sa saol laethúil.



Níl bunscileanna digiteacha ag beagnach 1 as 2 dhuine fhásta (47%).

Mar sin, cé hiad na daoine a bhíonn i gceist nuair a bhímid ag caint ar dhaoine a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu?

Is soiléir don nasc idir litearthacht agus comhionannas agus míbhuntáiste. Is minic gurb iad na grúpaí siúd is mó atá i mbaol eisiámh sóisialta iad siúd a bhfuil na riachtanais is mó acu nár freastalaíodh orthu, cibé acu más luathfhágóirí scoile iad a bhfuil eispéireas diúltach acu den oideachas, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu nó imircigh eile óna dteastaíonn tacaíocht teanga, nó grúpaí eitneacha mionlaigh eile a raibh ag streachailt orthu mar gheall ar neamhionannas agus ciníochas.

Tá grúpa eile atá 'níos ceilte', áfach, laistigh den lucht saothair féin, agus go háirithe i measc aoisghrúpaí níos sine. Níl aon oideachas foirmiúil ag breis agus 300,000 duine fásta in Éirinn arb ionann é agus an Ardteistiméireacht agus níl aon oideachas foirmiúil ag beagnach 900,000 duine atá níos airde ná leibhéal scoile. Bíonn ag streachailt ar go leor de na daoine fásta seo leis na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a bheidh riachtanach chun fostaíocht a chothú. Tá roinnt samplaí den streachailt laethúil a mbíonn iad siúd thíos leis a bhfuil riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu tugtha chun solais thíos.

"Mura bhféadfainn é a dhéanamh ansin, cén fáth is féidir liom é a dhéanamh anois? Bhí an ghráin agam ar an scoil agus níl bealach ar bith ann go bhfillfidh mé ar áit cosúil leis sin arís."

"Dá ndéarfainn le mo theaghlach gur mhaith liom foghlaim, bheidís ag gáire fúm. Níl aithne agam ar aon duine i mo phobal a d'fhill ar an oideachas ach ní féidir liom fúille a íoc ar líne faoi láthair."


"Bíonn ag streachailt liom le huimhearthacht agus, cosúil le gach duine eile, b'aoibhinn liom mo scileanna digiteacha a fhorbairt ach tá mé faoi mhíchumas agus ní thugaim faoi deara na tacaíochtaí a theastaíonn uaim a theastódh uaim le bheith in ann na scileanna seo a fhoghlaim go háitiúil."

"Ní féidir le duine ar bith ag an obair a bhfuil aithne agam orthu léamh. Chaith mé na blianta lena cheilt. Agus tá na córais seo go léir anois acu atá le foghlaim agam agus níl tuairim agam faoin teicneolaíocht. Beidh mo phost imithe i mbliain mura ndéanaim rud éigin."


"Tá an Béarla foghlamtha agam le mo phost a dhéanamh, ach cuireann sé mearbhall orm cabhair a aimsiú le seirbhísí in Éirinn, tá an oiread sin focail Ghaeilge ann nach dtuigim."

Aithnítear go forleathan dúshlán litearthachta na hÉireann anois, agus tá tiomantas ollmhór ann do dhul i ngleic leis an riachtanas seo ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Is iomaí sampla iontach tacaíochtaí agus deiseanna foghlama atá ann a dhéanann fiordhifríocht do chásanna aonair a fheabhsú agus cabhrú le daoine saol níos sásúla a mhaireachtáil. Tarlaíonn an iomarca den ghníomhaíocht seo leo féin. I gcodarsnacht leis sin, ní mór dó a bheith ceangailte níos fearr le tacaíocht níos fairsinge oideachais, sláinte, forbartha pobail, fostaíochta agus rialtais áitiúil chun tionchar substainteach agus inbhuanaithe a imirt. Más féidir linn seo a dhéanamh, tá líonra tacaíochta cumhachtach ar fáil i ngach cearn den tír ar féidir leo fiordhifríocht a dhéanamh i saol daoine.

Áirítear leis seo:



Is é an rud is ríthábhachtaí is gá don straitéis seo a dhéanamh ná an tacaíocht seo a **cheangal** chun go mbíonn teacht ag daoine ar an bhfoghlaim chun dul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu chomh maith leis an tacaíocht go léir chun dul i ngleic leis na bacainní ba chúis leis na deacrachtaí litearthachta seo. Beartaítear cur chuige sa straitéis atá bunaithe ar chórais i leith litearthachta a oibrítear ar fud an Rialtais, ar fud an gheilleagair, ar fud na sochaí agus ar fud ár bpobal. Cuimsítear ann sin:



Leagann an cur chuige seo atá bunaithe ar chórais an bhunsraith faoin straitéis litearthacht 10 mbliana seo. Straitéis é lena mbuntacaíonn fíis shimplí amháin:

Éire ina mbíonn an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach riachtanach ag gach duine fásta le páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus a gcumas a bhaint amach.

Ón mbunsraith sin, tá réimse gealltanais agus gníomhartha i bhfeidhm i measc ceithre cholún lena chinntiú gur féidir le daoine a riachtanais agus an áit ar féidir leo triall air le hiad a shásamh **A THUISCINT**. Lena chinntiú gur féidir leo an foghlaim agus an tacaíocht go léir **A ROCHTAIN** a theastaíonn uathu. Lena chinntiú gur féidir leis an bhfoghlaim agus an tacaíocht atá ar fáil **A FHAIRSINGIÚ** chun an dúshlán ollmhór seo a shárú; agus lena chinntiú go ndéanaimid daoine agus pobail **A CHUMASÚ** fiordhifriocht a dhéanamh ina saol. Leagtar amach an creat straitéiseach foriomlán chun seo a bhaint amach thíos.



Straitéis 10 mbliana é seo agus teastóidh tiomantas agus gníomh fadtéarmach uaidh le scála an fheabhsúcháin ar leibhéil litearthachta a bhaint amach a lorgaítear faoi dheireadh a saolré. Cuirfidh córas Pleananna Gníomhaíochta Litearthachta Bliantúla náisiúnta an treo straitéiseach a leagtar amach thuas chun cinn. Ceapfar comhordaitheoirí le páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile agus pleananna a fhorbairt ar leibhéal réigiúnach a chuireann an clár náisiúnta i bhfeidhm fud fad na tíre. Cuirfidh ciste láraithe nuálaíocht agus comhoibriú chun cinn, agus tacóidh siad le dea-chleachtas a phríomhshruthú, atá le tabhairt faoi deara cheana féin.


Nuair a bheidh an bonneagar comhpháirtíochta seo i bhfeidhm, cruthófar ardán le haghaidh gníomh comhoibritheach chun an t-athrú a theastaíonn uainn a chur chun cinn. Mar aon leis seo, tá céimeanna rithabhachtacha agus láithreacha ann freisin nach mór tabhairt fúthu. Sonraítear iad seo laistigh den straitéis, agus áirítear le roinnt de na rudaí is suntasaí don chéim thosaigh um chur i bhfeidhm:

1	2	3	4
Feachtas mór náisiúnta maidir le feasacht ar litearthacht agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú le daoine a bhfuil saincheisteanna litearthachta acu, trí úsáid a bhaint as cainéil iolracha mheán agus atá treisithe ag páirtithe leasmhara ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.	Ionad ilfhreastail a thabharfaidh an t-eolas agus an chomhairle ábhartha go léir le chéile faoi litearthacht, agus a chabhróidh leis na riachtanais litearthachta a shainaithint agus nasc a dhéanamh le hacmhainní breise a cheadaíonn daoine an chéad chéim eile a chur díobh chun teacht ar thacaíocht agus ar sheirbhísí.	Modúil oiliúna ar líne forbartha agus curtha ar fáil do gach duine atá ag oibriú go díreach ar leibhéal áitiúil, le daoine a bhféadfadh go bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu, le cabhrú leo riachtanais a shainaithint agus daoine a threorú go cuí.	Cur chuige tosaigh agus leanúnach measúnaithe comhsheasmhach i leith litearthacht agus uimhearthachta i measc BOOanna agus a gcomhpháirtithe oideachais a thabhairt isteach go hiomlán agus go cuimsitheach.
5	6	7	8
Bearta a theastaíonn a fhiosrú agus a thabhairt chun cinn lena chinntiú go soláthraítear cumarsáid a dhéanann eagraíochtaí poiblí agus friotal neamhchasta á úsáid.	Tiomantas do chistiú nua fadtéarmach le míbhuntáiste oideachais a mhaolú, freagairtí pobail a chur chun cinn chun feabhas a chur ar litearthacht, freastal ar riachtanais spriocghrúpaí ar leith agus tacú le teacht ar an theicneolaíocht agus ar ghléasanna.	Tionscnamh nua le tacaíocht litearthachta san ionad oibre a fhairsingiú agus tacaíocht litearthachta chomhtháite a thabhairt isteach go hiomlán ar fud an tsoláthair BOO go léir.	Na treoirlínte nua Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) a chur i bhfeidhm agus sraith acmhainní DUF a úsáid i measc an tsoláthair litearthachta go léir.
9	10	11	12
Soláthar solúbtha agus dian litearthachta a fhairsingiú láithreach, níos mó modúil uimhearthachta aonair d'aosaigh a fhorbairt i bhformáidí inrochtana agus le leibhéil sholúbtha tacaíochta; tacaíocht níos déine Bhéarla a thabhairt d'imircigh; agus tionscadail níos saincheaptha a dhíríonn ar riachtanais litearthachta spriocghrúpaí a dtugtar tús áite dóibh agus nár freastalaíodh orthu san áireamh.	Na deiseanna scileanna digiteacha uile neamhfhoirmiúla agus creidiúnaithe, príobháideacha agus poiblí, ar an láthair agus ar líne a Shimpliú trí iad a chur ar liosta in aon áit amháin san ionad ilfhreastail, agus infheistíocht a fhairsingiú i soláthar scileanna digiteacha i measc bealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.	Creat foriomlán forbartha leanúnaí do chleachtóirí litearthachta a fhorbairt agus a bhunú ina leabaítear cur chuige comhsheasmhach i leith forbairt scileanna tosaigh agus leanúnach.	Creat croíscileanna a bhunú a cheadaíonn d'fhoghlaimoírí na scileanna a theastaíonn uathu agus na conairí foghlama atá ar fáil a thuiscint.
13			
Acmhainní Éire Shláintiúil a fhorbairt isteach i dtacaíocht fhoriomlán litearthachta agus cur chuige litearthachta agus foghlama teaghlaigh a fhás mar chuid de sprioc-chlár tacaíochta d'idirghabháil sláinte, cúraim shóisialta agus tacaíochta teaghlaigh.			

Tá brath ar shonraí stairiúla ó shuirbhé a rinne an CMIIA in 2012 mar chuid den dúshlán a chruthaíonn díriú ar riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu. Caithfidh gur féidir le straitéis atá chomh fadtéarmach seo i dtaobh cineáil athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gníomhartha agus freagairtí a oiriúnú go gcuirfear an timpeallacht atá ag teacht chun cinn go mear san áireamh. Díreofar go tréan ar rath a thomhas agus feidhmíocht a thuairisciú tríd an Oifig Cláir don Choiste um Chur i bhfeidhm Trasrialtais. Déanfaidh seo na gníomhartha comhoibritheacha i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla go léir le spriocanna foriomlána chun dul chun cinn a dhéanamh agus cuntasacht don soláthar a chinntiú. Ní foláir don straitéis LAS fiordhifriocht a dhéanamh i dtaobh saol daoine a athrú ó bhonn agus chun seo a bhaint amach, déanfaidh sé an méid seo a leanas i rith a shaolré:

Litearthacht	An sciar daoine fásta in Éirinn a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu a laghdú, is é sin Leibhéal 1 den CMIIA nó faoina bhun, ó 18% go 7%.
Uimhearthacht	An sciar daoine fásta in Éirinn a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu a laghdú, is é sin Leibhéal 1 den CMIIA nó faoina bhun, ó 18% go 7%.
Litearthacht Dhigiteach	An sciar daoine fásta in Éirinn nach bhfuil bunscileanna digiteacha acu a laghdú ó 47% go 20% [faoi mar a thomhaistear san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI)].

Is éard a bhainfidh leis seo bealach níos rialta a bhunú chun leibhéil litearthachta agus uimhearthachta a thomhas, agus comhlacht taighde a chonrú le cleachtadh leanúnach tagarmharcála a oibriú agus a fhorbairt bunaithe ar mhodheolaíocht an CMIIA. Cuirfear creat torthaí i bhfeidhm freisin anuas ar na spriocanna uileghabhálacha seo, gnéithe ratha na straitéise a leagtar amach thíos a rianú san áireamh.



Leagtar amach sa straitéis seo clár uailmhianach le litearthacht d'aosaigh don saol a chinntiú. Ní féidir é a bhaint amach ach trí chomhpháirtíocht agus nuálaíocht ach cuirfidh paisean agus tiomantas an oiread sin daoine chun cinn é, ar féidir leo an fhoghlaim agus an tacaíocht a sholáthar i dteannta a chéile a dhéanann saol daoine a chlaochlú.

1. Cur Chuige Ionchuimsitheach do Straitéis Ionchuimsitheach



1.1 Réamhrá

Samhlaigh nach féidir a dhéanamh amach cé mhéid cógais a thabhairt do do leanbh, comharthaí sábháilteachta a thuiscint in ionad oibre baolach, clárú ar líne do shochar dífhostaíochta i ndiaidh gur chaill tú do phost go tobann, iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nó a dhéanamh amach conas déileáil le buiséad dian tí. Ar an drochuair, is amhlaidh an scéal i measc an iomarca daoine in Éirinn inniu. Baineann bunriachtanas le litearthacht do na saghsanna seo de thascanna laethúla ríthábhachtacha. Is éard a bhaineann le litearthacht ná éisteacht agus labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht, bheith in ann tascanna matamaiticiúla a dhéanamh agus teicneolaíocht laethúil a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh, teacht ar sheirbhísí, agus roghanna feasacha a dhéanamh. Ní hionann an litearthacht agus díreach bheith in ann léamh agus scríobh. Tá mar chuspóir ag an straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol (LAS) a chinntiú go mbraitheann gach duine go bhfuil siad á dtabhairt san áireamh agus gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, san ionad oibre agus ina saol laethúil. Baineann buntábhacht leis na scileanna litearthachta seo i dtaobh a chinntiú gur féidir le duine aonair saol sláintiúil sásúil fiúntach a mhaireachtáil. Cuirfidh siad feabhas ar mhuinín agus ar fhéinmheas, le rannpháirtíocht níos iomláine sa phobal, sa tsochaí agus sa gheilleagar a chumasú agus caipiteal sóisialta agus polaitiúil a thiomsú.

Tá infheistíocht mhór déanta cheana féin in Éirinn le dul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu. Éascaíonn saibhreas tionscnamh teacht ar fhoghlaím agus tacú le leibhéil chaipitil shóisialta agus pholaitiúil. Tá go leor cleachtóirí agus eagraíochtaí tiomnaithe agus oile in Éirinn atá go hiomlán tiomanta do dhul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu laistigh de phobail, tithe, agus an t-ionad oibre. Léirítear sa taighde faoinar tugadh don straitéis seo, áfach, go bhfuil drogall ar riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu chun an chéad chéim a chur díobh. Ceaptar, amanna, gur deacair bealach a dhéanamh timpeall an líonra eagraíochtaí, uirlisí agus tionscnamh agus gur deacair teacht orthu dá bharr.

Bainfidh an straitéis seo leas as na hacmhainní atá i bhfeidhm cheana féin chun cabhrú le litearthacht d'aosaigh, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach agus an méid seo a leanas a dhéanamh:


1. É a dhéanamh níos éasca dóibh siúd a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu 'an chéad chéim eile a chur díobh'.
2. Córas níos ceangailte agus inrochtana a dhéanamh de a chinntíonn go mbíonn teacht ar na tacaíochtaí agus na seirbhísí go léir agus a chinntíonn go mbíonn conair shoiléir ann chun forbairt bhreise a dhéanamh ar scileanna.
3. Cur chuige freagrúil a chuireann deiseanna méadaithe foghlama agus tacaíochta ar fáil don domhan ina mairimid ar a bhfuil athrú mear ag teacht.

Dúshlán tras-sochaí trasrialtais é freastal ar riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu laistigh dár bpobail. Déanfaidh an straitéis seo agus an plean gníomhaíochta a ghabhann leis iarrachtaí na gcomhpháirtithe agus na gcleachtóirí tiomanta go léir a chomhordú. Rinneadh tagairt dhlúth do thionscnaimh chomhlántacha fad a bhí an straitéis á forbairt, plean gníomhaíochta straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025, an Straitéis Náisiúnta maidir le

hlonchuimsiú Taistealaithe agus Romach, 2017-2021, Treochlár na hÉireann um an Ionchuimsiú Sóisialta, 2020-2025, an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach do Scoileanna a bheidh ag teacht aníos, Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta na Roinne Oideachais, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais, agus an Creat Folláine d'Éirinn ina measc. Cuirfidh an cur chuige seo feabhas ar an tionchar agus cabhróidh sé lena chinntiú go n-oibríonn ranna Rialtais, pobail, cleachtóirí oideachais agus gach duine atá bainteach in obair litearthachta d'osaigh go héifeachtach le chéile.

Rinneadh scrúdú freisin ar thionscnaimh litearthachta timpeall an domhain freisin fad a bhí an straitéis á forbairt, mar gheall gur dúshlán domhanda um ionchuimsiú sóisialta iad riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu i measc daoine fásta. Rinneadh foghlaim ó straitéisí agus gníomhartha go hidirnáisiúnta a chuimsiú freisin, cosúil le Compás Digiteach 2030 an Choimisiúin Eorpaigh agus an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin ón AE. Rinneadh tagairt do thuarascálacha domhanda UNESCO ar Fhoghlaim agus Oideachas Aosach, anuas ar thionscnaimh agus tuarascálacha an ECFE lena n-áirítear an suirbhé tréimhsiúil ar scileanna daoine fásta, an CMIIA agus tuarascálacha leanúnacha ar scileanna a dhéileálann le dúshláin litearthachta.

Fíor 1: Príomhdhúshláin na Straitéise LAS




1.2 An Straitéis a Fhorbairt

Ar cheann de na chéad rudaí a d'fhógair an tAire nua Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ná go leagfaí plananna amach le straitéis litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digiti d'aoisigh 10 mbliana a fhorbairt. Bhí an gealltanas seo bunaithe ar ghealltanas a tugadh i gClár an Rialtais – 'Ár dTodhchaí Chomhroinnte' – go ndéanfar straitéis a fhorbairt laistigh dá chéad bhliain. Scríobh an tAire chuig SOLAS an 31 Iúil 2020 agus d'iarr sé, ar aon dul lena fhreagracht faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, straitéis litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt, go dtosódh SOLAS le planáil agus go soláthródh sé moltaí luatha faoin gclár oibre seo.


Cuireadh céim thosaithe straitéise chun cinn i rith Lúnasa agus Mheán Fómhair 2020. Rinneadh na príomhchéimeanna a leagan amach sa chéim seo ar gá iad a sholáthar agus cuireadh i bhfeidhm iontu an tacaíocht, na struchtúir chomhairleacha agus rialachais le straitéis éifeachtach agus ionchuimsitheach a chinntiú. Príomhspreagadh fhorbairt na straitéise ná córas níos ceangailte a leabú a d'fhéadfadh freastal ar an réimse fairsing riachtanais aonair chasta ar bhealach níos simplí agus níos inrochtana. Bhain rithábacht leis na comhpháirtithe cearta a bheith páirteach le cur chuige comhoibritheach i leith ratha a chinntiú. Bhí an chéim seo ar an gcéad chéim de cheithre chéim, faoi mar a leagtar amach sa léaráid i bhFíor 2.

Fíor 2: Próiseas Forbartha na Straitéise



Bailíodh i gCéimeanna 2 agus 3 an t-eolas, an taighde agus an anailís ábhartha go léir, agus cuimsíodh iontu an comhairliúchán leo siúd ar spéis leo forbairt na straitéise.

Cruthaíodh leabharliosta freisin ina dtugtar chun solais an iomaí foinse a chuir leis an straitéis.¹ Anuas air sin, cuireadh tuarascáil mhionsonraithe chomhairliúcháin le chéile ina sonraítear torthaí ón bpróiseas comhairliúcháin.² Cuireadh tuarascáil chomhairliúcháin achoimre le chéile freisin.³ Bhí an próiseas go hiomlán ionchuimsitheach, agus bailíodh léargas agus saineolas breis agus 2,000 duine aonair agus eagraíocht a chuir leis an bpróiseas forbartha, an méid seo a leanas ina measc:



Cheadaigh seo tús a chur leis an gceathrú céim agus an chéim dheiridh chun an straitéis féin a fhorbairt, atá bunaithe ar cheithre phríomhcholún, a bhí le cur faoi bhráid an Rialtais.

1.3 Sainmhíniú ar Litearthacht

Roimhe seo, measadh gurbh ionann litearthacht agus an cumas chun léamh agus scríobh. Inniu, tá an bhrí tagtha chun cinn chun na hathruithe a chur san áireamh a tháinig ar an mbealach a mhairimid agus na scileanna a theastaíonn ó dhaoine aonair chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. Baineann ríthábhacht le cumas litearthachta, uimhearthachta agus digiteach a bheith ag duine leis an rannpháirtíocht siúd. Bíonn dúshláin mhóra roimh dhaoine aonair, teaghlaigh agus pobail ar fud na hÉireann mura mbíonn cumas litearthachta, uimhearthachta agus digiteach acu. Scileanna bunúsacha iad a chumasaíonn rannpháirtíocht iomlán sa saol, san obair agus san fhóillíocht. Faoi mar a luaigh an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh

An méid a chiallaíonn litearthacht, dar liomsa

"bheith in ann léamh maith a dhóthain le mo bhealach a dhéanamh tríd an saol laethúil, treoracha a leanúint, an t-eolas ceart a fháil, muinín a fhorbairt agus, ina dhiaidh sin, tús a chur le taitneamh a bhaint as an léitheoireacht le muinín agus na domhain agus na heispéiris nua a chruthaíonn an litearthacht dúinn a fhiosrú."

1 https://solas.ie/f/70398/x/57b83b0532/all_bibliography_final.pdf

2 https://solas.ie/f/70398/x/430d4dbae2/all_strategy_detailedconsultationreport_final.pdf

3 https://solas.ie/f/70398/x/b034a67b1d/all_strategy_summaryconsultationreport_final.pdf

(an ÁNLA), “Cuireann na scileanna seo ar chumas daoine a gcumas a bhaint amach a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha agus ríthábhachtacha sa tsochaí agus cabhraíonn siad le dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta.”⁴

Is tábhachtach a thuiscint nach aon rud amháin í an litearthacht. Ar nós cumas nó scil ar bith, caithfear é a úsáid go rialta go ndéanfar é a chothú agus a thabhairt chun cinn. Tá fairsingiú tagtha ar an tuiscint nua-aimseartha a bhaintear as an litearthacht agus cuimsítear anois ann limistéir cosúil le litearthacht dhigiteach, teaghlach litearthacht, litearthacht chomhshaoil agus eicilitearthacht, litearthacht airgeadais, litearthacht sláinte, litearthacht mheán agus litearthacht uimhriúil. D’fhéadfaí a mheas go gciallaíonn an litearthacht gach ceann de na scileanna bunúsacha a bhaineann le léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic agus teicneolaíocht anuas ar an muinín a bheith as a n-úsáid. Ba cheart caitheamh le litearthacht i gcomhthéacs na folláine pearsanta, mothúchánaí, sóisialta agus síceolaíche a sholáthraíonn sé.

I ndiaidh anailís a dhéanamh ar bhreis agus 2,000 rannchuidiú agus aighneacht a cuireadh faoi bhráid an phróisis chomhairliúcháin don straitéis seo, luadh go raibh an litearthacht ríthábhachtach maidir le roinnt gnéithe den saol laethúil, agus tugtar achoimre orthu siúd i bhFíor 3.

Fíor 3: Litearthacht Fheidhmiúil

Saol an Teaghlaigh An mhuinín agus an cumas a bheith ag duine scéal am codlata a léamh, cabhrú le hobair bhaile matamaitice, Béarla nó Gaeilge, nó fiú foirm a líonadh a theastaíonn chun clárú nó rollú i scoil.	Infhostaitheacht Fógraí poist a léamh, iarratais a líonadh, bheith in ann cuardach d’fholúntais, iarratas a dhéanamh ar líne agus cumarsáid shoiléir a dhéanamh in agallaimh.
Sláinte Mhaith Coinne leantach a shocrú le do dhochtúir ar líne, an lipéad ar bhuidéal cógais a léamh agus an aiste bia agus an stíl mhaireachtála a thuiscint a theastaíonn le bheith sláintiúil.	Post a Choinneáil Bheith in ann comharthaí sábháilteachta a léamh ag an obair, ríomhphoist a sheoladh, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh, oibriú leis an teicneolaíocht agus í a úsáid agus tabhairt faoi chruinnithe ar líne.
Maireachtáil go Sábháilte Bheith in ann rabhaidh agus treoracha sábháilteachta a thuiscint, cásanna a thuiscint chun breithiúnais agus cinntí fónta a dhéanamh.	Siopadóireacht Bheith in ann siopadóireacht a dhéanamh agus rudaí a cheannach ar líne, do chearta agus teidlíochtaí tomhaltóra a bheith ar eolas agat, measúnú a dhéanamh ar luach ar airgead.
Seirbhísí Teacht ar sheirbhísí Rialtais agus ar sheirbhísí eile ar líne a theastaíonn. Cearta agus cáilitheacht a thuiscint, bheith in ann iarratas a dhéanamh ar líne, an fhianaise riachtanach a sholáthar, déileáil le comhfhreagras leantach agus gearán a dhéanamh faoi sheirbhís ar chaighdeán íseal.	Scileanna Nua Bheith in ann scileanna nua a fhoghlaim ar líne, measúnuithe ar líne a dhéanamh, teoiric a léamh agus obair chúrsa a dhéanamh mar chuid de chúrsa.

4 An ÁNLA, ‘Litearthacht Anois’ (‘Literacy Now’) 2020, lch 8.

Airgeadas

- Airgeadas a bhainistiú, buiséadú éifeachtach a dhéanamh, billí a íoc, Uathmhaisín Bainc agus baincéireacht ar líne a úsáid, teacht ar sheirbhísí bunriachtanacha airgeadais agus bheith in ann camscéim a shainaithint.

Slándáil

- Bheith in ann fioscaireacht a shainaithint, d'eolas agus sonraí pearsanta a chosaint agus foirmeacha eile de chamscéimeanna, spriocdhíriú agus ionramháil ar líne a sheachaint.

Pobal

- Cabhrú le daoine foghlaim conas maireachtáil le chéile, na scileanna teanga agus sóisialta a bheith acu le comhtháthú lena bpobail, bheith sláintiúil agus go mbíonn ag éirí go maith leo, gan aird ar a gcúlra geilleagrach, sóisialta nó cultúrtha.

Digiteach

- An teicneolaíocht a bheith acu agus bheith in ann í a úsáid chun go leor de na feidhmeanna a dtugtar cuntas orthu thuas a dhéanamh. Teach ar nuacht agus ar eolas, ríomhphost, na meáin shóisialta agus uirlisí eile a úsáid le hidirghníomhú le daoine eile.

Bearnaí sa litearthacht – ar féidir leo baint le léitheoireacht, scríbhneoireacht, scileanna matamaiticiúla nó digiteacha – srianta praiticiúla a chur ar dhul i ngleic leis an saol laethúil agus d'fhéadfaidís daoine a dhíspreagadh ó bheith rannpháirteach ina bpobail agus a gcumas pearsanta a fhorbairt. B'fhéidir go gcuirfidís bac ar dhul chun cinn daoine fásta i dtaobh oibriú i dtreo cáilíochtaí a bhaint amach, agus cuireann seo faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh post iad dá bharr.

Nuair a bhíonn scileanna níos fearr ag daoine, is féidir leo deiseanna fostaíochta nua agus níos fearr a lorg, go háirithe de réir mar a leanann margaí post ag teacht chun cinn.

Ceadaíonn scileanna láidre litearthachta do dhaoine aonair idirchaidreamh a dhéanamh go héifeachtach le hinstiúidí poiblí, teacht ar sheirbhísí poiblí, eolas nua agus athruithe beartais a thuiscint agus gníomhú ina leith, an teicneolaíocht a úsáid nó tacú leo féin agus a bpobail maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dá saol. Imríonn sé tionchar ar limistéir na saoránachta gníomhaí, cosúil leis an dóchúlacht chun obair dheonach a dhéanamh nó vóta a chaitheamh, agus imríonn sé tionchar ar ár n-iontaoibh, ar an iomlán, in instiúidí.

Imríonn litearthacht tionchar mór ar chaighdeán na beatha agus ar fholláine dhuine aonair. D'aithin an Rialtais an tábhacht a bhaineann le folláine agus tá creat folláine tosaigh á forbairt. Bealach é seo le dearcadh cuimsitheach iomlánaíoch a chruthú dá fheabhas atá ag éirí le hÉirinn, i dteannta na n-uirlisí tomhais gheilleagraigh atá ann faoi láthair. Úsáidfear é ar fud an Rialtais le himeacht ama chun eolas a chur ar fáil do cheapadh beartas, a chuirfidh leis na huirlisí reatha a úsáidtear chun anailís beartais a dhéanamh. Tá ceangail láidre ag an straitéis litearthachta d'aosaigh 10 mbliana nua seo leis an gcur chuige uile-Rialtais i leith folláine agus le feabhas a chur ar thorthaí folláine duine aonair le himeacht ama.


Is féidir litearthacht fheidhmiúil a léiriú sa chreat coincheapúil seo a leanas a chruthaigh an ÁNLA leis na fearainn éagsúla litearthachta a shainiú agus conas a imríonn siad tionchar ar an duine aonair.⁵

**An méid a chiallaíonn
litearthacht, dar liomsa**

*“Úsáid laethúil, cosúil le
billí a íoc agus íocaíochtaí
eile a dhéanamh.”*

5 Chun teacht ar bhreis sonraí, féach <https://www.nala.ie/publications/literacy-impact/>, lch 17; 21.

Fíor 4: Príomhfhearainn Litearthachta d'Aosaigh



1.4 Litearthacht i gComhthéacs: Éire agus an AE


Léiríodh meas in Éirinn riamh anall ar an oideachas agus ar an gceart atá ag gach saoránach teacht ar oideachas. Tugadh treochtaí dearfacha faoi deara le roinnt blianta anuas i dtaobh daonra ar ar cuireadh ardoideachas a chruthú, agus tá laghdú mór tagtha ar rátaí luathfhágáilthe scoile agus tá leibhéil rannpháirtíochta in ardoideachas ag dul i méid an oiread sin gurb ionann iad agus na leibhéil is airde ar fud an ECFE. Cheadaigh seo d'Éirinn cáil idirnáisiúnta a fhorbairt do lucht saothair oilte, ar minic go luaitear gur príomhthoisic é i dtaobh infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh.

Léirítear é seo i measúnuithe ar chumas litearthachta agus uimhearthachta a dhéantar ar scoláirí ar aois scoile in Éirinn. Titeann an Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) an ECFE amach gach trí bliana agus déanann sé a thomhas a fheabhas a éiríonn le scoláirí 15 bliana d'aois i dtrí limistéar: léitheoireacht, matamaitic agus eolaíocht. Deimhníodh an méid seo a leanas maidir le hÉirinn sa mheasúnú deireanach in 2018:

- Bhain Éire an 4ú háit amach as 36 tír an ECFE agus an 3ú háit as 27 tír an AE i dtaobh litearthacht léitheoireachta (agus an 8ú háit as 77 tír/réigiún a bhí rannpháirteach in PISA).
- Bhí i bhfad ní ba lú scoláirí in Éirinn nár éirigh chomh maith sin leo (11.8% faoi leibhéal 2) agus bhí i bhfad ní ba mhó scoláirí in Éirinn ar éirigh ní b'fhearr leo (12.1% ar leibhéal 5 agus 6) ná meánleibhéal an ECFE i dtaobh litearthacht léitheoireachta.
- Bhain Éire an 16ú háit amach as 37 tír an ECFE agus an 21ú háit as 78 tír/réigiún rannpháirteach sa mhatamaitic, agus bhí líonta ní b'ísle ná an meánlíon de scoláirí sa tír nár éirigh chomh maith sin leo.

Is éagsúil atá leibhéil chumais an daonra daoine fásta in Éirinn ó thorthaí dearfacha PISA, áfach. Is éard a bhaineann leis an gClár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (an CMIIA) ná suirbhé tréimhsiúil cuimsitheach ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a dhéanann an ECFE a chomhordú. Tugadh faoi shuirbhé deireanach an CMIIA i rith 2012.⁶ Tugtar léargas ginearálta i bhFíor 5 ar thorthaí an tsuirbhé d'Éirinn:

Fíor 5: Torthaí an CMIIA 2012




Tá geilleagar in Éirinn a bhfuil dul chun cinn teicneolaíochta déanta aige agus a bhaineann tairbhe as tionscal bunaithe “teic”. Éiríonn go tréan le hÉirinn faoi roinnt méadrachta san

⁶ Tá chéad suirbhé cuimsitheach eile an CMIIA ródhlite anois agus cuireadh moill air gheall ar phaindéim COVID-19.

Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI), agus rangáíodh an tír sa 6ú háit in 2020 san Eoraip i measc réimse critéar, nascacht, caipiteal daonna, úsáid seirbhísí idirlín, teicneolaíocht dhigiteach agus seirbhísí poiblí digiteacha a chomhtháthú. Tá feabhas tagtha freisin ar shuíomh coibhneasta na hÉireann le blianta beaga anuas, agus tugadh an tír aníos ón 8ú háit in 2018. I gcodarsnacht ghéar leis sin, áfach, tugann díreach 47% den daonra daoine fásta le fios nach raibh ar a laghad scileanna bhunúsacha acu. Taispeánann sonraí an POS freisin cé go n-úsáideann 79% de dhaoine an t-idirlíon gach lá, níor úsáid 8% de dhaoine é riamh. De réir figiúirí a d'eisigh Eurostat le déanaí, níor úsáid breis agus 43% de dhaonra an AE-27 idir aois 65 agus 74 bliain an t-idirlíon le 3 mhí anuas. Ar an ábhar sin, bhí dóchúlacht trí huaire ní ba mhó ann nár úsáid daoine aois 65-74 bliain an t-idirlíon i gcomparáid le gach duine fásta idir 16 agus 74 bliain d'aois. Cruthaíonn an deighilt dhigiteach seo atá ag teacht chun cinn dúshlán suntasach nuair a chuirtear san áireamh go mbaineann rithábacht níos mó i gcónaí le cumas bunúsach digiteach chun páirt a ghlacadh sa tsochaí agus sa mhargadh saothair.

Cé go ndearnadh an anailís dheireanach chuimsitheach ar leibhéil litearthachta agus uimhearthachta in Éirinn beagnach deich mbliana ó shin (2012), tugann anailís atá ag teacht chun cinn a rinne an ECFE le fios go leanann na saincheistanna seo a bheith i gceist i gcónaí. Faoi mar a leagtar amach i bhFíor 6, deimhnítear i dtuarascáil a foilsíodh le déanaí 'Dearcadh Scileanna an ECFE 2021: Éire' nuair a chuirtear gnóthachtáil litearthachta an chohóirt daoine aonair a bhí ina scoláirí 15 bliana d'aois 2000 agus ina ndaoine fásta 26-28 bliain d'aois in 2012 i gcomparáid, tháinig laghdú 3 phointe ar ghnóthachtáil litearthachta in Éirinn ar scála an CMIIA, agus cuirtear seo i gcodarsnacht le meánbhorradh 13 phointe i measc thíortha an ECFE. Ba é leibhéal inniúlachta litearthachta an chohóirt scoláirí in Éirinn a bhí 15 bliana d'aois in 2000 279 pointe ar scála an CMIIA, arbh ionann sin agus os cionn mheánleibhéil 268 pointe an ECFE. I measc daoine aonair ar thug a dtuismitheoirí faoi oideachas treasach, bhí gnóthachtáil litearthachta ag aois idir 26 agus 28 bliain cosúil leis an leibhéal litearthachta ag aois 15 bliana; ba é meánbhorradh an ECFE 14 phointe. I measc daoine aonair nár thug a dtuismitheoirí faoi oideachas treasach, bhí laghdú 6 phointe tagtha ar ghnóthachtáil litearthachta ag aois idir 26 agus 28 bliain, i gcomparáid leis an leibhéal litearthachta ag aois 15 bliana; ba é meánbhorradh an ECFE 10 bpointe.

Fíor 6: Borradh ar ghnóthachtáil sa litearthacht idir 15 agus 27 bliain d'aois, de réir tíre



Nóta: Eagraítear tíortha de réir leibhéal ardaitheachare gnóthachtála i measc daoine 15 bliana d'aois. Tá difríochtaí idir aois 15 agus aois 26-28 nach mbaineann tábhacht staitistiúil leo ar an leibhéal 5% marcáilte i ndath níos éadroime. Léirítear scóir léitheoireachta PISA i scóir litearthachta an CMIIA, de réir nós Borgonovi et al. (2017) agus bunaithe ar na modhanna a luaitear i mBosca 3.1. Tá seiceálacha daingne agus torthaí ar uimhearthacht ar fáil sna táblaí forlíontacha ar líne do Chaibidil 3. Féach Tábla 3.A.1 san larscríbhinn. Níor bhain an Ríocht Aontaithe agus an Ísiltír riachtanais an ráta íosta freagartha amach i suirbhé 2000 PISA. D'eascair an measúnú as eolas a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil a thug le fios gur dhóchúil gur bheag claontacht freagartha a bhí ann. Níor chuir an Ísiltír aon eolas cosúil leis sin ar fáil. Déantar tagairt i sonraí PISA don tSile agus don Ghréig don bhliain 2003. Déantar tagairt i sonraí an CMIIA don tSile, an Ghréig, Iosrael agus an Nua-Shéalainn don bhliain 2015. Déantar cur síos ar conas a ríomhadh scóir chomhardachta idir scór idir PISA agus an CMIIA i mbosca 3.1 na tuarascála.


*Sa CMIIA, ní thagraíonn sonraí don Bheilg ach d'Fhlóndras agus tagraíonn sonraí maidir leis an Ríocht Aontaithe do Shasana agus do Thuaisceart Éireann i gcomhar le chéile. Is é scór ábhartha measta an CMIIA do phobal Pléimeannach na Beilge sa CMIIA 2000 282 agus is é an difríocht scóir an CMIIA idir daoine 15 agus 27 bliain d'aois 12 pointe.

**Áirítear leis na sonraí don Ghréig líon mór cásanna (1,032) ina dtugtar freagairtí don cheistneoir cúlra ach ina bhfuil freagairtí ar an measúnú ar lár. Rinneadh scóir inniúlachta a mheas do na freagairtí seo bunaithe ar a bhfreagairtí don cheistneoir cúlra agus don tsamhail daonra a úsáidtear le luachanna inchreidte a mheas d'fhreagairtí atá ar iarraidh de réir dearaidh a deimhníodh as an bhfuilleach 3,893 cás.

Foinse: An ECFE (2000), bunachar sonraí PISA 2000; <https://www.oecd.org/pisa/data/database-pisa2000.htm>; an ECFE (2003), bunachar sonraí PISA 2003; <https://www.oecd.org/pisa/data/database-pisa2003.htm>; OECD (2012), (2015), bunachair sonraí an tSuirbhé ar Scileanna Daoine Fásta (an CMIIA); <http://www.oecd.org/skills/piaac/publicdataandanalysis/>.

Neartaíonn sonraí ón POS é seo freisin, a leagtar amach i bhFíor 7, ina léirítear go bhfuil breis agus 400,000 duine ann faoi láthair a bhfuil cáilíocht bainte amach acu atá níos ísle ná Leibhéal 4 DCCÉ (i.e. an Ardteistiméireacht nó a chomhionann).⁷ Ar an rud is suntasaí, tá 52% den chohórt seo fostaithe faoi láthair, a leagann an bhéim ar an ngá atá le tacaíocht oideachais agus litearthachta a chur ar fáil sa lucht saothair, le scileanna a sheasfaidh an aimsir a dhéanamh de scileanna do na hathruithe ar dhomhan na hoibre atá i bhfeidhm cheana féin.

Fíor 7: Daoine in Aois Oibre a bhfuil Cáilíocht Níos Ísle ná Leibhéal 4 DCCÉ bainte amach acu




Má ghlactar leis go bhfuil easnaimh litearthachta agus uimhearthachta an CMIIA a deimhníodh in 2012 i gceist go fóill agus má dhéantar seo a chur i láthair le bileog eolais tíortha an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (an CEDEFOP) d'Éirinn, tugann sé le fios go meastar gurb ionann an sciar den daonra daoine fásta in Éirinn a dteastaíonn uasoiliúint fhéideartha uathu ar scileanna litearthachta éagsúla agus idir 35% agus 46% den daonraiomlán atá idir 25 agus 65 bliain d'aois. B'fhéidir go dteastaíonn tacaíochtaí ó idir 0.9 milliún agus 1.2

⁷ Foinse: Bunaithe ar an tSuirbhé ar an Lucht Saothair (ISCED 0-2); baineann sé leo siúd 25-64 bliain d'aois a bhain cáilíocht amach atá níos ísle ná Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Oideachais (ISCED) 2 (arb ionann sin agus níos ísle ná leibhéal 4 DCCÉ), Ráithe 2 2019, (slánaítear figiúirí); Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (ESTAT), (<https://ec.europa.eu/eurostat>) (URL: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/LFSI_EDUC_Q_H__custom_1192640/default/table?lang=en); agus https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/LFSQ_IGAED__custom_1192470/default/table?lang=en; cód sonraí ar líne: LFSQ; An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2019) Tuarascáil Théamach ar Ghnóthacháil Oideachais.

milliún duine fásta in Éirinn sa raon aoise seo le tascanna laethúla, anuas ar go leor daoine eile atá níos sine ná 65 bliain. Sholáthair an CEDEFOP anailís bhreise ar an easnamh scileanna coibhneasta i gcomparáid le piaraí Eorpacha a thugtar chun solais i bhFíor 8. Chuir an obair seo eolas ar fáil d'fhreagairt na hÉireann do Mholtaí na Comhairle Eorpaí ar Chonairí Uasoiliúna, clár ar fud an AE, a bhfuil mar chuspóir aige cabhrú le daoine fásta leibhéal íosta de scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a fhoghlaim le dul chun cinn i dtreo cumas breise a fhorbairt a chumasú.⁸

Fíor 8: Leitheadúlacht scileanna ísle ina measc siúd 25-64 bliain d'aois



Foinse: An CEDEFOP (2020). Bileog eolais tíortha an CEDEFOP: Éire - Daonra daoine fásta ar féidir leo tabhairt faoi uasoiliúint agus athoiliúint. https://www.cedefop.europa.eu/files/ireland_country_factsheet.pdf

Nuair a chuirtear san áireamh gur cuid mhór den domhan digiteach é eolas téacsbhunaithe agus uimhriúil, braitheann teacht ar an domhan sin ní hamháin ar scileanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ach ar inniúlacht bhunúsach freisin i litearthacht agus uimhearthacht. I bhfríotal eile, d'fhéadfadh go léireofaí sa deighilt dhigiteach freisin deighilt litearthachta agus uimhearthachta.⁹

1.5 Oiriúnú do Thimpeallacht atá ag Teach chun Cinn go Mear

Anuas ar gheilleagar digiteach atá ag teacht chun cinn cheana féin, bhí paindéim COVID-19 in 2020 agus 2021 ina cúis le tréimhse de chur isteach geilleagrach agus sochaíoch nach raibh coinne leis. Tá athrú ó bhonn tagtha ar an mbealach a oibrímid, a dhéanaimid gnó,

⁸ An CEDEFOP (2020). Bileog eolais tíortha an CEDEFOP: Éire - Daonra daoine fásta ar féidir leo tabhairt faoi uasoiliúint agus athoiliúint. https://www.cedefop.europa.eu/files/ireland_country_factsheet.pdf

⁹ Scileanna Tábhachtach ('Skills Matter') an ECFE: torthaí breise ón suirbhé ar scileanna daoine fásta, Staidéar ar Scileanna an ECFE, Foilsiú an ECFE, (2016) Páras.

a fhoghlaimimid agus fiú an bealach a idirghníomhaímid lena chéile, agus athruithe iad a fhágfaidh leagáid mharthanach fiú tar éis go mbaintear na srianta a cuireadh i bhfeidhm sa phaindéim. Tugadh cur chuige an-nuálach isteach le leanúint ag tacú le foghlaimeoirí agus le hiad a choimeád gafa, agus le seirbhísí bunriachtanach poiblí a choimeád ar fáil. Mar shampla, tugadh borradh suntasach faoi deara anuraidh ar an nglacadh leis an Ríomhaitheantas Náisiúnta (MyGovI), a d'éascaigh ollsoláthar roinnt seirbhísí ar líne, Ceadúnas Tiomána a Athnuachan agus iarratais ar an Scéim Cúram Leanáí Náisiúnta. De bhreis air sin, rinneadh foinse údarásach d'eolas rialtais de thairseach gov.ie an rialtais, i dtaobh na freagartha náisiúnta san áireamh don phaindéim.

In ainneoin na dtairbhí dearfacha seo a eascraíonn as claochlú digiteach, áfach, níl amhras ar bith ann ach ba iad na daoine ba mhó a bhí imeallaithe sa tsochaí ba mhó a bhí thíos le haistriú chuig domhan go hiomlán digiteach ar líne. I mBreisoideachas agus Oiliúint (BOO), tá laghdú tagtha ar leibhéil rannpháirtíochta agus deimhniúcháin príomh-spriocghrúpaí, agus cuireann an t-aistriú chuig foghlaim ar líne teorainn ar an tacaíocht shaincheaptha is féidir a sholáthar chun freastal ar riachtanais litearthachta agus uimhearthachta. Tharla seo go léir, dar ndóigh, ag am nuair a bhí gá práinneach leis go mbeadh gach duine inniúil ó thaobh cúrsaí digiteacha. Luaigh an ÁNLA go bhfuil tionchar domhan digiteach COVID 'a brúdh orainn' á thabhairt faoi deara againn i suirbhé a rinneadh le déanaí a thugann le fios nár úsáid 8% de dhaoine fásta an t-idirlíon riamh, anuas ón 11% a luaigh an POS in 2019. Tá fianaise ag teacht chun cinn freisin go bhfuil níos mó úsáide á baint as seirbhísí rialtais ar líne, agus tá roinnt fianaise ann freisin go bhfuil ag streachailt ar chohórt oiriúnú don mhodh seo de sholáthar seirbhíse mar gheall ar easpa scileanna.¹⁰

Thug an ÁNLA méadú 73% faoi deara ar an líon glaonna a cuireadh ar a líne chabhrach eolais i rith 2020. Tá na saghsanna tacaíochta atá á n-iarraidh ag éirí níos ilchineálaí, cabhair shonrach san áireamh le treoir COVID-19 a thuiscint agus an teicneolaíocht a úsáid go leanfar de bheith ceangailte.

Caithfidh an straitéis conair a chur i bhfeidhm, ar an ábhar sin, chun foghlaimeoirí fásta a spreagadh chun gnímh agus a aimsiú athuair ina gcuirtear an díobháil a rinne tacaíocht agus seirbhísí teoranta agus an "réadúlacht nua" a bheidh romhainn nuair a thagann deireadh leis na héifeachtaí is measa den phaindéim.

Bhí na hathruithe a chruthaigh COVID-19 ag titim amach cheana féin ar go leor bealaí mar gheall ar athrú teicneolaíochta: freastal ar riachtanais thodhchaí an domhain oibre agus díriú uileghabhálach ar spriocanna forbartha inbhuanaithe ar leibhéal náisiúnta, Eorpach agus domhanda. Ag Féachaint chun cinn i gcaitheamh shaolré na straitéise, a fhaide le 2030, teastaíonn uainn breithniú a dhéanamh ar conas is féidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach d'aoisigh na scileanna a thabhairt do dhaoine na héilimh seo amach anseo a shásamh. Mar shampla:

10 Fuair breis agus cúigear as deichniúr (53%) úsáideoirí idirlín ó láithreáin ghréasáin nó aipeanna údarás poiblí/seirbhísí poiblí, ar méadú 3 phointe céatadáin é seo aníos ó 2019. Tháinig méadú freisin ar an méid foirmeacha oifigiúla a rinneadh a íoslódáil nó a chur i gcló agus ar an méid foirmeacha oifigiúla a seoladh ar aghaidh freisin. Thug leath (50%) na n-úsáideoirí idirlín le fios go ndearna siad foirmeacha oifigiúla a íoslódáil/a chló (is méadú 2 phointe céatadáin é seo i gcomparáid le 2019), agus sheol 63% foirmeacha ar aghaidh ar líne, ar méadú 3 phointe céatadáin é seo aníos ó fhigiúirí 2019. Iarradh ar fhreagróirí nár sheol foirmeacha oifigiúla líonta ar líne na cúiseanna a thabhairt nach ndearna siad é sin: Thug 5% le fios gur chuir easpa scileanna nó eolais srian orthu teacht ar an tseirbhís seo.

- D'fhoilsigh Éire **Clár Forbartha Inbhuanaithe** ina bhfuil 17 sprioc ina gcuimsítear bochtaineacht agus athrú aeráide agus forbairt bonneagair agus an tionscal. Foilsítear pleananna um chur i bhfeidhm i dtimthriallta 3 bliana chun cur chuige uile-Rialtais i leith soláthair a chur ar fáil. Cumhdaítear ann seo an prionsabal “tús áite dóibh siúd is mó atá thíos leis”, prionsabal a fhorbróidh sochaí níos comhionainne, níos athléimní agus níos sásta.
- Áirítear le tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh a fhaide le 2024 **an Comhaontú Glas don Eoraip**, todhchaí dhigiteach, geilleagar a oibríonn do dhaoine, agus daonlathas Eorpach a chur chun cinn agus a neartú. Tá saol daoine á athrú ag an teicneolaíocht dhigiteach agus tá an rithabhacht chéanna ag baint, de réir a chéile, le bheith ábalta teacht ar an teicneolaíocht seo agus í a úsáid agus a bhaineann leis an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht. Tá mar chuspóir ag Straitéis Dhigiteach an AE go n-oibreoidh an claochlú seo ar son daoine agus gnólachtaí agus go gcabhróidh sé i gcomhthráth lena sprioc a bhaint amach go mbeidh an Eoraip neodrach ó thaobh aeráide de faoin mbliain 2050.
- Compás Digiteach 2030 an Choimisiúin Eorpaigh: Leag an Coimisiún Eorpach spriocanna amach do **an Eoraip atá cumasaithe ó thaobh cúrsaí digiteacha** faoin mbliain 2030. Is iad na ceithre phríomh-sprioclimistéar: daonra ag a bhfuil scileanna digiteacha, bonneagair shlána agus inbhuanaithe, claochlú digiteach ar ghnólachtaí, agus seirbhísí poiblí a dhigitíú. Is é an príomhrud a chumasaíonn ‘Compás Digiteach 2030’ a chur i bhfeidhm ná a chinntiú go mbíonn bunscileanna ag 80% de dhaoine fásta. Bheartaigh an Coimisiún freisin chun Acht **Seirbhísí Digiteacha** a thabhairt isteach chun tacú leis seo.
- Rinne an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil **an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin ón AE** a thrasú i Meán Fómhair 2020. Ceanglaítear i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí), 2020 ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go mbíonn a láithreáin ghréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibíleacha inrochtana ag cách agus, go háirithe ag daoine faoi mhíchumas.
- Leagtar amach i **gColún Eorpach na gCeart Sóisialta** 20 prionsabal agus ceart bunriachtanach i limistéir na gcomhdheiseanna agus na rochtana ar an margadh saothair, dálaí cothroma oibre, agus na coimirce agus an ionchuimsithe shóisialta. Caitear leis mar chompás do phróiseas athnuaite de choinbhéirseacht aníos i dtreo dálaí oibre agus maireachtála níos fearr san Aontas Eorpach.
- Ar deireadh, cinntíonn **Cairt Shóisialta na hEorpa** (CSE) go mbíonn réimse fairsing cearta laethúla a bhaineann le fostaíocht, tithíocht, sláinte, oideachas, coimirce shóisialta agus leas do shaoránaigh an AE. Leagtar béim sa CSE ar dhaoine leochaileacha a chosaint, cosúil le daoine breacaosta, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus imircigh. Ceanglaítear ann gur gá a chinntiú go mbaintear taitneamh as na cearta seo gan idirdhealú. Tagann scileanna bunúsacha

litearthachta agus an cumas chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa mhargadh faoi chuimsiú shainchúram an CSE.

Teastóidh straitéis athléimneach sholúbtha, atá bunaithe ar aistrithe cothroma, digiteacha agus glasa do chách chun dul i ngleic le héilimh litearthachta d'aosaigh na hÉireann. Caithfear forbairtí sochaíocha – cosúil le díriú ar fholláine fhoriomlán, domhandú, uirbiú, athrú aeráide agus déimeagrafaic an aosaithe – a chur san áireamh. Idirghníomhóidh iad seo i dteannta meigithreochtaí, slabhraí domhanda athchumraithe luacha, intleacht shaorga, róbataic agus nanaitheicneolaíocht, teicneolaíocht chliste uathobrithe, olltiomsú sonraí agus réaltacht bhreisthe agus fhíorúil ina measc. Imreoidh na meigithreochtaí seo tionchar ar ghníomhaíocht agus ar bhorradh geilleagrach, an timpeallacht nádúrtha agus folláine agus sláinte shóisialta. Imeoidh go leor post, ina bhfoirm reatha, as feidhm. Beidh gá ann tabhairt faoi uasoiliúint agus athoiliúint go leanúnach chun ábharthacht scileanna duine a chothú, agus déanfar réamhriachtanas de litearthacht dhigiteach do gach ról ar fud gach tionscail. Tá limistéir atá chomh fairsing le cúram sláinte, na meáin agus seirbhísí airgeadais á n-athrú ó bhonn i láthair na huaire ag an teicneolaíocht, agus tá páirt lárnach ag ceann díobh i straitéis chomhtháite agus inbhuanaithe don litearthacht.

Caithfidh an straitéis nua seo cur le cabhrú le hÉirinn agus a foghlaimeoirí fásta a gcosa a thabhairt leo ó phaindéim COVID-19 agus neart agus athléimneacht bhreise acu. Caithfidh sé tionchar a imirt ar conas a thacaímid leis na bunscileanna agus an bunchumas a chuirfidh ar chumas daoine aonair páirt ghníomhach a ghlacadh sa domhan amach anseo, anois agus amach anseo. Caithfear breithniú a dhéanamh ann ar conas a fhreagróidh an cur chuige litearthachta don timpeallacht seo atá ag teacht chun cinn i gcónaí.

1.6 An Tírdhreach Tacaíochta

Is iomaí gné atá sa tírdhreach reatha tacaíochta don litearthacht. Teastóidh rannpháirtíocht i measc an rialtais, an gheilleagair agus na sochaí ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun aidhmeanna na straitéise litearthachta a bhaint amach. Tá go leor ranna rialtais an-bhainteach cheana féin i saincheisteanna a bhaineann leis an litearthacht, agus tá tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil don phobal, a sholáthraítear trí ghníomhaireachtaí reachtúla agus trí chomhpháirtíochtaí le eagraíochtaí agus líonraí áitiúla pobalbhunaithe. De bhreis air sin, is iomaí “pointe teagmhála” inaitheanta atá ann ar fud an réimse seirbhísí rialtais ina bhfuil deis ar fáil do dhuine aonair comhairle thosaigh a fháil agus go n-atreorófar iad chuig tacaíochtaí litearthachta níos díri. Leagtar amach réimse de chuid de na príomh-mheicníochtaí, trína soláthraítear tacaíochtaí litearthachta ar an talamh, anuas ar “pointí teagmhála” na bpríomhsheirbhísí amach i bhFíor 9.

Fíor 9: Príomh-Mheicníochtaí na Tacaíochta Litearthachta

Oideachas


- BOOanna
- ÁNLA
- Soláthraithe Oideachais Pobail

Sláinte agus Teaghlach

- Ionaid Acmhainní Teaghlaigh
- Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail
- DGanna
- Cógaslanna

Eolas

- Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle
- Leabharlanna
- Tionscnaimh Litearthachta Meán an BAI



Digiteach

- Leathanbhanda a thabhairt isteach, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda san áireamh
- Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh
- MyGov.ie
- Pointí Ceangail Straitéiseacha

Community Development

- SICAP Funded Partnership Companies & Bodies
- Local authorities
- Community Services Programme
- Sporting associations

Fostaíocht


- Intreo
- EmployAbility
- Scéimeanna Tacaíochta san Ionad Oibre
- Fostóirí
- Ceardchumainn

Déantar plé níos mionsonraithe ar gach ceann de na meicníochtaí tacaíochta seo in Aguisín A.

1.7 Bacainní roimh Rannpháirtíocht


Cé gur soiléir go bhfuil go leor gníomhaireachtaí, tacaíochtaí agus infheistíochtaí móra ann cheana féin atá dírithe ar ionchuimsiú litearthachta, saincheisteanna níos fairsinge comhtháthaithe shóisialta agus folláine, tugann an leitheadúlacht leanúnach neamhionannais ina leith seo le fios go bhfuil bacainní roimh rannpháirtíocht go fóill. Sainaithníodh in Ollsuirbhé Vótála Cliste Ipsos, faoinar thug Amárach i rith céim thaighde don straitéis seo gurb é náire/stiogma sóisialta an bhacainn is ríthábhachtaí a chuireann cosc ar dhaoine ó theacht ar na tacaíochtaí a theastaíonn uathu (faoi mar a léirítear i bhFíor 10).

Fíor 10: Bacainní roimh Thacaíocht Litearthachta



Léiríodh freisin sa cheistiú a rinne an suirbhé ar fheasacht daoine a raibh ag streachailt leo sna limistéir seo i leiththeadúlacht na riachtanas litearthachta d'aosaigh nár freastalaíodh orthu ar fud na sochaí – agus na bacainní a chuireann cosc ar dhaoine leas a bhaint as an tacaíocht atá ar fáil. Faoi mar a léirítear i bhFíor 11, bhí aithne ag beagnach an ceathrú cuid d'fhreagróirí ar dhuine (duine muinteartha, cara nó comhghleacaí) a lorg cabhair leis an litearthacht, agus bhí aithne ag beagnach an leath díobh ar dhuine a fuair tacaíocht maidir le húsáid teicneolaíochta. Bhí bonn substainteach breise daoine ann freisin a raibh aithne acu orthu nár lorg cabhair ná cúnamh, go leor daoine san áireamh nár aithin go raibh riachtanas litearthachta acu nár freastalaíodh air.

Fíor 11: Eolas Daoine Muinteartha, Cairde agus Comhghleacaithe a bhíonn ag Streachailt leis an Litearthacht




Cé gur bacainn an-mhór agus an-tábhachtach i measc daoine iad bacainní pearsanta síceolaíocha eagra, náire agus ísealmhuinín, tugtar chun solais sna haighneachtaí i leith na straitéise seo freisin an tábhacht chéanna atá ag bacainní soch-chultúrtha agus geilleagracha. Léirítear freisin go bhfuil bacainní ann i leith rannpháirtíochta i measc daoine faoi chúinsí ar leith, imircigh san áireamh. Thug breis agus 80,000 duine fásta le fios i nDaonáireamh an POS in 2016 nár labhair siad an Béarla go maith, agus níorbh fhéidir le 6,376 duine an Béarla a labhairt in aon chor. Tá na figiúirí seo i bhfad níos airde ná na líonta a bhfuil tacaíochtaí teanga Béarla á bhfáil acu ó BOO, a thugann le fios go bhféadfadh bacainní a bheith ann i leith an chabhair a theastaíonn uathu a fháil.

Tá limistéar breise den litearthacht, ar minic go dtugtar neamhaird air, i measc iad siúd atá ag tabhairt faoi oideachas agus oiliúint níos airde (e.g. cúrsaí ar Leibhéal 5 agus níos airde sa bhreiseoideachas agus ardoideachas agus i bPrintiseachtaí) agus iad siúd atá fostaithe cheana féin. Léirítear i dtuarascáil na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an ITES) ar litearthacht, uimhearthacht agus gníomhachtú i measc daoine dífhostaithe go ndéanann oiliúint a bhaineann go sonrach leis an obair sa litearthacht agus san uimhearthacht ionchais fostaíochta a mhéadú a mhéid le trí huaire an mheáin. Tá seo ar aon dul leis an gcur chuige ar fud BOO ina ndéantar tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta a chomhtháthú isteach san oiliúint níos fairsinge, seachas é a sholáthar mar idirghabháil aonair. Tá gníomhaíocht mhéadaithe ann freisin chun tacú le riachtanais daoine in ionaid oibre, agus tá príomhidirghabháil Scileanna don Obair¹¹ agus EXPLORE¹² ann chun tacú leis seo. Ní mór níos mó a dhéanamh, áfach, chun feasacht a mhúscailt, riachtanais a shainaithint, rochtain, tacaíocht agus soláthar oideachas a éascú. Léirítear i dtuarascáil eile taighde an ITES ar litearthacht agus uimhearthacht deacrachtaí san ionad oibre Éireannach go bhfuil difreálach pá ann i measc fostaithe a bhfuil riachtanais litearthachta agus uimhearthachta acu.

Deimhníodh ann nach mbaineann an tionchar diúltach pá a imríonn riachtanas uimhearthachta a bheith ag duine ach leo siúd a bhfuil tuilleamh íseal acu. I gcodarsnacht leis sin, is iad fostaithe a bhfuil tuilleamh idir meánleibhéil agus uasleibhéil acu is mó a n-imríonn riachtanas litearthachta a bheith acu tionchar diúltach orthu.

Tugtar le fios freisin gur féidir leis na gníomhaithe iolracha a bhíonn bainteach sa tírdhreach tacaíochta mearbhall a chur ar dhuine óna dteastaíonn tacaíocht agus gur féidir leo gníomhú mar bhacainn i leith rannpháirtíocht tosaigh. Ceistíodh sa suirbhé feasacht ar an tacaíocht atá ar fáil trína fhiafraí de rannpháirtithe cé a ndéanfaidís teagmháil leo chun tacaíocht litearthachta a fháil. Faoi mar a leagtar amach i bhFíor 12, cé go bhfuil eolas ag freagróirí ar na heagraíochtaí tacaíochta éagsúla a d'fhéadfadh cabhrú, bhí éagsúlacht shubstainteach ann i dtaobh na háiteanna ar cheap siad gur fearr iad leis 'an gcéad chéim a chur díobh'. Tugann seo le fios go bhféadfadh cumarsáid agus simpliú maidir leis an áit ar fearr le tosú ann chun teacht ar thacaíocht litearthachta cabhrú le rannpháirtíocht fhoriomlán sna tacaíochtaí seo.

Figure 12: Perceptions of where to seek Literacy Support



11 <https://www.gov.ie/en/service/cb762-skills-for-work-training-courses/>

12 <http://www.regionalskills.ie/explore/>

2. Straitéis Trasrialtais, Tras-Sochaí agus Trasgheilleagair



2.1 An Fhís do Straitéis Uile-Shochaí 10 mBlíana

Cé go bhfuil cumas litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití fite fuaite go dlúth leis an oiread sin gnéithe eile den saol agus den obair, buntacaíonn fíis amháin shimplí leis an straitéis LAS:

Éire ina mbíonn an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach riachtanach ag gach duine fásta le páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus a gcumas a bhaint amach.

Chun rath inbhuanaithe a bhaint amach leis an bhfís seo a fhiosrú teastóidh cur chuige trasrialtais, trasgheilleagair agus tras-sochaí ar féidir leis cabhrú le Éire níos cothroime agus níos ionchuimsithí a chruthú do chách ina mbraitheann gach duine gur féidir páirt a ghlacadh agus bheith bainteach.

Ciallóidh seo go mbeidh níos mó daoine in ann litearthacht iontu féin agus i ndaoine eile a aithint agus go mbeidh a fhios ag gach duine cá féidir leo cabhair a fháil. Ciallóidh sé go dtuigfidh réimse iomlán seirbhísí áitiúla bacainní litearthachta agus go n-oibreoidh siad le chéile lena chinntiú gur féidir riachtanais a shainaithint go tapa agus go ndéantar an fhoghlaím, an tacaíocht agus na seirbhísí cearta a thabhairt le fios láithreach bonn. Ciallóidh sé go dtuigtear na riachtanais éagsúla i measc pobal agus sochaithe agus go bhforbraítear cur chuige saincheaptha chun freastal ar na riachtanais seo. Ciallóidh sé go mbeidh foghlaim agus tacaíochtaí litearthachta ar fáil in ionaid oibre, trí sholáthraithe oideachais agus oiliúna, i bpobail agus trí acmhainní for-rochtana agus ar líne.

Cé go bhfuil dlúthbhaint ag an oideachas leis an bhfís seo a fhíorú, teastóidh ó fhíordhul chun cinn go nglacann gach roinn agus gníomhaireacht Rialtais, pobail (agus na heagraíochtaí a thacaíonn le daoine agus a dhéanann ionadaíocht dóibh), gnólachtaí agus daoine aonair le ról gníomhach chun an fhís seo a fhíorú. Is é an t-athrú is bunúsaí nach mór don straitéis seo a bhaint amach ná cur chuige comhoibritheach comhtháite i measc na ngníomhaithe go léir seo le comhaontú a dhéanamh leis an bplean gníomhaíochta chun athrú a chur chun cinn agus bheith cuntasach as na gníomhartha siúd.

Ba cheart go ndéanfaidh cur chuige comhtháite ilpháirtithe leasmhara den saghas sin fíordhul chun cinn a chumasú i dtaobh an líon daoine fásta in Éirinn a mhéadú a bhfuil na scileanna riachtanacha agus inmhianaithe litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha acu agus dul i ngleic leis an mbun-neamhionannas a chuireann leis na saincheisteanna seo. Buntacóidh cúig phrionsabal threoracha leis an gcur chuige, faoi mar a leagtar amach i bhFíor 13, a chinnteoidh go bhfuil córas ceangailte ann **nach bhfágтар aon duine ar lár ann.**

Fíor 13: Prionsabail Threoracha na Straitéise LAS

Cothromas



A chinntiú go mbíonn teacht cothrom ag gach duine, gan aird ar inscne, láthair, nó tosca eile, ar thacaíocht litearthachta.

Cothroime



Cothroime i ndáileadh tairbhí féideartha na forbartha cumas litearthachta a chinntiú.

Oscailteacht



A chinntiú go bhfuil cinnteoireacht oscailte agus go mbíonn glór iad siúd is mó a ndéantar dífear dóibh bainteach i bpróisis chinnteoireachta.

Cuntasacht



Lena chinntiú go bhfuil ról, faoi seach, soiléir: bíonn seirbhísí bunaithe ar fhianaise, trédhearcach, ar ardchaighdeán agus éifeachtúil.

Inbhuanaitheacht



Feabhas a chur ar chórais gheilleagracha, shóisialta agus chomhshaoil le saol ionchuimsitheach, táirgiúil agus sásúil a chumasú.

Má éireoidh leis an straitéis, bainfear an méid seo a leanas amach:

- Beidh **NÍOS MÓ** daoine fásta ag teacht ar oideachas agus ar thacaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.
- Beidh **NÍOS LÚ** daoine fásta ann a bhfuil riachtanais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití acu nár freastalaíodh orthu.
- Soláthrófar **NÍOS MÓ** oideachas agus tacaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.
- Beidh teacht **NÍOS MÓ** ar sheirbhísí ag daoine fásta a bhfuil riachtanais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití acu nár freastalaíodh orthu.


2.2 Cur Chuige Bunaithe ar Chórais Chomhtháite

Imríonn litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach tionchar trom ar an gcumas chun tabhairt faoi thascanna laethúla, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus ar fholláine fhoriomlán. Ní féidir dul i ngleic leis na saincheistanna díreach trí thacaíochtaí litearthachta agus deiseanna foghlama a sholáthar. Ní féidir dul chun cinn inbhuanaithe a dhéanamh ach

má dhéantar idirghabháil níos fairsinge chomh maith chun tacú le hoideachas, sláinte, daoine muinteartha, airgeadas agus fostaíocht.

Teastaíonn cur chuige comhtháite chun dul i ngleic le litearthacht d'aoisigh go héifeachtach agus go straitéiseach ina bhfuil bearta chun dul i ngleic leis an iomaí toisc eile idirghaolmhar a chuireann neamhionannas chun cinn agus a bhaineann d'fholláine. Beidh sé rithabhachtach go gcinnteofar gur féidir leis an straitéis freagairt do dhúshláin thimthriallacha, pholaitiúla, gheilleagracha agus shochaíocha a thiocfaidh aníos sna chéad 10 mbliana eile amach lena chinntiú go mbíonn an litearthacht riachtanach i measc gach duine in Éirinn chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus a gcumas a bhaint amach. Chun seo a dhéanamh, caithfidh Éire, ar an ábhar sin, glacadh le cur chuige trasrialtais, tras-sochaí agus trasgheilleagair. Caithfear breithniú a dhéanamh ar an straitéis i gcomhthéacs oibriú chun litearthacht idirnasctha a bhaint amach, faoi mar a leagtar amach i bhFíor 14.


Fíor 14: Litearthacht Idirnasctha



Gníomhach	- Is féidir le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu tionchar a imirt ar iontaoibh in éifeachtúlacht pholaitiúil, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibrithe go deonach, agus i stádas sláinte féintuairiscithe. - D'fhéadfadh daoine fásta a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu a bheith níos tugtha ná daoine eile d'eisiamh sóisialta, bochtaineacht, d'fhéadfadh nach nglacann siad páirt chomh mór céanna sa saol cathartha, d'fhéadfadh go bhfuil sláinte níos measa acu, d'fhéadfadh go bhfuil folláine níos lú acu agus nach mbaineann siad an sásamh céanna as an saol.
Inbhuanaithe	Léirítear i gCeathrú Tuarascáil Dhomhanda UNESCO ar Foghlaim agus Oideachas Aosach conas is féidir le foghlaim agus oideachas aosach forbairt inbhuanaithe, sochaithe níos sláintiúla, poist níos fearr agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn.
Sláintiúil	- Léirítear i suirbhé an AE ar Litearthacht Sláinte (2012) go raibh litearthacht theoranta sláinte ag 4 as 10 nduine fhásta. - D'fhéadfadh go dtugann seo le fios nach dtuigeann daoine a riocht agus a gcóireáil go hiomlán, agus go bhféadfadh nach bhfuil siad ag tabhairt faoi scagthástáil sláinte ná ag tabhairt cuairte ar an rannóg éigeandála san ospidéal chomh minic céanna.
Poist	- Deimhníodh sa CMIIA go bhfuil gaol dearfach agus neamhspleách idir inniúlacht litearthachta agus an dóchúlacht go mbíonn pá níos mó á íoc le daoine. Ar an meán, de réir mar a théann inniúlacht duine i méid, is amhlaidh go dtéann an dóchúlacht go bhfostófar iad agus go bhfuil pá níos mó acu freisin. - I gcás fostóirí, nuair a bhíonn riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu ag fostaithe, is deacair teicneolaíochtaí a thabhairt isteach a fheabhsaíonn táirgiúlacht agus bealaí nua oibre a thabhairt isteach.

Teastaíonn freagairtí comhtháite agus forleithne beartais ón straitéis, chomh maith le ceannaireacht agus comhoibriú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. D'ainneoin na n-iarrachtaí a theastaíonn le cur chuige comhoibritheach a leabú, cruthóidh an cheannaireacht idirnasctha sin an cumas eagraíochta bunriachtanach a theastaíonn ó nuálaíocht i gceapadh agus súil a bheith leis na freagairtí agus na freagairtí a fhorbairt a theastaíonn chun dul i ngleic le litearthacht sna deich mbliana amach romhainn.

Fíor 15: Ceannaireacht Idirnasctha



2.3 Cur Chuige Idirnáisiúnta i leith Chomhordú an Chórais

Is casta do chur chuige trasrialtais, tras-sochaí agus trasgheilleagair a cheapadh. Faoi mar a tugadh le fios sa straitéis, áfach, tá Éire ag glacadh leis an gcur chuige seo i bhforbairt beartais níos mó, agus i measc na samplaí a bhí i gceist le déanaí, tá **Plean Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025, an Treochlár d'lonchuimsiú Sóisialta 2020-2025**, agus an **Plean Geilleagrach Náisiúnta** a foilsíodh. Tá samplaí idirnáisiúnta ann freisin den bhealach a d'éirigh le cur chuige comhoibritheach in aghaidh a mhacasamhail de dhúshláin. Tríd an athbhreithniú idirnáisiúnta a rinneadh ar litríocht agus an t-idirchaidreamh le hionadaithe ón Astráil, Sasana, Tuaisceart Éireann agus Albain, sainaithníodh na príomhleideanna seo a leanas don straitéis nua.

Fíor 16: Foghlaim ó Chur Chuige Idirnáisiúnta

Ailíniú	Sainiú	Saineolas
An straitéis litearthachta a ailíniú le straitéisí reatha agus a bheidh ag teacht aníos i limistéir ghaolmhara.	Breithniú a dhéanamh ar chineál casta an neamhionannais agus foirmeacha ar leith de neamhionannas a shainiú (mar shampla, neamhionannas sláinte).	- Tús áite a thabhairt do chaighdeán na múinteoireachta agus an tsaineolais. - Baineann ríthábhacht le speisialtóirí múinteoireachta agus foghlama lena chinntiú go bhfuil foghlaim ionchuimsitheach. - Prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim a leabú i measc na gcóras go léir.

Foghlaim	Cur san áireamh	omhoibriú
- Cláir oiliúna ar líne a sholáthraíonn treoir phraiticiúil faoi conas ba cheart do sheirbhísí poiblí a stiúradh a bheith mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise. - Méadracht shóisialta a ghlacadh laistigh den straitéis, go háirithe i limistéar na foghlama neamhchreidiúnaithe.	- Cinntíonn curaclaim saoránaigh go léirítear riachtanais aon saoránach in aon churaclam a dheartar. - Oiliúint ar mhíchumas don fhoireann go léir. - Ba cheart go mbeadh an straitéis ar fáil i bhformáidí inrochtana.	Cur chuige comhpháirtíochta a úsáid. Aon bhearnaí comhpháirtíochta a shainaithint agus gníomhartha a bheith ann chun dul i ngleic leis na bearnaí seo.

Is féidir leis na creataí reatha agus na córais a forbraíodh ar fud an AE eolas a chur ar fáil freisin don chur chuige i leith comhoibriú Trasrialtais nuair a bhíonn an straitéis litearthachta á soláthar. Mar shampla, ceadaíonn córas Europass do dhaoine aonair an oiliúint, an fhorbairt, an scolaíocht agus na deiseanna oibre go léir a chur i dtaifead a thiteann amach i rith saol duine. Cuirtear dámhachtainí agus éachtaí ón ngníomhaíocht oiliúna seo i gcuntas in aon chóras amháin. Cuireann Clár Erasmus+ torthaí chun cinn i limistéar an idirchaidrimh agus na rannpháirtíochta i suíomhanna sóisialta. Tá suaitheantais dhigiteacha, suaitheantais oscailte agus suaitheantais do rannpháirtíocht á bhforbairt ag an gclár.


2.4 Struchtúir Chomhtháite agus Chomhoibritheacha do Sholáthar na Straitéise

Tá mar chuspóir ag an straitéis a chinntiú, faoin mbliain 2030, nach ndéantar aon duine a fhágáil ar lár, a eisiaimh, a scaradh, a imeallú ná a stiogmatú mar gheall ar bhacainní roimh litearthacht. Tá páirtithe leasmhara iolracha ann ar fud an Rialtais, na sochaí agus an gheilleagair. Cruthaíonn an straitéiseach 10 mbliana deis chun straitéiseach comhtháite comhoibritheach a ghníomhachtú gan castacht bhreisithe a chruthú i líonra dea-bhunaithe tacaíochta.

Tá baint lárnach leis an sprioc seo ag struchtúir éifeachtacha chomhpháirtíochta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil le daoine aonair, pobail, eagraíochtaí pobalbhunaithe, fostóirí agus gnólachtaí, ceardchumann, earnáil an phobail agus an earnáil dheonach, eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí.

Déanann na struchtúir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a leagtar amach i bhFíor 17 agus a phléitear thíos, cur chuige reatha comhoibritheach a ghíaráil. Tacófar leis na struchtúir seo agus feabhsófar iad le tacaíochtaí litearthachta a sholáthar a ndéanfaidh gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus ranna Rialtais an mhaoirseacht chuí straitéiseach orthu.

Fíor 17: Struchtúir Rialachais agus Cur i bhFeidhm na Straitéise LAS



2.4.1 Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais

Following the work of the Inter-Departmental Committee in developing the strategy, a Cross-I ndiaidh obair an Choiste Idir-Roinne ar an straitéis a fhorbairt, bunófar Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais agus déanfaidh an tAire cathaoirleacht air. Cinnteoidh an mhaoirseacht Rialtais seo an méid seo a leanas;All relevant Government policy and actions are aligned across departments, agencies and bodies.

- Tá an beartas agus na gníomhartha Rialtais go léir ailínithe i measc ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí.
- Tá dóthain acmhainní ag an straitéis agus déantar monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn.
- Déantar spriocanna agus gníomhartha cumasaithe a chomhaontú agus a bhaint amach.

2.4.2. An Oifig Cláir agus an Ciste Comhoibrithe

Bunófar Oifig Cláir a oibreoidh mar chomhlacht lárnach comhordaithe ar fud ranna an Rialtais agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. Beidh foireann ag a bhfuil an taithí agus na hacmhainní cuí aige, agus déanfaidh sé comhoibriú agus cur i bhfeidhm foriomlán a chur chun cinn. Tugtar faoi deara sa straitéis an tábhacht a bhaineann leis an earnáil eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith ag oibriú le daoine ar leibhéal áitiúil, agus tábhacht an oideachais, na sláinte, na forbartha pobail agus tacaíochtaí agus seirbhísí rialtais áitiúil chun an cur chuige riachtanach bunaithe ar chórais a leabú i leith dul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu. Leis an bpeirspictíocht iomlánaíoch seo a chinntiú, agus le freagairtí cuí trasialtais agus tras-sochaí a ghíaráil, ba cheart go n-áireofaí leis an Oifig Cláir acmhainní ar iasacht ag a bhfuil saineolas nó róil sna fearainn seo. D'fhéadfadh iasachtaí a bheith i gceist leis seo ó chomhlachtaí cosúil leis an ÁNLA, BOOanna, Pobal, an GBRÁ agus FSS, ar féidir leo iad a nascadh ansin le páirtithe leasmhara laistigh dá 'earnálacha' faoi seach le freagairt chomhordaithe a chinntiú. Beidh an Oifig Cláir freagrach as an méid seo a leanas:

- Plean agus treoirilinte um chur i bhfeidhm foriomlán/ tacaíocht do phleananna réigiúnacha/áitiúla um chur i bhfeidhm a fhorbairt agus a sholáthar.
- Tacú leis an nGrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais
- Tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar na córais tuairiscithe le cuntasacht a chinntiú do dhul chun cinn.
- Tacú le Comhordaitheoirí Litearthachta Réigiúnacha.
- An Chónaidhm Náisiúnta Litearthachta agus Líonraí/Grúpaí Oibre Téamacha a Thionól a d'fhéadfaí a bhunú le saincheisteanna sonracha a chur chun cinn.

- Dul chun cinn a thomhas agus a chur in iúl i gcoinne na dtáscairí comhaontaithe a leagtar amach sa straitéis.
- Réitigh ar shaincheistean atá á gcur i bhfeidhm a shainaithint agus a lorg.

Is féidir leis an Oifig Cláir díriú agus comhoibriú idir páirtithe leasmhara a chinntiú trí na cónaidhmeanna agus na grúpaí oibre. Cinnteoidh maoirseacht ag Aire tríd an nGrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais, ar a uain sin, éifeachtúlacht na hOifige Cláir. Spreagfaidh an Oifig Cláir comhoibriú níos fearr idir páirtithe leasmhara le foghlaim, seirbhísí agus tacaíocht éifeachtach agus shaoráideach dóibh siúd is mó óna dteastaíonn sé.

Beidh freagracht ar an Oifig Cláir as sreabhadh cumarsáide, struchtúir thuairiscithe agus as eagrú foriomlán na struchtúr um chur i bhfeidhm struchtúir a chomhordú. Sainaithneoidh sé bealaí praiticiúla d'oibriú trasghníomhaireachta, prótacail atreoraithe, riachtanais sonraí foghlaimeora, straitéisí agus freagairtí ailínithe agus sonraí a roinnt le páirtithe leasmhara ábhartha lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí éifeachtacha litearthachta. Ba cheart ciste chun na freagairtí comhoibritheacha seo a chistiú a bhunú freisin, agus triail phíolótach a bhaint as cur i bhfeidhm comhoibritheach, atá á bhainistiú ag an Oifig Cláir agus a fhaomhann an Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais.

2.4.3 Cónaidhm Náisiúnta Litearthachta agus Líonraí Téamacha/Grúpaí Oibre

Éascóidh Cónaidhm Náisiúnta Litearthachta ilpháirtithe leasmhara a bhunú saineolas reatha a roinnt faoi thacaíochtaí agus idirghabháil litearthachta i gcreat idirnasctha litearthachta i gcaitheamh shaolré na straitéise. Ar aon dul le cur chuige an Choiste Chomhairligh Theicniúil, áireofar leis an gCónaidhm ionadaithe ón tsochaí chathartha, earnáil an phobail agus an earnáil dheonach, an earnáil phríobháideach, ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, ceardchumann agus ionadaithe, comhlachtaí fostóirí, acadóirí, foghlaimeoirí agus ionadaithe díobh siúd is mó óna dteastaíonn tacaíocht litearthachta.

Tionólfaidh an Oifig Cláir cruinnithe ráithiúla nó débhlantúla na Cónaidhme Náisiúnta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus eolas a chur ar fáil do theacht chun cinn na straitéise, go háirithe, a creat tuairiscithe, monatóireachta, agus monatóireachta. Is féidir leis an gCónaidhm Náisiúnta réimse líonraí nó grúpaí oibre téamacha a bhunú, ar aon dul le príomhthéamaí nó fearainn a bhaineann le dul i ngleic le bacainní litearthachta. D'fhéadfaidís seo díriú ar limistéir cosúil leis an tsláinte agus an teaghlach, oideachas agus scileanna, poist agus an t-ionad oibre, an deighilt dhigiteach, nó comhionannas agus míbhuntáiste.

2.4.4 Cónaidhmeanna Litearthachta Réigiúnacha

Aithníodh sa straitéis seo nach féidir dul i ngleic le saincheistean litearthachta go héifeachtach ach trí ghníomh comhordaithe a dhíreoidh ar na limistéir ar imríodh tionchar díreach orthu: sláinte agus teaghlach, oideachas agus scileanna,

poist a aimsiú agus a chothú, sochaí atá ag éirí níos digití, bainistíocht ioncaim agus airgeadais, comhionannas agus inbhuanaitheacht. Cé go bhfuil comhpháirtíochtaí náisiúnta agus tiomantas tras-Rialtais tábhachtach ina leith seo, is comhpháirtíocht ar leibhéal réigiúnach is mó a chuirfidh rath chun cinn.

Is féidir struchtúr reatha réigiúnach na hearnála BOO a ghíaráil trí shé BOO dhéag mar ardán ar ar féidir eolas a roinnt, comhoibriú beartais a dhéanamh agus freagairtí nuálacha a thabhairt don litearthacht faoi mar a shainítear sa straitéis. Tá ar chumas gan stró BOOanna, tríd an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2020-2024, cabhrú leis an obair chomhpháirtíochta agus forbartha níos fairsinge a thabhairt chun cinn is gá a dhéanamh ar fud pobal, a dhéanann nasc siar leis an Rialtas agus cuspóirí straitéiseacha. Is féidir leo nasc go nádúrtha le líonraí reatha Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, Coistí Seirbhísí Leanaí, Fóraim Scileanna Réigiúnacha, Líonraí Oideachais Pobail, Líonraí Ionchuimsithe Ghníomhaigh BOO agus Coistí Ceart chun Léitheoireachta ('Right to Read') agus an creat a sholáthar do phríomhghníomhartha a sholáthar sa straitéis litearthachta. Cé go bhfuil freagracht reachtúil ar BOOanna, áfach, as an bhfoghlaim a sholáthar a theastaíonn chun dul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu, is soiléir gur gá i bhfad níos mó a dhéanamh le comhpháirtíochtaí oibre fóra níos fairsinge a leabú ar leibhéal réigiúnacha agus áitiúla.

Baineann bunriachtanas leis seo le feasacht agus rochtain a thabhairt chun cinn, agus leis an bpacáiste iomlánaíoch tacaíochta a sholáthar a theastaíonn ó dhaoine aonair a bhfuil na riachtanais seo acu nár freastalaíodh.

Bainfidh ríthábhacht ar leith leis an gcaidreamh idir BOOanna agus údaráis áitiúla i dtaobh tacaíochtaí litearthachta a thabhairt chun cinn leibhéal pobail, go háirithe sna limistéir is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Tá freagracht ar údaráis áitiúla cheana féin as pleananna áitiúla eacnamaíochta agus pobail a chur le chéile, agus ba cheart go gcinnteodh comhpháirtíocht éifeachtach go gcabhraíonn na pleananna seo le cuspóirí na straitéise seo a neartú. Tá féidearthacht ann freisin le breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh 'an Creat um Thacaíocht Phobail Údaráis Áitiúil' tacaíochtaí litearthachta timhíllteacha ar leith chéad chéim i gcomhar le BOOanna agus príomh-chomhpháirtithe eile. Mar shampla, d'fhéadfadh pointí rochtana a chomhordú do thacaíocht litearthachta agus do thacaíocht folláine níos fairsinge trí fhóntais reatha phobail cosúil le leabharlanna áitiúla a tionchar mór a imirt.

Is féidir le ról fostóirí, fiontar agus fostaithe agus a gcomhlachtaí ionadaíocha (mar shampla, cumainn tráchtála, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ), ceardchumainn) comhoibriú tras-sochaí iomlán a chinntiú i dtaobh na straitéise litearthachta a thabhairt chun cinn ar mhicrileibhéil agus ar mhacraileibhéil. Is féidir le fostóirí cabhrú le riachtanais scileanna a shainaithint agus is féidir le ceardchumainn oibriú le húdaráis áitiúla agus BOOanna le clár thacaíochta litearthachta atá bunaithe ar an obair a fhorbairt, go háirithe in earnálacha ina bhfuil na bearnaí is forleithne, cosúil le tógáil, déantúsaíocht agus

fáilteachas. Tá deis ann go ndéanfar eiseamláirí litearthachta d'fhostóirí dá bpiaraí agus go ndéanfar seaimpíní díobh laistigh de phobail áitiúla trí imeachtaí agus tionscnaimh a urrú agus eolas a sholáthar dá bhfoireann agus dá gcustaiméirí.

Agus na líonraí agus an acmhainn reatha seo á ngiaráil, ba cheart Comhordaitheoir Litearthachta Réigiúnach a cheapadh chun tacú le gach BOO i dtaobh Cónaidhm Litearthachta Réigiúnach a bhunú. Beidh sainchúram soiléir comhpháirtíocht traseagraíochta ag an gComhordaitheoir, atá nasctha leis an bplean a leagfaidh an Comhordaitheoir Réigiúnach amach nuair a bhunófar é. Cheadódh seo do BOOanna glacadh le ról níos mó for-rochtana atá bunaithe ar chomhpháirtíocht laistigh den phobal áitiúil, nasc níos mó a fhorbairt le scoileanna áitiúla, grúpaí pobail, tionscnaimh agus ionaid acmhainní, a chuirfidh leis na nasc láidre atá ann cheana féin le go leor seirbhísí ar leibhéal réigiúnacha agus áitiúla.

Bheadh freagracht ar gach cónaidhm ansin as Pleananna Gníomhaíochta Litearthachta a fhorbairt in aghaidh an chreata gnímh lena gcomhaontaítear chun dul i ngleic leis na riachtanais réigiúnacha agus áitiúla litearthachta, uimhearthachta agus ionchuimsithe dhigitigh. Chuirfí na pleananna gníomhaíochta seo faoi bhráid na hOifige Cláir náisiúnta i ndréachtfhoirm le hailíniú le cur i bhfeidhm foriomlán na straitéise a chinntiú. Tabharfar na pleananna chun críche ansin agus faomhfaidh an Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais iad go foirmiúil. Éascóidh na Pleananna Gníomhaíochta Litearthacht teacht ar an gCiste Comhoibrithe a luaitear thuas, a thacóidh le comhoibriú agus imeascadh sa freagairt litearthachta áitiúil.

3. Creat Gnímh don Straitéis LAS



Leagfaidh an cur chuige tras-Rialtais, trasgheilleagair agus tras-sochaí a leagtar amach sa mhír dheireanach an bhunchloch do chreat le haghaidh gníomhaíochta i dtaobh na straitéise Litearthacht d'Aosaigh don Saol. Tabharfar sraith tosaíochtaí chun cinn i measc na gceithre phríomhcholún seo a leanas ón mbunchloch seo de struchtúir, pleananna agus acmhainní comhoibritheacha;

1. Colún a hAon: **Tuiscint**
2. Colún a Dó: **Rochtain**
3. Colún a Trí: **Fairsingiú**
4. Colún a Ceathair: **Cumasú**

De réir mar a sholáthraítear na tosaíochtaí seo, beidh sé tábhachtach cur i bhfeidhm a rianú agus rath straitéise a thomhas le himeacht ama, agus leagtar amach i Mír 4 conas a bhainfear seo amach. Dírimid sa mhír seo ar na colúin agus ar na gealltanais straitéise i ngach cás.

Fíor 18: Creat Gnímh don Straitéis LAS



3.1 Colún a hAon: Tuiscint

3.1.1 Feachtas Náisiúnta

Céim thábhachtach a bheidh i bhfeachtas náisiúnta atá dírithe ar ar fheasacht a mhúscailt ar sheirbhísí tacaíochta litearthachta fud fad na tíre chun an straitéis a sheoladh. Is féidir lena leithéid d'fheachtas tionchar láithreach bonn a imirt ar an nglacadh le deiseanna litearthachta, uimhearthachta agus uasoiliúna digití. Is féidir leis cur leis an rath a bhí ar an bhfeachtas 'Cuir an Chéad Chéim a Chur Díot' le blianta beaga anuas. Dhíreodh an feachtas ar an méid seo a leanas:

1. Béim a leagan ar an ngá atá le huasoiliúint litearthachta ar gach leibhéal agus na háiteanna a léiriú ar féidir le daoine "an chéad chéim eile a chur díobh" leis an tacaíocht a theastaíonn uathu a fháil.
2. Na bacainní atá roimh rannpháirtíocht a bhíonn roimh dhaoine a dteastaíonn tacaíocht litearthachta uathu, scéalta daoine a insint ó chúlraí fairsinge a sháraigh na bacainní seo, dul i ngleic le saincheisteanna litearthachta.

Ba cheart go n-úsáidfadh an feachtas cainéil ilmheán ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus ba cheart go ndéanadh páirtithe leasmhara náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla iad a neartú. Bunóidh sé an Straitéis LAS mar phríomhthionscnamh uile-Rialtais, a bhfuil lógó agus branda inaitheanta aige a dhéanfaidh seirbhísí níos inrochtana agus a dhéanfaidh gníomhartha agus tionscnaimh nua faoin straitéis níos infheicthe. Ba cheart go mbeadh an feachtas ina thúsphointe freisin do phlean cumarsáide níos fadtéarmaí, a cheadaíonn an Grúpa um Chur i bhFeidhm Tras-Rialtais agus a ndéanfaidh an Oifig Cláir maoirseacht air.

3.1.2 Ionad Ilfhreastail

Cé gurb é ceann de na sócmhainní i dtaobh dul i ngleic le litearthacht in Éirinn tiomantas agus aimsiú réimse fairsing eagraíochtaí agus acmhainní, cruthaíonn seo dúshlán freisin. Faoi mar a thugtar le fios sa taighde, d'fhéadfadh go gcuireann fairsinge na seirbhísí atá ar fáil mearbhall ar dhaoine nó go mbeidís corraithe acu, agus nach fios dóibh conas is fearr an chabhair a theastaíonn uathu a fháil. Tabharfaidh feachtas náisiúnta cabhair mhór don dearcadh poiblí i leith "na háite" ónar féidir tacaíocht litearthachta a fháil, cé gur gá go mbíonn pointe iontrála láithreach agus simplithe ann chun teacht ar thacaíocht litearthachta a fháil chun go mbeidh an rath ar an bhfeachtas seo. Cé go bhfuil réimse suíomhanna agus feachtas ann faoi láthair atá ag dul san iomaíocht lena chéile, a mbaineann fiúntas leo uile, caithfidh an acmhainn singil seo, a fheidhmíonn mar an chéad áit ar cheart dul ina mhuinín a bheith i bhfeidhm ag tráth sheoladh an fheachtais. Chun go mbeidh an rath céanna ar an bhfeachtas a bhí ar an tacaíocht an cúrsa ceart, beidh an t-eolas agus an chomhairle ábhartha go léir ar litearthacht a thabhairt le chéile, cabhair san áireamh chun riachtanais litearthachta a shainaithint, agus nascadh

- Feachtas Náisiúnta
- Ionad Ilfhreastail
- Seirbhísí Áitiúla Réamhghníomhacha
- Cur Chuige Measúnaithe Coiteann

1

a dhéanamh le hacmhainní breise a cheadóidh do dhaoine an chéad chéim eile a chur díobh chun teacht ar thacaíocht agus ar sheirbhísí.

Ba cheart an t-ionad ilfhreastail a fhorbairt le himeacht ama le go leor roghanna litearthachta a chur san áireamh, foghlaim teaghlaigh, scileanna teanga Béarla, foghlaim conas foghlaim, litearthacht dhigiteach, litearthacht sláinte, litearthacht timpeallachta, litearthacht airgeadais, agus foghlaim le huimhreacha san áireamh.

Anuas ar fheidhmiú mar uirlis atá i measc an phobail, ba cheart an t-ionad ilfhreastail a fhorbairt níos mó freisin i rith na céime tosaigh um chur i bhfeidhm na straitéise a fheidhmeoidh mar mhol acmhainní do gach eagraíocht agus don fhoireann go léir a bhféadfadh go bhfuil idirchaidreamh á dhéanamh acu le daoine a bhíonn ag streachailt leo leis an litearthacht. Ceadóidh seo dóibh eolas bunúsach agus comhsheasmhach a thabhairt agus go mbeidh a fhios acu cá féidir iad a threorú chun teacht ar thacaíochtaí oideachais, airgeadais, sláinte, leasa agus ábhartha eile.

3.1.3 Seirbhísí Áitiúla Réamhghníomhacha

Cé go mbaineann tábhacht le feachtais náisiúnta agus le hacmhainn shimplí agus inrochtana chun feabhas a chur ar fheasacht agus inrochtaineacht, baineann an ríthábhacht chéanna le líonraí agus tionscnaimh tacaíochta áitiúla lena chur ina luí ar dhaoine an chéad chéim eile a chur díobh. Tugadh dhá phríomhbhacainn sa taighde a rinneadh ar an straitéis atá roimh rannpháirtíocht i seirbhísí tacaíochta litearthachta: easpa feasachta ar na tacaíochtaí atá ar fáil agus náire shóisialta. Ar an ábhar sin, is ríthábhachtach go scaiptear an teachtaireacht litearthacht d'aoisigh don saol ar bhealach dearfach, spreagúil agus comhsheasmhach trí gach ceann de na seirbhísí áitiúla go léir lena ndéanann daoine idirchaidreamh. Forbairtí tábhachtacha iad pointí cumarsáide agus rochtana trasghníomhaireachta a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil, anuas ar línte cabhrach áitiúla a bhunú agus seaimpíní agus piarmheantóirí foghlaimeora a cheapadh, le cur chuige níos comhsheasmhaí áitiúil i leith tacaíocht litearthachta a leabú.

Mar chuid de láithreán gréasáin an ionaid ilfhreastail a fhorbairt, thugamar faoi deara an ról a bhí aige go ndéanfar mol acmhainní de do gach páirtí leasmhar náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a dhéanann idirchaidreamh le daoine a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu. Má úsáideann eagraíochtaí áitiúla i gceart é, cinnteoidh seo cur teachtaireachtaí, eolas agus cur in iúl comhsheasmhach faoi thacaíocht litearthachta do dhaoine gan aird ar an tseirbhís a bhfuil siad ag freastal air. Is féidir le réimse acmhainní neamhdhigiteacha cur leis, cosúil le bróisiúir, póstaer agus foirmeacha iarratais seirbhíse, ar féidir iad a chur ar fáil, mar shampla, i suíomhanna cúraim sláinte, seirbhísí fostaíochta, leabharlanna, ionaid spóirt, oifigí an phoist agus eagraíochtaí forbartha pobail áitiúla.

Tá aithint go bhfuil an gá atá le huasoiliúint litearthachta chomh tábhachtach leis na háiteanna ar cheart freastal orthu le tacaíocht a fháil a bheith ar eolas

agat. Léirigh taighde ar an straitéis go raibh drogall orthu siúd fiú arbh eol dóibh go raibh riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu chun tacaíocht a lorg. Is ríthábhachtach go mbíonn ar chumas na seirbhísí agus na foirne túsline a aithint agus freagairt nuair a thagann duine óna dteastaíonn tacaíocht litearthachta ina láthair. Ba cheart infheistíocht in acmhainní a fhorbairt i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara go léir a thabhairt chun cinn freisin trí chlár oiliúna ar fheasacht ar litearthacht agus trí oiliúint friotail neamhchasta. Is féidir leis seo cur le hacmhainní oiliúna atá á gcoimeád ag an ÁNLA agus BOOanna agus ba cheart é a fhorbairt ar ardán ar líne le rochtain agus rannpháirtíocht a uasmhéadú.

Ba cheart cónaidhmeanna a fhorbairt le comhlachtaí ionadaíocha gnó ar leibhéal áitiúla agus réigiúnacha lena dtacaíocht a fháil chun acmhainní a scaipeadh ar a bhfostaithe, agus ar an bpobal i gcoitinne freisin, agus deiseanna ar leith á gcur ar fáil chun suíomhanna bainc agus miondíola a úsáid don chuspóir seo.

Cás-Staidéar 1: Oiliúint Chomhsheasmhach i measc Seirbhísí Áitiúla trí Churaclam na Saoránach

D'fhorbair 13 thionscadal phíolótacha Curaclam Saoránach in 2015 i Sasana ina bhfuil réimse eagraíochtaí, coláistí, údaráis áitiúla agus carthanais san áireamh, páirteach. D'fhiosraigh na cláir píolótacha na rudaí a spreagann daoine fásta foghlaim a dhéanamh, agus chinntigh sé go bhfuil scileanna á bhfoghlaím ag níos mó daoine a bhaineann lena saol, a riachtanais agus a n-obair. I measc na limistéar ar leith ar ar díriodh, bhí soláthar do dhaoine fásta gan dídean nó a raibh cónaí orthu go leochaileach in áiteanna cónaithe, ciontóirí, iarchiontóirí, imircigh, teaghlaigh agus daoine fásta óga faoi mhíbhuntáiste. Lorg an t-údarás áitiúil le teacht ar, agus rannpháirtíocht sa, soláthar reatha foghlama a bhí ar fáil sa cheantar a mhéadú. Sholáthair siad oiliúint do ghrúpa 25 duine a bhí ag oibriú i róil éagsúla ar fud na hearnála poiblí, cosúil le hoibrithe sóisialta, póilíní agus oibrithe meabhairshláinte. Bhí an clár in ainm is cabhrú leis na hoibrithe seo luach na foghlama a aithint, go háirithe maidir le hacmhainní litearthachta agus sláinte, agus conas is féidir leis seo cur le hathléimneacht agus neamhspleáchas a fhorbairt i measc na ndaoine aonair a n-oibríonn siad leo. Dhírigh an oiliúint freisin ar chabhrú leo idirchaidreamh a dhéanamh le baill an phobail níos éifeachtaí agus an méid daoine a mhéadú a raibh teacht á fháil acu ar na seirbhísí éagsúla a bhí ar fáil. Thacódh seo ansin leis na daoine bheith in saoránaigh níos gníomhaí sa phobal. D'imir an tionscadal tionchar suntasach ar spreagadh chun foghlaim a dhéanamh, infhostaitheacht, páirt a ghlacadh i seirbhísí agus leibhéil oibre deonaí.

3.1.4

Cur Chuige Measúnaithe Coiteann

Beidh príomhpháirt ag cur ina luí ar dhaoine an chéad chéim eile a chur díobh agus teacht a bheith acu ar thacaíocht, a chinntiú go bhfuil eolas comhsheasmhach ar fáil chun cabhrú leo an rogha sin a dhéanamh, agus úsáid a bhaint as an bhfoireann túslíne i seirbhísí áitiúla le comhairle a chur ar fáil dóibh agus le hiad a stiúradh go cuí go mbainfear conair éifeachtach amach a fhaide le litearthacht fheabhsaithe. Ach is tábhachtach freisin go mbíonn teacht ag daoine aonair, a luaithe agus is féidir, ar mheasúnú ar a riachtanais ar leith foghlama agus tacaíochta. Rinneadh taighde substainteach le blianta beaga anuas ar dhea-chleachtas nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar riachtanais litearthachta agus uimhearthachta ar fud na hearnála BOO agus úsáideann go leor BOOanna anois cur chuige coiteann measúnaithe san fhoghlaim i measc leibhéil 1 go 6 ar an CNC.

Caithfear leanúint de seo a phríomhshruthú agus glacadh leis go hiomlán agus go cuimsitheach ar fud na BOOanna go léir, agus caithfear é a leabú trí chomhaontú le SOLAS trí chomhaontuithe feidhmíochta straitéisí. Tá nasc féideartha ann freisin leis an gcur chuige reatha i leith Tástálacha Gnóthachtála Fadréimsí (WRATanna), ar féidir leo tacú le pleananna foghlama aonair a mheasúnú agus bainfear triail phiolótach as an gcur chuige seo le soláthraithe.

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn teacht ar na measúnuithe coiteanna litearthachta seo ar fáil do sholáthraithe oideachais pobail, seirbhísí fostaíochta, agus seirbhísí áitiúla agus pobail a bhfuil idirchaidreamh á dhéanamh acu le daoine a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu. Ba cheart obair a thabhairt chun cinn le prótacail tras-atreoraithe a chur i bhfeidhm le BOOanna. Cuirfear measúnú litearthachta agus uimhearthachta ar fáil nuair is mian le daoine aonair go gcuirfear an tseirbhís seo ar fáil dóibh.

Is casta an measúnú ar litearthacht dhigiteach, agus tá uirlisí iomadúla ar fáil chun cabhrú le daoine aonair a riachtanais a thuiscint. D'fhorbair An Cosán an clár Clocha Cora Digiteacha ('Digital Stepping Stones'), atá bunaithe ar Chreat Inniúlachta Digití an AE, a chuireann measúnú, conairí agus tacaíocht ar fáil d'fhoghlaimoirí. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an tionscadal 'Seiceáil Isteach, Ar Aghaidh Leat' (CITO) de chuid an AE chun uirlis Seiceálaí Scileanna a bhunú chun measúnú éifeachtach agus neamhspleách a dhéanamh ar scileanna digiteacha duine. Ba cheart don Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais breithniú a dhéanamh ar uirlis choiteann singil dhigiteach a bhunú agus é a chur ar fáil ar líne tríd an ionad ilfhreastail laistigh de na chéad 24 mí i ndiaidh gur cuireadh an straitéis i bhfeidhm.

3.2 Colún a Dó: Rochtain

3.2.1 Ábhar Neamhchasta agus Inrochtana

Ceann de na bacainní atá roimh an oideachas agus seirbhísí poiblí níos fairsinge a dhéanamh níos inrochtana ná úsáid a bhaint as friotal, treoracha agus coinníollacha casta a chruthaíonn deacrachtaí i dtaobh próisis iarratais a stiúradh. Gealltar in **‘Ár Seirbhís Phoiblí, Creat Forbartha agus Nuálaíochta don tSeirbhís Phoiblí’** de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tabhairt faoi phríomhghníomhartha a bhaineann le feabhas a chur ar sheirbhís don phobal agus seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana do chach.¹³ Ar aon dul leis seo, tá sé bunriachtanach go ndéanann gach seirbhís a dheartar le tacú le riachtanais litearthachta agus ghaolmhara cumarsáid shoiléir trí úsáid a bhaint as friotal neamhchasta agus prionsabail atá éasca le léamh.¹⁴ Teastóidh oiliúint ar fhriotal neamhchasta agus acmhainn eagarthóireachta friotail neamhchasta uaidh seo.

Ba cheart don Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais a chinntiú go mbíonn plean soiléir i bhfeidhm ag gach duine dá mbaill lena chinntiú go ndéantar cumarsáid i bhfriotal neamhchasta, agus go mbíonn duine ainmnithe freagrach as gníomh a chomhordú le haghaidh a thabhairt air seo.

Ba cheart go dtacódh an cur chuige seo freisin leis an dá threoirlíne seo a leanas a chur i bhfeidhm a d’fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA):

- Deartar **‘Sraith Straitéisí Cumarsáide le Custaiméirí don tSeirbhís Phoiblí’**, a d’fhorbair Lónra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (an LSAC) an RCPA i gcomhoibriú leis an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, do chumarsáid seirbhíse poiblí.¹⁵ Cuireann an tSraith Straitéisí leis **an Treoir Stíle i mBéarla Neamhchasta don tSeirbhís Phoiblí**, a d’fhorbair an RCPA i gcomhoibriú leis an ÁNLA.¹⁶
- **Tionscnamh Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (TSAC) ‘Prionsabail Theoracha Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí’**, ina ndéantar tagairt d’eolas seirbhíse poiblí a sholáthar.¹⁷

Is gá roinnt íoschaighdeán a chur i bhfeidhm freisin i gcás cáipéisí inrochtana lena chinntiú gur féidir le gach duine, iad siúd ina measc ar a bhfuil lagú radhairc nó atá faoi mhíchumas intleachtúil, páirt a ghlacadh le cumarsáid oifigiúil ar a gcompord.

- Ábhar Neamhchasta agus Inrochtana
- Teicneolaíocht Inrochtana
- Tacaíochtaí Comhtháite san Obair agus san Oideachas
- Cur Chuige Dearaidh Uilíoch

2

¹³ <https://www.ops.gov.ie/actions/delivering-for-our-public/accessibility/>

¹⁴ Mar shampla, faoi mar a leagtar amach sna treoirlínte seo a d’fhoilsigh Ionchuimsiú Éireann (‘Inclusion Ireland’) <https://inclusionireland.ie/easy-to-read/>

¹⁵ <https://www.ops.gov.ie/news/Resources/customer-communications-toolkit-for-the-public-service/>

¹⁶ <https://www.ops.gov.ie/app/uploads/2019/09/Plain-English-Style-Guide-for-the-Public-Service-2.pdf>

¹⁷ Leag an RCPA na treoirlínte seo amach agus beartaítear go mbíonn feidhm acu sa chumarsáid uile a dhéanann an tseirbhís poiblí. Tá siad ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/policy-information/89dbad-guiding-principles-of-quality-customer-service/>

Áirítear leis seo formáidiú agus clibeáil cheart a dhéanamh ar cháipéisí ar líne chun freastal ar riachtanais iad siúd a bhfuil cumas laghdaithe fisiciúil nó intleachtúil acu a bhféadfadh go dteastaíonn uathu uirlis ó théacs go teanga a úsáid.

Sonraítear gealltanais an Rialtais maidir le hinrochtaineacht seirbhísí sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, 2017-2021. Chomh maith leis sin, tá oibleagáidí dlíthiúla le gach seirbhís dhigiteach atá i measc an phobail a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas i bhfeidhm faoin Acht um Míchumas, 2005. Riachtanas atá sa Treoir maidir leis an nGréasán agus le hAipeanna anois do gach comhlacht poiblí,¹⁸ agus is amhlaidh atá in Acht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ),¹⁹ Chomh maith leis sin, seo roinnt forálacha de Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,²⁰ anuas ar Chonarthaí agus Coinbhinsiún eile na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa ar Chearta Daonna a bhfuil Éire ina páirtí leo. Is é an rud is mó a mbraitheann rath na straitéise LAS air ná a chinntiú go bhfuil feachtas iomlán ar na hoibleagáidí ina measc siúd a sholáthraíonn tacaíocht nó seirbhísí do dhaoine ag a bhfuil riachtanas litearthachta nár freastalaíodh air, agus a thacaíonn le huirlisí agus acmhainní atá ar fáil chun cabhrú le seirbhísí inrochtana a chinntiú.

Caithfear freastal freisin ar riachtanais litearthachta chainteoirí dúchais Gaeilge. Ba cheart clár forbartha a thabhairt isteach le feabhas a chur ar inrochtaineacht seirbhísí Rialtais do chainteoirí dúchais Gaeilge agus cur leis an gcumarsáid a dhéanann comhlachtaí earnála poiblí i nGaeilge. Ba cheart go ndéanfaidh seo an fhéidearthacht chun an méid seo a leanas a dhéanamh a fhiosrú:

- Ábhar tacaíochta chruthú i nGaeilge nádúrtha inrochtana sna trí phríomhchanúint.
- “Gaeilge Neamhchasta” agus foirmeacha a úsáid atá inléite.
- Eolas agus foirmeacha dátheangacha etc. a úsáid ar a bhfuil an dá theanga “taobh le taobh”, seachas i gcáipéisí ar leith.
- Cáipéisíocht Ghaeilge a bheith an-infheicthe.
- An Ghaeilge a chuimsiú i ngach feachtas poiblíochta i measc na meán go léir.
- Cláir oiliúna ar leith don fhoireann ó ghníomhaireachtaí éagsúla (cláir sa Ghaeltacht mar chuid de FGL san áireamh) chun inniúlacht a fhorbairt sa Ghaeilge.

18 <http://universaldesign.ie/technology-ict/web-and-mobile-app-accessibility/>

19 <http://nda.ie/isl/>

20 Shínigh Rialtas na hÉireann an Coinbhinsiún in 2007 agus daingníodh an Coinbhinsiún i Márta 2018. Féach <https://www.ihrec.ie/guides-and-tools/>. I measc na bhforálacha ábhartha, tá Airteagal 24, ina gcuimsítear an t-oideachas agus Airteagal 4, ina gcuimsítear dearadh uilíoch, Airteagal 9, ina bpléitear inrochtaineacht agus Airteagal 21, ina bpléitear an ceart chun eolas a fháil agus Airteagal 27, a bhaineann le fostaíocht.

3.2.2 Teacht ar Theicneolaíocht

Ceann de na treochtaí is mó is ábhar buartha a eascraíonn as paindéim COVID-19 agus an t-aistriú chuig domhan ar líne na foghlama ná an titim ar leibhéil rannpháirtíochta san oideachas aosach i measc na ngrúpaí is imeallaithe. Ní oireann foghlaim ar líne go hiomlán do go leor de na foghlaimeoirí seo, nó níl teacht acu ar an teicneolaíocht riachtanach chun páirt éifeachtach a ghlacadh ann. Cé gur glacadh le réimse cur chuige nuálach chun leanúint de thacú leis na foghlaimeoirí seo – idir chiantacaíocht 1:1, pacaí foghlama a eisiúint, agus ghnáth-fhor-rochtain a sholáthraítear ar an nguthán – is léir ó na sonraí gur gá níos mó a dhéanamh chun dul i ngleic lena riachtanais.

Chun cabhrú le dul i ngleic leis na saincheistanna seo in 2020, chuir an RBOAOTNE cistiú tiomnaithe €5 milliún ar fáil do BOOanna chun tacú le teacht ar ghléasanna, agus sholáthair an ciste um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú a bhunú tacaíocht do sholáthar oideachais pobail. Rachfar i ngleic níos mó leis an deighilt dhigiteach trína mhacasamhail de scéimeanna a thabhairt isteach sna chéad 3 bliana, ar a laghad, den straitéis, trí theacht ar theicneolaíocht a sholáthar lena cheadú níos mó foghlaimeoirí páirt a ghlacadh i bhfoghlaim agus tacaíocht litearthachta.

Tá leibhéil níos mó de nascacht ar fud na tíre á soláthar trí bhonneagar a thabhairt isteach i measc iompróirí, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda san áireamh. Cuireadh Pointí Ceangail Straitéiseacha i bhfeidhm ar féidir iad a úsáid chun rochtain agus nascacht áitiúil a thabhairt chun cinn. Ba cheart leanúint le teacht ar an saghas seo de Wi-Fi iontaofa, agus na líonta suíomhanna a mhéadú ina gcuirtear an tseirbhís seo ar fáil, i moil dhigiteacha phobail, leabharlanna, BOOanna agus ionaid acmhainní teaghligh a fhiosrú. Cuirfidh seo ardán ar fáil freisin chun tacú le hobair leanúnach HEAnet le rochtain Wi-Fi Eduroam a chur ar fáil i gceantair áitiúla agus teacht a fhairsingiú i measc foghlaimeoirí BOO, iad siúd ina measc i soláthar litearthachta agus oideachais pobail.

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar scéimeanna iasachta chun gléasanna a dháileadh, nó ar scéimeanna creidmheasa cánach lena éascú gléasanna a cheannach, comhaontuithe san áireamh le soláthraithe teileachumarsáide príobháideacha do bheartáin sonraí neamhtheoranta a sholáthar do dhaoine aonair.

Caithfidh ról níos láidre a bheith ann freisin don teicneolaíocht chúnta chun tacú le riachtanais litearthachta daoine faoi mhíchumas. Mar shampla, is féidir le teicneolaíochtaí cúnta a cheadú do dhaoine nach féidir leo peann a úsáid le scríobh, a bhfuil deacracht acu labhairt le cumarsáid a dhéanamh, agus cuireann siad bogearraí ar fáil chun tacú le míchumas foghlama. Caithfear crann taca an tsoláthair oideachais go léir a dhéanamh den idirghabháil siúd sna blianta amach romhainn.

3.2.3

Tacaíochtaí Comhtháite Litearthachta i Suíomhanna Oibre agus Oideachais

Bíonn saincheisteanna litearthachta agus uimhearthachta roimh ní hamháin iad siúd atá thíos le heisiamh sóisialta nó le dífhostaíocht, ach iad siúd sa lucht saothair, go háirithe i measc oibrithe breacaosta a bhféadfadh gur cuireadh leibhéil theoranta d'oideachas foirmiúil ar fáil dóibh roimhe seo. Tá sé ag éirí níos soiléire i gcónaí freisin go dteastóidh litearthacht dhigiteach bhunúsach ó beagnach gach saghas fostaíochta amach anseo. Dá bharr, b'fhéidir go mbeidh deacracht acu siúd fiú atá fostaithe faoi láthair chun dul i dtaithí ar athrú teicneolaíochta agus b'fhéidir go dteastóidh uasoiliúint thréimhsiúil uathu i limistéir dhigiteacha agus i bpríomhlimistéir eile.

Tá príomhról le glacadh ag fostóirí agus ag ionadaithe fostóirí chun uasoiliúint litearthachta a éascú i measc an lucht saothair i gcoitinne. Tá réimse líonraí atá faoi stiúir tionscail ann anois chun tacú le riachtanais scileanna a shainaithint, Fóraim Scileanna Réigiúnacha, struchtúir Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ), líonraí Skillnet agus cuibhreannais phrintíseachta ina measc. Is féidir tacaíochtaí agus deiseanna foghlama a chur ar fáil faoi láthair freisin san ionad oibre, agus tá tionscnaimh BOO ar fáil, cosúil le Scileanna don Obair agus Scileanna chun Dul chun Cinn chun freastal ar riachtanais uasoiliúna. Teastaíonn gníomh comhbheartaithe, áfach, chun an soláthar seo a mheaitseáil agus a fheabhsú i gcomparáid leis na riachtanais a shainaithníonn na líonraí. Ba cheart tionscnaimh chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na líonraí seo ar bhonn córasach maidir le litearthacht an lucht saothair agus saincheisteanna maidir le hacmhainní digiteacha agus comhaontú ar ghníomhartha comhoibritheacha a chur chun cinn.

Limistéar amháin oideachais agus oiliúna a bhí faoi bhláth i rith shrianta na paindéime é scileanna níos fairsinge an lucht saothair a fhorbairt. I ngeall ar an tsolúbthacht a sholáthraíonn foghlaim ar líne, tá sé mealltach i measc fostóirí agus fostaithe araon. Ba cheart go mbeadh acmhainní foghlama agus tacaíochta ar líne ina ngné thábhachtach de dhul i ngleic le saincheisteanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití san ionad oibre. Ba cheart iad seo a shaincheapadh i gcomhar le fostóirí chun freastal ar riachtanais ghrúpaí éagsúla oibrithe.

Is ionann an dúshlán a chruthaíonn tacaíocht litearthachta a chuimsiú isteach san ionad oibre agus an dúshlán a chruthaíonn a chinntiú go bhfuil sé ar fáil do gach duine i measc suíomhanna breisoideachais agus ardoideachais. Ba ghnách gur rud aonair foghlaim litearthachta roimhe seo agus cuireadh ar fáil ar leithligh é ó oideachas agus oiliúint phríomhshrutha. Bunaíodh seo ar an dearcadh go raibh na scileanna litearthachta riachtanacha acu siúd a bhí ag tabhairt faoi chúrsaí ar Leibhéal 5 den CNC agus níos airde. Aithníodh le blianta beaga go mbíonn go leor foghlaimoirí ag streachailt ar na leibhéil seo, amanna, maidir le litearthacht agus uimhearthacht, printísigh san áireamh.²¹

21 Féach na torthaí ar 'Litearthacht agus Uimhearthacht a Chomhtháthú' (2018).

Mar thoradh air sin, cuireann BOOanna tacaíocht litearthachta ar fáil anois mar chuid chomhtháite de chlár oiliúna ar gach leibhéal. De bhreis air sin, d'fhorbair an grúpa Tacaíocht do Phrintísigh ('Support to Apprentices') a bhunaigh BOOanna réimse acmhainní. Caithfear leanúint leis an gcur chuige agus na hacmhainní a thabhairt isteach ar fud an tsoláthair BOO uile, agus pobail chleachtais a chruthú lena chinntiú gur féidir le cleachtóirí ar gach leibhéal agus ar fud na ndisciplíní uile riachtanais litearthachta a aithint. Cuirfidh leabharlanna poiblí rochtain ríthábhachtach ar fáil ar acmhainní digiteacha agus foghlama teaghlaigh.

Ba cheart don Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS) príomhról a ghlacadh i gcabhrú le tacaíocht a shainaithint agus a fhoinsiú do riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu i measc cuardaitheoirí poist agus iad siúd a n-aimsítear fostaíocht dóibh ina dhiaidh sin. Sheol an Roinn Scéim Socrúcháin Oibre nua le déanaí chun teacht a sholáthar do dheiseanna taithí oibre agus athoiliúna mar fhreagairt don dífhostaíocht shuntasach a chruthaigh an phaindéim. Ba cheart don Roinn oibriú le SOLAS agus na BOOanna lena chinntiú go bhfuil tacaíocht chomhtháite litearthachta, uimhearthachta agus uasoiliúint digití ar fáil, más gá, do gach rannpháirtí ar an scéim mar chuid chomhtháite den oiliúint atá ar tairiscint.

3.2.4 Cur Chuige Dearaidh Uilíoch

Baineann ríthábhacht le cur chuige Dearaidh Uilíoch a chur i bhfeidhm i dtaobh córais agus réitigh a spreagadh ar féidir le gach duine, gan aird ar aois, méid, cumas ná míchumas teacht orthu, iad a thuiscint agus iad a úsáid.²² Leagtar amach na croíchodanna de chur chuige dearaidh uilíoch i bhFíor 19.

Fíor 19: Codanna de Dhearadh Uilíoch



Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar shaoráidí agus seirbhísí a dhearadh, caithfear a aithint go bhféadfadh go raibh eispéiris dhiúltacha ag go leor daoine aonair ar mian leo dul i ngleic le saincheistanna litearthachta ar scoil nó in institiúidí eile. Caithfear príomhthús áite a thabhairt, ar an ábhar sin, do thimpeallacht fháilteach oscailte a chinntiú. Mar shampla, is féidir leis an scóip le 'cara a thabhairt leat' cabhrú leis an gcéad chéim eile a dhéanamh i bhfad níos

²² <http://universaldesign.ie/Products-Services/Design-for-All-Accessibility-following-a-Design-for-All-approach-in-products-goods-and-services-Extending-the-range-of-users/#:~:text=EN%2017161%3A2019%20'Design%20>

neamhbhagraí. Cabhróidh cur chuige dearaidh uilíoch le foghlaim nua-aimseartha a aistriú amach ó struchtúir thraidisiúnta.

Ba cheart glacadh leis i measc na bhforbairtí seirbhíse, tacaíochta, foghlama agus teicneolaíochta go léir a leagtar amach sa straitéis seo, bunaithe ar an réimse treoirlínte a d'fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (an ÚNM).²³

Foilsíodh treoirlínte agus sraith acmhainní do dhearadh uilíoch don fhoghlaim i gcomhthéacs BOO i Meitheamh 2021. Tá seo ina thoradh ar chlár oibre dhá bhliain a dhéanann AHEAD Éireann, BOOÉ agus SOLAS a thabhairt chun cinn agus ina bhfuil baint ag leor páirtithe leasmhara.

Ar aon dul le cur chuige foriomlán i leith dearadh uilíoch, ba cheart na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm i measc an tsoláthair litearthachta uile, agus ba cheart an tsraith acmhainní a chur chun feidhme pé áit ar cuí.

23 <http://universaldesign.ie/products-services/customer-communications-toolkit-for-the-public-service-a-universal-design-approach/>

Cás-Staidéar 2: Dearadh Uilíoch in OTBO San Astráil

- Cláraítear breis agus 68,000 scoláire sa bhliain in Oideachas Teicniúil agus Breisoideachas don Astráil Theas (OTBO AT) agus soláthraítear oiliúint air ag breis agus 290 láthair ar fud na hAstráile Theas. Cuimsítear sna cúrsaí breis agus 80 limistéar tionscail agus gníomhaíochta, agus cuirtear roghanna solúbtha soláthair ar fáil a oireann do riachtanais scoláirí.
- Tá ar na scoláirí go léir a gcuirtear gairmoideachas agus oiliúint fhóirdheonaithe ar fáil dóibh san Astráil Theas tabhairt faoi Mheasúnú Riachtanais Láithreach (MRL). Cuid de MRL é tabhairt faoi mheasúnú Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta (TLU) ar a dtugtar an Phróifíl Chroiscileanna do Dhaoine Fásta (an PCSDF). Úsáideann OTBO AT an t-eolas seo ansin lena shainaithint má theastóidh aon tacaíocht foghlama ó scoláire chun cabhrú leo a staidéar a thabhairt chun críche go rathúil.
- Cuirtear Aonaid Nasctha nó Cáilíochtaí Conaire ar fáil do mhic léinn nach mbaineann na leibhéil TLU amach do chúrsa. Díriú ar chroiscileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus uimhearthachta a fhorbairt atá ailínithe le Creat Croiscileanna na hAstráile.
- De bhreis air sin, cuireann OTBO AT réimse gearrchúrsaí tionscnaimh ar fáil do scoláirí a bhféadfadh nach bhfuil cur amach acu ar oideachas agus oiliúint treasach, a bhféadfadh go n-úsáideann siad an Béarla mar an dara nó an tríú teanga, nó a lorgaíonn lena scileanna staidéir, a scileanna teicneolaíochta digití nó infhostaitheachta ar leibhéal iontrála a fhairsingiú a theastaíonn go mbeidh an rath orthu ar aistear a fhaide le staidéar breise nó le fostaíocht.
- Cuireann OTBO AT, i gcomhréir le hAcht um Idirdealú Míchumais na hAstráile, 1992 agus na Caighdeáin ghaolmhara Mhíchumais don Oideachas 2005, tacaíocht agus coigeartuithe réasúnta ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas trí Phleananna Rochtana saincheaptha aonair.
- Is féidir le foghlaimeoirí teagmháil a dhéanamh freisin le 'Comhairleoir Rochtana agus Ionchuimsithe' chun teacht ar uirlisí teicneolaíochta agus foghlama cúntaí nó oiriúnaithí cosúil le gléasanna, trealamh, troscán, crua-earraí nó bogearraí ar féidir leo cabhrú le scoláirí atá faoi mhíchumas nó riochtaí sláinte deimhnithe chun teacht ar thascanna foghlama agus measúnaithe agus tabhairt fúthu a d'fhéadfadh bheith deacair murach sin.
- Tá OTBO AT ag oibriú i dtreo samhail bhreisoideachais níos ionchuimsithí, ina ndéantar prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim a chuimsiú isteach i ndearadh agus i bhforbairt curaclaim. Oibríonn speisialtóirí Múinteoireachta agus Foghlama le speisialtóirí agus oideachasóirí teicniúla chun curaclam a dhearadh ina bhfuil prionsabail Dearaidh Uilíoch leabaithe ag na céimeanna dearaidh agus forbartha.

3.3 Colún a Trí: Fairsingiú

3.3.1 Díriú ar Uimhearthacht

Baineann páirt lárnach ag scileanna uimhearthachta a fhorbairt i dtaobh folláine shaoránach agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí nua-aimseartha. Nasctar seo leis an gcumas chun teacht ar sheirbhísí airgeadais, buiséid teaghlaigh a bhainistiú, nó bogearraí ríomhaire bunúsacha a úsáid. Baineann ríthábhacht cheana féin le croíchumas uimhearthachta go ndéanfar dul chun cinn chuig gairmeacha beatha áirithe nó go gcuirtear printíseachtaí nó ardoideachas ar fáil.

Tiocfaidh méadú dosheachanta ar an ngá atá le scileanna uimhearthachta de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn i dtreo sochaí agus geilleagar digiteach sna deich mbliana amach romhainn. Tugtar neamhaird, amanna, áfach, ar riachtanais uimhearthachta nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar riachtanais litearthachta níos fairsinge. Beidh sé tábhachtach go ndírítear go príomha san fheachtas náisiúnta seolta agus nuair a bhíonn soláthar amach anseo á fheabhsú ar na tacaíochtaí uimhearthachta ar leith atá ar fáil.

Tá príomhpháirt ag córas comhsheasmhach agus daingean le dul i ngleic le riachtanais uimhearthachta go mbeidh freagairt éifeachtach uimhearthachta ann. Foilsíodh treoirlínte dea-chleachtais le déanaí maidir le huimhearthacht a mheasúnú ar leibhéil 1 go 6 ar an CNC. Ba cheart iad seo a úsáid lena chinntiú go gcuirtear cur chuige coiteanna measúnaithe i leith uimhearthachta i bhfeidhm i measc na BOOanna agus na gcomhpháirtithe oideachais pobail go léir, ar an gcéad dul síos, agus go ndéantar an úsáid níos fairsinge a mbaineann eagraíochtaí áitiúla tacaíochta eile as le himeacht ama a fhiosrú.

Ba cheart tacaíocht uimhearthachta a nascadh le, agus a bheith inrochtana ó, gach clár agus seirbhís. B'éard ba cheart a bheith i gceist leis seo ná go ndéanfaí forbairt bhreise ar mhodúil aonair uimhearthachta do dhaoine fásta i bhformáidí inrochtana agus go gcuirtear leibhéil sholúbtha tacaíochta ar fáil, a thugtar isteach trí BOOanna, eagraíochtaí foghlama pobail eile, agus leabharlanna áitiúla.

Tugadh an tábhacht a bhaineann le tacaíocht san ionad oibre agus i suíomhanna oideachais chun solais agus is tábhachtach go ndéantar foghlaim uimhearthachta a shaincheapadh i leith chomhthéacs na disciplíne staidéir, na trádála, na gairme beatha nó earnáil an tionscail den ghrúpa ar a spriocdhírítear. Ba cheart go nglacfaí sa chur chuige seo le tascanna 'fíorshaoil' barántúla agus samplaí maithe ann a forbraíodh le déanaí ar féidir cur leo agus iad a phríomhshruthú, *na cláir Matamaitic do Phrintíseachtaí Leictreacha agus Matamaitic do Phrintíseachtaí Siúinéireachta* san áireamh.

- Díriú ar Uimhearthacht
- Inniúlacht Dhigiteach a Chur chun Cinn
- Tacú le Cleachtóirí Oilte
- Soláthar a Nuálú agus a Fheabhsú

3

3.3.2 Inniúlachtaí Digiteacha a Chur chun Cinn

Tugadh faoi deara sa straitéis conas is féidir le bonneagar leathanbhanda agus teacht ar theicneolaíocht bheith ar na príomhrudaí a chuireann ionchuimsiú digiteach chun cinn trí theacht ar fhoghlaím agus rannpháirtíocht a éascú san iomaí gné den saol óna dteastaíonn tuiscint dhigiteach anois. Cuireann seo ardán ar fáil do na hinniúlachtaí digiteacha a chur chun cinn a mbaineann bunriachtanas níos mó leo i gcónaí chun go mbíonn saol sásúil á maireachtáil ag daoine.

53 Litearthacht d'Aosaigh don Saol

Murab ionann agus tacaíocht litearthachta níos traidisiúnta tá réimse níos fairsinge de sholáthraithe féideartha ann, infheistíocht shuntasach san earnáil phríobháideach san áireamh, chun acmhainn dhigiteach a fhorbairt, tionscnaimh mhóra ag Microsoft, IBM, Google agus Accenture sa spás seo ina measc. Bíonn eagraíochtaí forbartha pobail réamhghníomhach freisin le tionscnaimh dhigiteacha lena dtacaíonn an CGCSP agus cláir Sheirbhísí Pobail. Tá cúrsaí dírithe laistigh den BOO maidir le scileanna digiteacha a fhorbairt, ach tá cur chuige modúlach ann freisin a leabaíonn acmhainn dhigiteach mar chuid de sholáthar níos fairsinge ar fud Leibhéil 1-4 ar an CNC. Tá cúrsaí ar líne lena dtacaíonn Ríomhtheagascóir (eTutor) ar fáil freisin trí Ríomhcholaíste a cuireadh ar fáil go hoscailte i rith na paidéime. Cé go bhfuil acmhainní ar líne tábhachtach, caithfear a aithint freisin go dteastóidh foghlaim agus tacaíocht aghaidh ar aghaidh freisin ó fhorhmór an chohóirt a bhfuil ag streachailt leo le bunscoilleana litearthachta.

Le comhsheasmhacht níos mó a chruthú agus le conairí a éascú idir na tairiscintí reatha, ba cheart glacadh le cur chuige atá bunaithe ar inniúlacht ar leibhéal náisiúnta. Ag cur le DigComp, creat inniúlachta digití an AE, ceadóidh seo don líonra BOOanna, soláthraithe oideachais pobail agus forbartha foghlaim agus measúnú a shaincheapadh chun freastal ar phríomhriachtanais an gheilleagair agus na sochaí. Ba cheart go ndíreofaí freisin ar úsáid a bhaint as seo chun níos mó roghanna creidiúnaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil do scileanna digiteacha i measc leibhéil Leibhéil 1 go 4 ar an CNC, agus nasc a dhéanamh le conairí foghlama laistigh den BOO agus níos faide chun cinn. Tacóidh an obair faoina dtugann DCCÉ chun caighdeáin a fhorbairt ar leibhéil 1 go 4 leis an bpróiseas seo freisin.

Thug an taighde ar straitéis le fios gur fearr le go leor daoine a bhfuil easpa scileanna litearthachta agus digiteacha acu foghlaim neamhfhoirmiúil, seachas bealaí creidiúnaithe. Is tábhachtach, mar straitéis tras-Rialtais, trasgheilleagair agus tras-sochaí, go n-aimsítear bealach chun an iomaí cúrsa agus tacaíocht éagsúil a shaothrú arb ann dóibh lasmuigh den earnáil oideachais fhoirmiúil stáit. Tríd an ionad ilfhreastail nua a úsáid, tabharfar na deiseanna scileanna digiteacha uile neamhfhoirmiúla agus creidiúnaithe, príobháideacha agus poiblí, ar an láthair agus ar líne le chéile in aon áit amháin. Déanfaidh sé nasc le hacmhainní ar líne ach cuirfidh sé bealaí soiléire rochtana ar fáil chun comhairle agus tacaíocht a fháil. Ba cheart go ndéanfar an leibhéal infheistíochta, agus an líon foghlaimoirí a dtugtar tacaíocht dóibh i measc na dtionscnamh éagsúil, a fhairsingiú go suntasach freisin.

Cás-Staidéar 3: DigComp agus Inniúlachtaí Digiteacha a Aithint

DigComp: Is é DigComp: an Creat Inniúlachta Digití Eorpach creat tagartha an AE ina ndéantar cur síos ar an méid atá i gceist le bheith inniúil ó thaobh cúrsaí digiteacha de. Is féidir DigComp a úsáid i measc earnálacha, disciplíní agus córas lena chur ar chumas daoine inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt.

Baineann níos mó le bheith inniúil ó thaobh cúrsaí digiteacha de ná díreach bheith in ann an gléas nó na bogearraí is déanaí a úsáid. Príomh-thras-inniúlacht í inniúlacht dhigiteach a chiallaíonn gur féidir le duine teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ar bhealach ríthábhachtach, comhoibritheach agus cruthaitheach. Tacaíonn DigComp le tuiscint chuimsitheach ar inniúlacht dhigiteach, stóráil eolais, aitheantas digiteach, ábhar agus iompar digiteach a fhorbairt ar líne sa saol laethúil ina measc, cosúil le hoibriú, siopadóireacht agus páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Leagtar amach in DigComp na 21 inniúlacht dhigiteach a theastaíonn ó dhaoine (déantar iad seo a rangú faoi chúig limistéar) agus déantar iad a mhapáil i measc ocht leibhéal inniúlachta ón leibhéal scileanna is bunúsaí go dtí an leibhéal scileanna is airde.

Cuirtear breis agus 50 sampla ar fáil i dtreoir DigComp i nGníomh ('DigComp Into Action') maidir le conas a úsáidtear DigComp ar fud an AE agus i dtíortha comhpháirtíochta. Ar an gcuma chéanna, cuireann DigComp ag an Obair ('DigComp at Work') cás-staidéir agus treoirlínte ar fáil ar oiliúint ar scileanna digiteacha do dhaoine aonair agus do ghrúpaí san ionad oibre.

3.3.3 Tacú le Cleachtóirí Oilte

Príomhrud a chuireann litearthacht níos fearr chun cinn é scileanna na ndaoine siúd uile a fhorbairt atá bainteach i bhfoghlaim agus tacaíocht a sholáthar. Tá an cur chuige reatha i dtaobh cumas teagascóirí, múinteoirí, oibrithe tacaíochta agus daoine eile ró-éagsúil, áfach: is gá riachtanais níos soiléire agus níos comhsheasmhaí a shainiú lena chinntiú gur gá do cháilíocht na seirbhíse agus an soláthar cleachtóirí ar cuireadh an oiliúint chuí orthu dul i méid le soláthar litearthachta a fhairsingiú agus a fheabhsú. Tá ceithre phríomhlimistéar ann ar a ndírítear:

- **Bealaí Ardoideachais (AO) isteach sa ghairm:** Tá cáilíochtaí éagsúla AO ann ar féidir leo cabhrú leat an gairm theagaisc na múinteoireachta nó scileanna digiteacha a iontráil, ach níl aon riachtanas tosaigh oideachais ann le haghaidh BOO, ná ní chistítear na roghanna éagsúla AO ar an mbealach céanna ná ní léirítear an luach céanna orthu go comhsheasmhach i measc BOOanna

- **Continuing professional development of practitioners:** A continued focus on professional development for practitioners is important to ensure that skills remain relevant and can respond to the rapidly evolving landscape. There are a range of higher, further, NGO, community and private education providers of upskilling opportunities for practitioners, but there is little consistency in how this is funded, a lack of structure to how the offerings are communicated to practitioners, and a lack of focus on an overall CPD journey and portfolio for practitioners.
- **Forbairt ghairmiúil leanúnach cleachtóirí:** Tá sé tábhachtach go leantar ag díriú ar forbairt ghairmiúil do chleachtóirí lena chinntiú go mbíonn scileanna ábhartha i gcónaí agus gur féidir leo freagairt don tírdhreach atá ag teacht chun cinn go mear. Tá réimse soláthraithe ardoideachais, breisoideachais, eagraíochtaí oideachais neamhrialtasacha, oideachais pobail agus príobháideacha ann a chuireann deiseanna uasoiliúna ar fáil do chleachtóirí, ach is beag comhsheasmhacht atá ann sa bhealach a dhéantar seo a chistiú, tá easpa struchtúir ann maidir le conas a dhéantar tairiscintí a chur in iúl do chleachtóirí, agus tá dírithe ann ar aistear foriomlán FGL agus ar phortfóilió do chleachtóirí.
- **Ról an teagascóra litearthachta a forbairt:** Cé gur cuireadh deireadh ginearálta de réir a chéile le teagascóirí litearthachta deonacha a úsáid mar mheicníocht tacaíochta le blianta beaga anuas, glacann siad le ról tábhachtach, go háirithe maidir le bealach neamhfhoirmiúil neamhbhagrach a sholáthar dóibh siúd a lorgaíonn cabhair den chéad uair. Is féidir leis an bhfoirm seo de thacaíocht tosaigh aghaidh ar aghaidh cur go fiúntach leis an mbearna a líonadh i gcás foghlaimora ó shuíomh neamhfhoirmiúil go suíomh foirmiúil. Tá sé chomh tábhachtach céanna, áfach, go gcuirtear an tacaíocht sin ar fáil go comhsheasmhach ar fud na tíre agus go mbíonn an cumas coiteann ag na cleachtóirí uile chun cabhrú le cláir foghlama a sholáthar agus le teacht orthu a chur ar fáil.
- **Tacaíochtaí uasoiliúna dóibh siúd go léir a dhéileálann go díreach le daoine a dteastaíonn tacaíocht uathu:** Bainfidh ríthábhacht freisin le cúrsaí ‘blúiríní’, tacaíochtaí agus uirlisí measúnaithe cumais a forbairt chun cabhrú le scileanna a forbairt, iad siúd ina measc nach bhfuil fostaithe mar chleachtóirí litearthachta go foirmiúil, ach a dhéileálann le daoine óna dteastaíonn tacaíocht.

3.3.4 Soláthar a Nuálú agus a Fheabhsú

Rinne an tírdhreach reatha tacaíochta litearthachta dul chun cinn cheana féin i ndul i ngleic le heasnamh litearthachta d'aosaigh na hÉireann. Tugann na tascairí níos fairsinge i leith leibhéil litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití atá ann faoi láthair le fios nach ndéanann an struchtúr tacaíochta reatha a dhóthain. Ar an ábhar sin, tá gá ann le hacmhainn tacaíochta litearthachta a mhéadú chun dul i ngleic go hiomlán le riachtanais reatha agus atá ag teacht chun cinn. Lorgaíonn an straitéis seo na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Infheistíocht a mhéadú i soláthar foriomlán litearthachta ar fud BOO.
- Díriú ar mhéadú a bhaint amach ar an líon foghlaimeoirí atá rannpháirteach i seirbhísí BOO do thacaíocht dhíreach litearthachta agus teanga aníos ó 60,000 go 80,000 tríd an réimse cúrsaí atá ar fáil a fhairsingiú i gcaitheamh an chéad leath de shaolré na straitéise.
- Déine na tacaíochta teanga Béarla a mhéadú a sholáthraítear do chainteoirí dúchasacha teangacha eile agus an líon foriomlán foghlaimeoirí a mhéadú a fhaigheann an tacaíocht seo a mhéadú aníos ó 12,000 go 20,000 i rith an chéad leath de shaolré na straitéise.
- Foghlaim a fhairsingiú tríd an ÁNLA agus a sheirbhís teagaisc a sholáthar.
- Leanúint de scéimeanna spriocdhírthe cistithe a fhorbairt chun tacú leis an ról oideachais pobail agus forbartha pobail i dtaobh dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach agus tacú le daoine le riachtanais litearthachta.
- Comhaontú, tríd an nGrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais, ar conas is féidir tacaíochtaí agus seirbhísí eile comhlántacha agus ríthábhachtacha a chur chun feidhme chun tacú le tairiscint mhéadaithe maidir le tacaíocht litearthachta.

Anuas ar acmhainn tacaíochta litearthachta a fhairsingiú, tá gá ann freisin soláthar litearthachta laistigh de BOO a shimpliú. Tá réimse clár ann atá in ainm is díriú ar uasoiliúint litearthachta. Forbraíodh iad seo ar aon dul le fógraí nua beartais agus gealltanais nua chistithe a tháinig chun cinn le roinnt blianta anuas. Tá na teidil éagsúla agus na riachtanais éagsúla cháilitheachta mearbhlach agus d'fhéadfadh go gcuirfidís bacainn roimh rannpháirtíocht. Ar aon dul le croí-aidhm na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2020-2024, caithfear cláir a chomhdhlúthú agus chomhoiriúnú chun infheistíocht agus aird a dhíriú ar chroí-shaincheistanna litearthachta agus uimhearthachta i ngach réigiún. Caithfidh seo bonn éagsúil deiseanna agus tacaíochtaí foghlama a chaomhnú freisin chun freastal ar riachtanais éagsúla foghlaimeoirí agus foghlaimeoirí féideartha. Ba cheart leanúint de mheascán d'fhoghlaim agus tacaíocht ghrúpa bhig, aghaidh ar aghaidh, ar líne, bunaithe sa seomra ranga agus dheonach, neamhfhoirmiúil agus chreidiúnaithe a chur ar fáil agus a fhairsingiú le roghanna solúbtha soláthair.

I ndomhan atá go hiomlán athraithe ó bhonn agus atá ag teacht chun cinn go leanúnach, bainfidh bunriachtanas le nuálaíocht i rochtain, tacaíocht, agus soláthar. Rinneadh obair shuntasach le blianta beaga anuas chun taighde a dhéanamh ar dhea-chleachtas i soláthar litearthachta. Áiríodh leis seo díriú ar fheabhas a chur ar chur chuige litearthachta teaghlaigh agus foghlama idirghlúine, soláthar agus measúnú Béarla d'imircigh, soláthar uimhearthachta aonair, agus foghlaimeoirí a chur san áireamh atá faoi mhíchumas intleachtúil. Tabharfar príomhthús áite sa straitéis litearthachta do chur leis an obair seo agus a chinntiú go ndéantar foghlaim a leabú i measc an tsoláthair. Oibreoidh SOLAS le BOOanna le comhaontú a dhéanamh ar Chomhaontuithe Feidhmíochta Straitéisí 3 bliana

lena chinntiú go bhfuil dea-chleachtas sna limistéir seo á phríomhshruthú ar fud an chórais BOO.

Chabhraigh an obair leis an straitéis seo a fhorbairt chun smaointe nuálacha agus dea-chleachtais a shainaithint lasmuigh de sholáthar BOO, taithí idirnáisiúnta san áireamh. Is tábhachtach an foghlaim seo a shaothrú agus iad a chomhtháthú isteach i ndea-chleachtas reatha mar chuid de thírdhreach tacaíochta comhsheasmhach ar fud na tíre. Ba cheart freagracht a leagan ar na struchtúir mhaoirseachta a leagtar amach i Mír 2 as leanúint ag díriú ar nuálaíocht agus dea-chleachtas a chuíchóiriú. Bunófar ciste láraithe comhoibrithe agus nuálaíochta, a dhéanfaidh an Oifig Cláir Náisiúnta a reáchtáil agus a ndéanfaidh an Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais maoirseacht air, freisin leis na gníomhaíochtaí nuálacha comhpháirtíochta siúd a dhreasú. D'fhéadfadh deiseanna ar leith a bheith ann maidir le teicneolaíocht a chur chun feidhme – ar nós teicneolaíochtaí cúnta agus bogearraí agus próiseas chun freastal ar riachtanais tacaíochta.

Leagann an léargas agus an saineolas a chuireann institiúidí ardoideachais ar tairiscint i rith phróiseas forbartha na straitéise béim ar a dtábhacht i leith foghlaim agus tacaíocht nuálach a mhúnlú chun dul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu. Bunófar ciste chun tacú le taighde ar limistéir ábhartha a imríonn tionchar ar an litearthacht agus úsáidfear na torthaí chun eolas a chur ar fáil do chur chuige agus cleachtas amach anseo.

3.4 Colún a Ceathair: Cumasú

3.4.1 Conairí Duinelárnacha

Teastóidh idirghabháil, cúnamh agus measúnú ó gach foghlaimeoir ag a bhfuil riachtanais tacaíochta litearthachta, a shaincheaptar i leith a spriocanna aonair. Caithfidh an córas tacaíochta litearthachta freastal ar foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, le conairí soiléire agus cuspóir soiléir a bheith ann d'foghlaimeoirí.

Glacfaidh an tseirbhís treorach agus eolais d'aoaigh agus an tseirbhís litearthachta d'aoaigh laistigh de BOOanna le ról tábhachtach i dtaobh tacú le daoine agus iad a nascadh leis na tacaíochtaí a theastaíonn. Bainfidh ríthábhacht le treoir agus eolas leanúnach le conairí freagrúla agus solúbtha foghlama a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais agus uailmhianta daoine faoi láthair agus amach anseo. Tionscnamh ar fiú é a fhiosrú mar chuid den chur chuige seo é uirlis Europass a úsáid, a cheadaíonn foghlaim (foghlaím neamhfhoirmiúil agus chreidiúnaithe) a chur i gcuntas mar chuid d'aistear foghlama aonair.

Sa straitéis seo, rinneamar an gá a thabhairt le fios atá le measúnuithe coiteanna ar litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach agus le foghlaim agus tacaíocht a nascadh le hinniúlachtaí ábhartha a fhorbairt. Beidh conairí

- Conairí Duinelárnacha
- Díriú ar Ghrúpaí Leochaileacha
- Tacú le Tionscnaimh Phobail
- Nasc le Sláinte agus Folláine

4

éifeachtacha duinelárnacha in ann nasc a dhéanamh le haistir fhoirmiúla foghlama ar feadh chreat an CNC, agus cabhróidh caighdeán a fhorbairt ar Leibhéal 1 go 4 leis an bpróiseas seo. Caithfear a aithint freisin, áfach, go dteastaíonn tacaíocht níos neamhfhoirmiúla agus neamhchreidiúnaithe ó go leor daoine. Caithfidh gur féidir leo bheith in ann aistear soiléir a fheiceáil freisin chun an chabhair a fháil a theastaíonn uathu. Ghlac samhlacha tacaíochta litearthachta idirnáisiúnta le creat croiscileanna anuas ar chreataí náisiúnta cáilíochtaí. Moltar go bhforbraítear creat croiscileanna sa ghearrthéarma chun cabhrú le cur chuige duinelárnach a leabú i leith litearthachta a chun cabhrú le foghlaimeoirí agus cleachtóirí riachtanais a thuiscint.

Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar na príomhbhacainní roimh rannpháirtíocht a thugtar chun solais i Mír 1.7, tá sé bunriachtanach go gcuirtear tacaíocht níos fairsinge ar fáil freisin i limistéir ar nós teacht ar iompar láithreacha tuaithe, costais taistil, cúram leanaí inacmhainne agus liúntais béilí anuas ar infheistíocht i soláthar agus seirbhísí. Anuas air sin, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar chistiú cruatain chun déileáil le cúinsí airgeadais ar leith, ar aon dul leis an gcur chuige reatha atá i bhfeidhm do scoláirí rochtana san ardoideachas. D'fhéadfaí é seo a fhorbairt isteach i sainchúram an Chiste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú a luaithe a dhéantar sainchúram inoibrithe oibríochtúil cruatain a fhorbairt agus a chomhaontú.

3.4.2 Tús Áite Dóibh Siúd is Mó atá Thíos leis

Teastaíonn réimse straitéisí agus gníomhartha comhthreisithe agus comhtháite le daoine a spreagadh agus a chumasú agus le tacú leo chun tús áite a thabhairt dá bhforbairt litearthachta, uimhearthachta agus dhigiteach. Le dul chun cinn inbhuanaithe a chur i ngníomh, beidh tús áite le tabhairt dóibh siúd is faide ar gcúl ina thaobh seo, agus is éard a bheidh i gceist leis seo ná díriú ar ghrúpaí ar leith is mó atá i mbaol imeallaithe.

Bainfidh ríthábhacht le hobair eagraíochtaí neamhrialtasacha ionadaíocha agus eagraíochtaí forbartha pobail chun iad siúd is deacra cumarsáid a dhéanamh leo a aimsiú agus riachtanais ar leith tacaíochta a shainaithint. Caithfidh go mbíonn baint ag na heagraíochtaí seo freastal ar riachtanais i gcláir agus tacaíochtaí saincheaptha chun freastal ar riachtanais ghrúpaí is mó is leochailí agus a ndéanann siad ionadaíocht dóibh, agus ar sholáthraithe oideachais a bheidh an dualgas naisc níos dlúithe a fhorbairt le heagraíochtaí chun seo a éascú. Ba cheart gairm théamúil a sheoladh i rith na chéad dhá bhliain den straitéis atá dírithe ar thograí nuálacha chun dul i ngleic le riachtanais chohórt leochaileach. Tá na cohóirt a sainaithníodh i rith phróiseas forbartha na straitéise is mó a dteastaíonn tacaíocht dhírithe uathu leagtha amach i bhFíor 20.

Fíor 20: Cohóirt Fhéideartha Leochaileacha do Chistiú Spriocdhírithe

Daoine Fásta Breacaosta (55+)	Bail de Phobal an Lucht Siúil	Daoine faoi Mhíchumas
Oibrithe Ísealphá	Cúramóirí	Teaghlaigh Aontuismitheora
Daoine i bPríosún agus larchiontóirí	Daoine atá ag Athshlánú ó Andúil	Daoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach
Imircigh	Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta	Daoine a bhfuil Riachtanais Teanga acu

Teastóidh tacaíocht phearsantaithe ghníomhach imeasctha ó go leor daoine aonair agus beidh uasoiliúint le héascú dóibh chun spriocanna gilleagracha agus pearsantaithe a bhaint amach. Caithfear a aithint freisin go bhfágfaidh paindéim COVID-19 leagáid d'athrú struchtúrach ar fud an gheilleagair, agus ní bheidh go leor díobh in ann filleadh ar na poist a bhí acu roimhe seo agus beidh uasoiliúint le litearthacht nó rudaí níos casta ag teastáil ó go leor díobh.


Baineann ríthábhacht le piarmheantóirí, seaimpíní foghlaimeora agus ambasadóirí i bpobail áitiúla le hidirchaidreamh a dhéanamh leo siúd a dtugtar tús áite dóibh agus is mó atá thíos leis. Is féidir leo nasc a dhéanamh le grúpaí forbartha pobail agus le heagraíochtaí eile freisin ar féidir leo comhghreagairtí pobail a fhorbairt i leith bacainní a shárú atá roimh idirchaidreamh tosaigh, anuas ar thacú le riachtanais aonair.

Saincheist ríthábhachtach í tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun tacú leis na daoine is leochailí. Ba cheart iarrachtaí le seirbhís tacaíochta chomhsheasmhach foghlaimeora ar fud BOO a bhunú a bhrostú, agus ba cheart breithniú a dhéanamh ar Oifigeach Tacaíochta nó Rochtana Foghlaimeoirí ar leibhéal BOO chun an ghníomhaíocht seo a chomhordú agus a thabhairt chun cinn. Caithfear tacaíocht airgeadais agus cruatain d'fhoghlaimeoirí a chuimsiú freisin mar chuid de chreat don tacaíocht foghlaimeora seo.

3.4.3 Tacú le Tionscnaimh Phobail

Tá líonra forleathan tacaíochta bunaithe ar leibhéal pobail ar féidir leis cabhrú le réimse saincheistanna a bhaineann le litearthacht. Cabhróidh tionscnaimh ón mbun aníos a sholáthraíonn eagraíochtaí pobail agus deonacha i gcomhpháirtíocht le BOOanna, údaráis áitiúla, Pobal agus clár an CGCSP le hidirchaidreamh a dhéanamh leo siúd is mó atá i mbaol imeallaithe. Baineann ríthábhacht le hidirchaidreamh tosaigh chun tacaíochtaí neamhfhoirmiúla a sholáthar agus daoine á spreagadh i gcomhthráth chun níos mó deiseanna oideachais fhoirmiúil a thapú, más cuí. Éascóidh na gníomhartha seo tacaíocht do thionscnaimh phobalbhunaithe:

Fíor 21: Gníomhartha do Thionscnaimh Phobalbhunaithe



Comhordaitheoirí litearthachta réigiúnacha a cheapadh agus pleananna litearthachta réigiúnacha a fhorbairt ar a ndéanann an Chónaidhm Litearthachta Réigiúnach maoirseacht chun ardán a sholáthar do mhéid i bhfad níos mó idirchaidreamh réamhghníomhach idir soláthraithe oideachais agus eagraíochtaí agus tionscnaimh phobalbhunaithe. Faoi mar a luaitear i Mír 2, tá sé an-tábhachtach go mbíonn na pleananna litearthachta réigiúnacha ar aon dul le pleananna áitiúla eacnamaíochta agus pobail do gach limistéar údarais áitiúil. Beidh cuspóirí Bheartas Forbartha Tuaithe an Rialtais 2021-2025 le cuimsiú iontu freisin i dtaobh ionchuimsiú agus paireacht seirbhísí ar fud na tíre a chinntiú.

Limistéar amháin deiseanna ar cheart é a thabhairt chun cinn láithreach bonn é ról leabharlann a fhorbairt mar an gcéad áit ar a dtriailtear agus mar áit ar féidir teacht ar eolas agus ar acmhainní faoin litearthacht ann. D'fhéadfaí an tionscnamh a mhacasamhlú ann seo le hacmhainní Éire Shláintiúil a thabhairt isteach trí leabharlanna. Mar gheall gur príomhacmhainní pobail iad, is féidir le leabharlanna feidhmiú le himeacht ama mar shíneadh nádúrtha leis an seomra ranga agus mar spás eile inar féidir le daoine fásta teacht ar réimse teicneolaíochtaí agus tacaíochtaí digiteacha.

Beidh na pleananna litearthachta réigiúnacha ag teastáil freisin leis an mbaint atá ag eagraíochtaí oideachais agus forbartha pobail chun dul i ngleic le riachtanais, agus tá cistiú lárnach ar fáil chun tacú le comhoibriú agus nuálaíocht, anuas ar na deiseanna a chuirtear ar fáil tríd an CMOM.

3.4.4 Nasc le Sláinte agus Folláine

Rinneadh plé mionsonraithe ar an nasc díreach idir litearthacht mhaith agus sláinte agus folláine. Ba cheart go dtreiseodh an straitéis seo, dá bharr, cuspóirí Sláintecare, anuas ar thionscnamh Éire Shláintiúil agus ba cheart go ndéanfaí na tacaíochtaí a chuir sé ar fáil isteach sa chur chuige amach anseo i dtaobh riachtanais litearthachta a shásamh. Ba cheart an úsáid a bhaintear as údarais áitiúla agus leabharlanna chun Éire Shláintiúil a thabhairt isteach a léiriú i dtabhairt isteach Litearthachta d'Aosaigh don Saol. Ba cheart go gcuirfeadh sé le cur chuige, dreach agus braistint an tionscnaimh chomhthreomhair thras-Rialtais seo, nuair a chuirtear san áireamh go ndíríonn sé ar go leor de na daoine céanna.

Tacóidh an straitéis, agus an cistiú comhoibritheach agus nuálach a bhuntacaíonn leis, le tionscnaimh a chuireann le hidirghabháil sláinte, cúraim shóisialta agus tacaíochta teaghlaigh, agus é mar aidhm príomhinniúlachtaí tuismitheoirí, cúramóirí, daoine aonair agus teaghlach a neartú chun tacú le roghanna litearthachta dá leanaí agus dóibh féin. Léireofar iad seo i gcur chuige litearthachta teaghlaigh agus foghlama teaghlaigh a bharrfheabhsú ar cruthaíodh go gcabhraíonn siad le míbhuntáiste idirghlúine agus saincheisteanna litearthachta a shárú agus nasc a dhéanamh le feabhsúcháin ar an tsláinte agus ar an bhfolláine.

Nearthaigh an taighde ar an straitéis cé chomh tábhachtach atá litearthacht sláinte i dtaobh chaighdeán foriomlán na beatha. Dea-shampla den nuálaíocht agus den chomhoibriú ar féidir leis fíorthionchar a imirt ar litearthacht é an marc cáilíochta litearthachta sláinte – Crystal Clear – a d'fhorbairt Aontas Cógaiseoirí na hÉireann, an ÁNLA agus MSD, agus a dtacaíonn Éire Shláintiúil leis. Aithníonn marc Crystal Clear an ról ríthábhachtach a ghlacann cógaslanna i dtaobh cabhrú le daoine a saincheisteanna sláinte a thuiscint agus na bearta ar gá dóibh tabhairt fúthu lena sláinte a fheabhsú. Tá an marc seo bainte amach faoi láthair ag 104 cógaslann, agus ba cheart do gach cógaslann tacú lena thabhairt isteach agus ba cheart forbairt bhreise a dhéanamh air chun gur féidir an marc baint freisin le Cleachtais Ghinearálta, ionaid chúraim phríomhúil agus seirbhísí meabhairshláinte.

Ba cheart go gcuirfí san áireamh i bhforbairt an mhairc gur príomhábhar buartha í an mheabhairshláinte i measc go leor díobh siúd a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu. Bainfidh tábhacht le pleananna litearthachta bliantúla náisiúnta, agus pleananna réigiúnacha, a ailíniú le pleananna straitéiseacha leanúnacha agus tionscnaimh thacaíochta eile Mheabhairshláinte Éireann. Tá sé ríthábhachtach freisin, áfach, go gcuirtear tacaíocht litearthachta meabhairshláinte ar fáil, mar chuid den phacáiste níos fairsinge de thacaíocht litearthachta anuas ar an bhfoghlaim, agus ba cheart go gcabhródh comhordaitheoirí réigiúnacha lena chinntiú go mbíonn nasc idir líonraí tacaíochta áitiúla agus soláthraithe oideachais laistigh de phobail.

4. An Straitéis a Chur i bhFeidhm agus Rath a Thomhas



4.1 Cur i bhFeidhm

Tugtar cuntas i Míreanna 2 agus 3 ar chur chuige tras-Rialtais, trasgheilleagair agus tras-sochaí, agus ar chreat gnímh, chun an cur chuige i leith ionchuimsiú litearthachta, uimhearthachta agus digiteach a athrú ó bhonn sna deich mbliana amach romhainn agus chun tacú le fíorchlaohlú saol daoine. Rinne an obair a rinneadh faoin straitéis, agus an cur chuige ionchuimsitheach a bhuntacaigh leis, móiminteam agus meanma chomhpháirtíochta a chruthú i measc príomhpháirtithe leasmhara nach mór a shaothrú anois mar chuid den chéim um chur i bhfeidhm.

Is iad na céimeanna tosaigh de sholáthar na straitéise a bheidh ar na cinn is ríthábhachtaí. Bainfidh tábhacht le seoladh éifeachtach, struchtúir nua chomhpháirtíochta agus tacaíocht dhíríthe comhordaithe, agus le gníomhartha ar féidir leo difear a dhéanamh láithreach, chun riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu a bhunú mar cheann de phríomhdhúshláin shochaíocha na glúine seo. Tá réimse príomhghníomhartha ann don chéim tosaigh seo ina gcuirfear an straitéis i bhfeidhm a shaineoidh conas mar a smaoinimid faoin litearthacht agus conas a oibreoimid i dtreo Litearthacht d'Aosaigh don Saol a chinntiú.

Téama	Gníomhartha sa Chéim Thosaigh um Chur i bhFeidhm
Cur Chuige Tras-Rialtais, Trasgheilleagair agus Tras-Sochaí a Leabú	• Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais a bhunú. • Oifig Cláir a bhunú. • Ciste láraithe Comhoibrithe agus Nuálaíochta a sheoladh. • Cónaidhm Náisiúnta Litearthachta a chruthú. • Comhordaitheoirí Litearthachta réigiúnacha a cheapadh le comhpháirtíochtaí a chur chun cinn ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. • Cónaidhmeanna Réigiúnacha a bhunú do gach limistéar BOO.
TUISCINT: Feachtas Náisiúnta	• Feachtas mór náisiúnta a sheoladh maidir le feachtas ar litearthacht agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú le daoine a bhfuil saincheisteanna litearthachta acu, trí úsáid a bhaint as cainéil iolracha mheán agus atá treisithe ag páirtithe leasmhara ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil

TUISCINT: Ionad Ilfhreastail	• Acmhainn ghréasáin ionaid ilfhreastail a bhunú a thabharfaidh an t-eolas agus an chomhairle ábhartha go léir le chéile faoi litearthacht, agus a chabhróidh leis na riachtanais litearthachta a shainaithint agus a dhéanann nasc le hacmhainní breise a éascóidh daoine an chéad chéim eile a chur díobh chun teacht ar thacaíocht agus ar sheirbhísí. • Seirbhís saorghlao an ÁNLA a fhairsingiú go gcuirfear ar fáil é sa mhullach ar acmhainn an ionaid ilfhreastail go mbeidh sé mar an chéad áit ar cheart teagmháil a dhéanamh leis chun teacht ar chomhairle.
TUISCINT: Seirbhísí Áitiúla Réamhghníomhacha	• Modúil oiliúna ar líne a fhorbairt agus a chur ar fáil do gach duine a oibríonn go díreach i measc seirbhísí áitiúla leo siúd atá thíos le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu, chun cabhrú le riachtanais a shainaithint, cumarsáid chuí a dhéanamh agus iad a chur in iúl dá réir.
TUISCINT: Cur Chuige Comhsheasmhach Measúnaithe	• Cur chuige tosaigh agus leanúnach measúnaithe comhsheasmhach i leith litearthacht agus uimhearthachta i measc na soláthraithe ábhartha go léir a thabhairt isteach go hiomlán agus go cuimsitheach.
ROCHTAIN: Ábhar Neamhchasta agus Inrochtana	• Tá ar eagraíochtaí earnála poiblí comhaontú a dhéanamh ar phleananna tríd an nGrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais lena chinntiú go bhfuil an chumarsáid dhíreach a dhéantar leis an bpobal i bhfriotal neamhchasta.
ROCHTAIN: Rochtain ar Theicneolaíocht	• Cistiú a dhíriú ar theacht ar theicneolaíocht agus ar ghléasanna. • Teacht an phobail ar acmhainní Wi-Fi agus leathanbhanda a fhairsingiú.
ROCHTAIN: Tacaíochtaí Litearthachta Comhtháite san Obair agus Oideachas	• Tacaíocht litearthachta san ionad oibre a fhairsingiú trí nasc a dhéanamh le bonneagar tacaíochta fostóirí agus comhaontú a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta. • Tacaíocht chomhtháite litearthachta a thabhairt isteach go hiomlán ar fud an tsoláthair BOO go léir. • A chinntiú go bhfuil teacht ar thacaíocht litearthachta mar chuid den Scéim Socrúcháin Oibre nua.
ROCHTAIN: Cur Chuige Dearaidh Uilíoch	• Na treoirínte Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) a chur i bhfeidhm, agus sraith acmhainní DUF a úsáid i measc an tsoláthair litearthachta go léir.

FAIRSINGIÚ: Díriú ar Uimhearthacht	Forbairt bhreis a dhéanamh ar mhodúil aonair uimhearthachta do dhaoine fásta i bhformáidí inrochtana agus leibhéil sholúbtha tacaíochta á gcur ar fáil dóibh.
FAIRSINGIÚ: Inniúlachtaí Digiteacha a Fhorbairt	- Na deiseanna scileanna digiteacha uile neamhfhoirmiúla agus creidiúnaithe, príobháideacha agus poiblí, ar an láthair agus ar líne a thabhairt le chéile in aon áit amháin san ionad ilfhreastail. - Infheistíocht i soláthar scileanna digiteacha a fhairsingiú i measc bealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.
FAIRSINGIÚ: Tacú le Cleachtóirí Oilte	Creat foriomlán forbartha leanúnaí do chleachtóirí litearthachta a fhorbairt agus a bhunú ina leabaítear cur chuige comhsheasmhach i leith forbairt scileanna tosaigh agus leanúnach.
FAIRSINGIÚ: Soláthar a Nuálú agus a Fheabhsú	- Infheistíocht i soláthar litearthachta a mhéadú, tacaíocht bhreise Béarla san áireamh d'imircigh. - Cláir thacaíochta litearthachta a chomhdhlúthú. - Dea-chleachtas comhsheasmhach a leabú ar fud BOO trí chomhaontuithe feidhmíochta straitéisí idir SOLAS agus BOOanna.
CUMASÚ: Conairí Duinelárnacha	Creat croíscileanna a bhunú a cheadaíonn d'fhoghlaimoirí na scileanna a theastaíonn uathu agus na conairí foghlama atá ar fáil a thuiscint.
CUMASÚ: Tús Áite Dóibh Siúd is Mó atá Thíos leis	- Tionscnaimh ar leith a chistiú agus a thabhairt isteach chun tacú le spriocghrúpaí imeallaithe, larchiontóirí, Imircigh, Taistealaithe agus Daoine faoi Mhíchumas ina measc. - Piarmheantóirí, seaimpíní foghlaimeora agus ambasadóirí i bpobail áitiúla a cheapadh.
CUMASÚ: Tacú le Tionscnaimh Phobail	An cistiú a sholáthraítear tríd an gCiste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú a mhéadú chun dul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu.

CUMASÚ: Nasc le Sláinte agus Folláine	• Acmhainní Éire Shláintiúil a úsáid lena chinntiú go bhfuil tacaíocht litearthachta sláinte mar chuid de na seirbhísí timfhillteacha d'aon duine aonair a bhfuil riachtanais acu nár freastalaíodh orthu. • Cur chuige litearthachta agus foghlama teaghlaigh a fhás mar chuid de sprioc-chlár tacaíochta d'idirghabháil sláinte, cúraim shóisialta agus tacaíochta teaghlaigh.
Rath a Thomhas	• Cheadaigh an Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais an creat torthaí.

Tugtar chun solais in Aguisín B freisin na gealltanais níos fadtéarmaí a bheidh le leabú laistigh de na pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus réigiúnacha bliantúla de réir mar a dhéanann an straitéis dul chun cinn, anuas ar an gcéim thosaigh um chur i bhfeidhm a luaitear thuas.

4.2 Rath a Thomhas

Cuireadh an straitéis seo i bhfeidhm mar gheall nach bhfuil leibhéil thaifeadta litearthachta, uimhearthachta agus ionchuimsithe dhigitigh d'aoisigh in Éirinn maith a dhóthain go mbeidh geilleagar ann ar ar cuireadh oideachas maith agus atá curtha chun cinn ag an teicneolaíocht, go mór mór. Is rithabhachtach, ar an ábhar sin, go leagtar spriocanna uailmhianacha amach le leibhéil riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu a laghdú go substainteach i gcaitheamh shaolré na straitéise.

Caithfidh gur féidir le straitéis atá chomh fadtéarmach seo i dtaobh cineáil athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gníomhartha agus freagairtí a oiriúnú go gcuirfear an timpeallacht atá ag teacht chun cinn go mear san áireamh. Díreofar go tréan ar rath a thomhas agus ar fheidhmíocht a thuairisciú tríd an Oifig Cláir don Choiste um Chur i bhfeidhm Trasrialtais.

Déanfaidh seo na gníomhartha comhoibritheacha i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla go léir le spriocanna foriomlána chun dul chun cinn a dhéanamh agus cuntasacht don soláthar a chinntiú. Ní foláir don straitéis seo **fiordhifríocht a dhéanamh i dtaobh saol daoine a athrú ó bhonn** agus chun seo a bhaint amach, déanfaidh sé an méid seo a leanas i rith a shaolré:

Fíor 22: Spriocanna Straitéiseacha Ardleibhéil

Litearthacht	An sciar daoine fásta in Éirinn a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu a laghdú, is é sin Leibhéal 1 den CMIIA nó faoina bhun, ó 18% go 7%
Uimhearthacht	An sciar daoine fásta in Éirinn a bhfuil riachtanais uimhearthachta acu nár freastalaíodh orthu a laghdú, is é sin Leibhéal 1 den CMIIA nó faoina bhun, ó 25% go 12%.
Litearthacht Dhigiteach	An sciar daoine fásta in Éirinn nach bhfuil bunscoilleana digiteacha acu a laghdú ó 47% go 20% [faoi mar a thomhaistear san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI).

Cé gurb an-soiléir an fhianaise go bhfuil saincheisteanna litearthachta ann ar fud shochaí na hÉireann, tá sé bunaithe, mar sin féin, ar shonraí stairiúla. Tugadh faoi staidéar idirnáisiúnta an CMIIA in 2012 agus tugadh chun solais ann go raibh feidhmíocht sách dona in Éirinn, agus cuireadh moill ar an gcéad staidéar eile atá ar na bacáin mar gheall ar COVID-19, agus táthar le tosú le sonraí a bhailiú in 2022 agus 2023. Cé go gcuirfidh seo tagarmharc nuashonraithe ar fáil, is soiléir nach bonn daingean é ar féidir rath leanúnach na straitéise a thomhas ina leith. Dá bharr, bheadh feitheamh orthu go dtí tréimhse fhada tar éis dheireadh amfhráma na straitéise sula bhféadfadh tomhas breise an CMIIA a mhéid dul chun cinn a rinneadh a mheas, agus ní bheadh aon táscairí eatramhacha ann le riachtanas a chur in iúl le gníomhartha a athrú nó a oiriúnú fad a bhíonn cur i bhfeidhm na straitéise ar bun.

Is gá bealach níos rialta a bhunú chun leibhéil litearthachta agus uimhearthachta a thomhas, agus comhlacht taighde a chonrú le cleachtadh leanúnach tagarmharcála a oibriú agus a fhorbairt bunaithe ar mhodheolaíocht an CMIIA. Tá an cás i dtaobh ionchuimsiú digiteach níos neamhchasta, agus cuirtear nuashonrú ar fáil i dtuarascálacha bliantúla DESI ar na leibhéil ina bhfuil easnamh bunscoilanna digiteacha. Bainteach leis sin, tá mar chuspóir ag Creat Folláine nua d'Éirinn a fhorbairt dearcadh cuimsitheach iomlánaíoch a éascú i leith conas mar atá ag éirí leis an tír, agus i leith na n-uirlisí reatha tomhais gheilleagraigh. Beartaítear go n-úsáidfear an creat ar fud an Rialtais le himeacht ama chun eolas a chur ar fáil do cheapadh beartas agus lena chur leis na huirlisí reatha a úsáidtear chun anailís beartais a dhéanamh.

Tá súil leis go ndéanfar idirghníomhú soiléir idir na saghsanna torthaí a lorgóidh an creat folláine seo a thomhas, agus iad siúd a lorgaíonn an straitéis litearthachta seo.

Nuair a chuirtear seo san áireamh, agus anuas ar an bplean mionsonraithe um chur i bhfeidhm, ba cheart go n-oibreodh na struchtúir mhaoirseachta freisin le comhaontú a dhéanamh ar chreat torthaí a dhéanfaidh sraith fhoirmiúil de shraith táscairí don straitéis. Leagtar amach léargas ginearálta ar na saghsanna táscairí ba cheart a bhreithniú mar chuid de mhonatóireacht na straitéise i bhFíor 23, agus tugtar míniú breise i bhFíor 24 ar na rudaí ba cheart dóibh seo a thomhas agus conas ba cheart dóibh iad a thomhas. Tá an creat torthaí deighilte in dhá chatagóir fhairsinge: Feasacht, Rochtain agus Soláthar; agus Infheistíocht agus Tionchar.

Cuireann cur chuige comhoibritheach i leith fhorbairt an chreata torthaí deis ar fáil chun an iomaí córas agus uirlis eolais a thabhairt le chéile atá i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a imríonn litearthacht ar thorthaí saoil níos fairsinge.

Fíor 23: Léargas Ginearálta ar Chreat Torthaí na Straitéise LAS




Figure 24: Measuring Strategy Success

Téama	Táscaire	Foinse
Feasacht, Rochtain agus Soláthar		
Leitheadúlacht Litearthachta	An céatadán daoine a bhfuil aithne acu ar dhuine éigin a bhfuil riachtanais chumais litearthachta, uimhearthachta agus dhigitigh acu nár freastalaíodh orthu.	Suirbhé rialta poiblí
Bacainní roimh Rannpháirtíocht	Luadh gur bacainní roimh theacht ar thacaíochtaí litearthachta iad leitheadúlacht laghdaithe tosca.	Suirbhé rialta poiblí
An Chéad Chéim Eile a Chur Díot	Na líonta a ghlacann páirt i dtacaíochtaí litearthachta nua ionaid ilfhreastail.	Monatóireacht leanúnach
Soláthar Litearthachta	Na líonta a ghlacann páirt i bhfoghlaim litearthacht ar fud BOO.	Bunachar sonraí foghlaimoírí BOO Bord Oideachais agus Oiliúna (an CTCF)
Tacaíocht Teanga Béarla	Na líonta a bhfuil tacaíocht teanga Béarla á fáil acu.	Bunachar sonraí foghlaimoírí BOO Bord Oideachais agus Oiliúna (an CTCF)
Soláthar Uimhearthachta	An méid daoine atá ag tabhairt faoi fhoghlaim uimhearthachta.	Bunachar sonraí foghlaimoírí BOO Bord Oideachais agus Oiliúna (an CTCF)
Soláthar Scileanna Digiteacha	Na líonta a bhfuil cúrsaí bunscoil digiteacha á gcur ar fáil dóibh trí Ríomhcholáiste, BOOanna, leabharlanna, fostóirí, etc.	SOLAS and other stakeholders

Téama	Táscaire	Foinse
Infheistíocht agus Tionchar		
Cumas Litearthachta	Measúnú ar leibhéil chumais litearthachta i measc dhaonra na hÉireann.	An gá le uirlis níos gnáiche ná an CMIIA a fhorbairt
Infheistíocht i Litearthacht	Leibhéal infheistíochta, ar an iomlán, i dtacaíochtaí litearthachta.	SOLAS
Rannpháirtíocht i measc Spriocghrúpaí a dtugtar Tús Áite dóibh	Na líon ó na príomh-spriocghrúpaí a dtugtar tús áite dóibh a fhorbraíonn bunscileanna in BOO.	Bunachar sonraí foghlaimoirí BOO Bord Oideachais agus Oiliúna (an CTCF)
Cumas Digiteach	Céatadán daoine a bhfuil easnamh bunscileanna digiteacha /an céatadán daoine a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha acu.	Innéacs DESI
Rochtain ar Theicneolaíocht	Céatadán na ndaoine a bhfuil rochtain ar leathanbhanda acu.	An POS
Tagarmharc Litearthachta Aosach an CMIIA	Tagarmharc tréimhsiúil an CMIIA ina dtugtar anailís chuimsitheach ar leibhéil litearthachta de réir caighdeáin idirnáisiúnta.	An CMIIA (tá súil leis in 2024)
Oibriú Trasrialtais	Struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm agus páirt ghníomhach á glacadh ann ó thaobh peirspictíochtaí oideachais, sláinte, leasa, rialtais áitiúla agus forbartha pobail ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.	An RBOAOTNE

Tá sé an-tábhachtach freisin go ndírítear rath na straitéise a thomhas ar tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon. Beidh páirt lárnach ag aiseolas leanúnach ó fhoghlaimoirí agus rannpháirtithe chun feabhsú leanúnach a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na gníomhartha agus na spriocanna a leagtar amach sa straitéis seo. Forbairt thábhachtach ina leith seo a bhí san Fhóram Foghlaimoirí BOO Náisiúnta ina leith seo, ach caithfear seo a fhorbairt trí chomhairliúchán dírithe leo siúd a bhfuil teacht á fháil acu ar sheirbhísí litearthachta i rith shaolré na straitéise LAS.

D'fhéadfaí uirlis a thabhairt isteach freisin a dhéanann 'an dul chun cinn a rinneadh' a thomhas ar féidir leis dul chun cinn iad siúd a rianú le himeacht ama a bhfuil páirt á glacadh acu san fhoghlaim agus i dtacaíocht litearthachta. Tá forbairt a leithéid d'uirlis tomhais scileanna boga a fhorbairt á stiúradh ag Pobal, agus iad ag oibriú go dlúth le Quality Matters, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus le Cuideachtaí Forbartha Áitiúla. Tacaíonn an uirlis, ar a dtugtar M'Aistear ('My Journey'), le húsáideoirí seirbhíse agus leis an bhfoireann chun oibriú as lámh a chéile chun spriocanna pearsanta a shainaithint agus dul chun cinn ina leith seo a thaispeáint le himeacht ama. Déanann M'Aistear cúig limistéar scileanna boga a thomhas:

1. Muinín litearthachta agus uimhearthachta
2. Muinín, spriocanna a leagan amach agus féin-éifeachtúlacht
3. Scileanna cumarsáide
4. Ceangal le daoine eile
5. Ullmhacht ghinearálta d'obair

Tugann a chur i bhfeidhm i measc go leor de na dúshláin a bhfuiltear le dul i ngleic leo ina measc siúd a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu le fios go bhféadfaí é a úsáid mar uirlis tomhais cháilióchtúil don straitéis seo. Ba cheart triail phíolótach a bhaint as a úsáid i rith na céime tosaigh um chur i bhfeidhm, agus ba cheart é a thabhairt isteach go hiomlán má chruthaítear go bhfuil sé éifeachtach.

Tá féidearthacht ann freisin le measúnú a dhéanamh ar thionchair litearthachta go háitiúil, trí Mheasúnú ar Thionchar Sóisialta comhtháite nó creatchur chuige folláine a fhorbairt. Déanfar forbairt bhreise ar uirlisí agus tacaíochtaí a úsáidfídh an Comhordaitheoir Litearthachta Réigiúnach i gcomhpháirtíocht hÚdaráis Áitiúla agus BOOanna le cabhrú leo breithniú a dhéanamh ar thorthaí litearthachta i gcomhthéacs measúnuithe folláine. Tá cleachtas idirnáisiúnta ag teacht chun cinn maidir le folláine fhoriomlán a thomhas, faoi mar a leagtar amach i bhFíor 25, agus luaitear sa straitéis seo go mbeartaítear creat folláine a fhorbairt d'Éirinn. Is tábhachtach go gcuimsítear spriocanna agus torthaí na straitéise isteach sa chreat níos fairsinge seo de réir mar a thagann forbairt bhreise air.

Fíor 25: Cur Chuige Idirnáisiúnta i leith Folláine a Thomhas

Tír	Uirlis
An Ísiltír	Monatóireacht ar Fholláine Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) i gcomhthéacs na hÍsiltíre - Monatóireacht ar Fholláine agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2020 CBS
An Nua-Shéalainn	Creat Caighdeáin Mhaireachtála an Chisteáin https://statisticsnz.shinyapps.io/ellbeingindicators/_w_Of2965ef/?page=alignment&subpage=aligningcurrent
Albain	Scotland Performs Creat Feidhmíochta Náisiúnta Feidhmíocht Táscaire Náisiúnta Creat Náisiúnta Feidhmíochta An CNP a Chur i Láthair An Creat Feidhmíochta Náisiúnta hyperlinks
UK	What works centre for well-being Baile - Measúnú a dhéanamh ar Fholláine (whatworkswellbeing.org)

Cé go mbuntacóidh monatóireacht agus rianú leanúnach ar rath le cur i bhfeidhm na straitéise, beidh sé tábhachtach dul chun cinn a chur i gcuntas go foirmiúil i rith shaolré na straitéise. Choimisiúnóidh an Oifig Cláir athbhreithniú neamhspleách meántearma ar dhul chun cinn cúig bliana tar éis gur soláthraíodh é. Ceadóidh seo don dara leath de chur i bhfeidhm na straitéise a bheith curtha ar an eolas ag anailís thráthúil anailís ar an timpeallacht agus ag ábharthacht leanúnach na dtosaíochtaí straitéiseacha.

Aguisín A: An Tírdhreach Tacaíochta Litearthachta in Éirinn

Baineann seo le Mír 1.7 agus léirítear sa tábla thíos sonraí níos mó faoin tírdhreach reatha tacaíochta do thacaíocht litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digiti in Éirinn.

An Tírdhreach Tacaíochta Litearthachta in Éirinn

Oideachas	
Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)	Cuireann Líonra réigiúnach 16 BOO seirbhísí áitiúla ar fáil chun dul i ngleic le riachtanais an bhoinn mhóir daoine fásta a bhfuil leibhéil isle litearthachta agus uimhearthachta acu in Éirinn. Léirítear i sonraí SOLAS gur áiríodh leis na líonta daoine a chláraigh do chlár in 2019 Grúpaí Litearthachta Aosach (25,356), grúpaí TFAO (22,030), BCTE (12,265), Athlonnaíocht Dídeanaithe (693) agus Teagasc Litearthachta Deonach (749). Cuirtear tacaíochtaí foghlama teaghlaigh freisin. Soláthraíonn BOOanna clár thacaíochta teanga Béarla do dhaoine aonair a lorgaíonn a scileanna teanga Béarla a fheabhsú. Cuireann BOOanna réimse níos fairsinge de chlár ar fáil trasna roinnt sruthanna cistithe d'fhoghlaimeoirí fásta agus cuirtear tacaíocht chomhtháite Litearthachta agus Uimhearthachta ar fáil i ngach saghas clár. Cuireann Seirbhísí Treorach in BOOanna eolas neamhchlaonta faoi ghairmeacha beatha agus oideachas ar fáil do dhaoine fásta ar mian leo filleadh ar an oideachas agus oiliúint nó atá cláraithe cheana féin ar chlár BOO laistigh de na BOOanna - le roghanna feasacha oideachais, gairm bheatha agus saoil a dhéanamh. Cuireann BOOanna tacaíocht litearthachta freisin mar chuid de chlár oideachais príosúin níos fairsinge.
An ÁNLA	Cuireann an ÁNLA comhairle, eolas agus deiseanna oideachais ar fáil do dhaoine ar mian leo feabhas a chur ar a litearthacht. Cuireann an ÁNLA Seirbhís Teagaisc ar fáil a sholáthraíonn tacaíocht ar an nguthán agus ar an idirlíon. Déanann an ÁNLA Foghlaim leis an ÁNLA ('Learn with NALA') a bhainistiú, ar láithreán gréasáin Ríomhfhoghlama é inar féidir measúnú a dhéanamh ar scileanna daoine i measc roinnt limistéar agus plean foghlama aonair a fháil chun dul i ngleic leis na riachtanais a shainaithnítear. Comhordaíonn sé an feachtas An Chéad Chéim a Chur Díot i gcomhpháirtíocht le SOLAS agus BOOanna a cuireadh ar bun gach bliain ó 2016 ar aghaidh.
Soláthraithe Oideachais Pobail	Cuireann líonra soláthraithe oideachais pobail réimse forbartha litearthachta, uimhearthachta, scileanna digiteacha agus cúrsaí agus tacaíochtaí eile ar fáil. Cistítear go príomha é trí BOOanna, agus cé gur minic go mbíonn teacht ar chistiú forbartha pobail eile, cuimsítear in oideachas pobail foghlaim fhoirmiúil chreidiúnaithe agus neamhfhoirmiúil. Tugadh tacaíocht in BOO do bhreis agus 33,000 foghlaimeoir trí oideachas pobail in 2019.

Sláinte agus Teaghlach	
Ionad Acmhainní Seirbhísí Pobail agus Teaghlaigh (IAT)	Is é an IAT an clár tacaíochta teaghlaigh is mó in Éirinn a sholáthraíonn seirbhísí uilíocha a sholáthar do theaghlaigh i gceantair faoi mhíbhuntáiste ar fud na tíre bunaithe ar chur chuige saolré trína líonra 121 Ionad ar fud na tíre, agus an dá Ionad for-rochtana atá aige. Cistíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an RLCMLÓ) é agus déanann TUSLA é a bhainistiú ar leibhéal náisiúnta.

Cógaslanna/ DGanna/ Ionaíd Chúraim Phríomhúil	Mar chuid de Litearthacht Sláinte, thacaigh creat Éire Shláintiúil le Clár Cógaisíochta agus Cleachtais Ghinearálta Crystal Clear a d'fhorbair an ÁNLA, MSD agus Aontas Cógaiseoirí na hÉireann (ACÉ). ²⁴ Cabhraíonn an creat seo leis an tionscal Cógaisíochta le bealaí a thacaíonn le litearthacht a fhorbairt chun déileáil le custaiméirí. Thug taighde le fios gur príomhphointe teagmhála iad cleachtóirí cúraim phríomhúil a dhéanann teagmháil rialta le daoine aonair agus le teaghlaigh chun litearthacht a chur chun cinn.
--	---

An Deighilt Dhigiteach	
Náisiúnta Plean Leathanbhanda (SDDS)	Tá leibhéal níos mó de nascacht ar fud na tíre á soláthar trí bhonneagar a thabhairt isteach, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda san áireamh. Cuireadh Pointí Ceangail Straitéiseacha i bhfeidhm ar féidir iad a úsáid chun rochtain agus nascacht áitiúil a thabhairt chun cinn. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar Wi-Fi a chur ar fáil i moil dhigiteacha phobail, leabharlanna agus ionaid eile, cosúil le hionaid acmhainní teaghlaigh.
Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh (SDDS)	Dírítear sa Scéim Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh ar dheis a sholáthar do dhaoine nach bhfuil ar líne chun na bunscoileanna a fhoghlaim agus an mhuinín a fháil chun a n-aistear digiteach a thosú. Cuireann an scéim deich n-uaire an chloig d'oiliúint seomra ranga saor in aisce ar fáil i láithreacha iomadúla i ngach contae. Cuireann eagraíochtaí pobail, deonacha agus seachbhrabúsacha ranganna ar fáil agus fógraítear iad go háitiúil agus déantar amanna agus ionaid a eagrú chun freastal ar riachtanais a shainaithin rannpháirtithe. Tá de chuspóir ag an gclár seo cúrsaí a sholáthar do 70,000 foghlaiméir. ²⁵
Litearthacht sna Meáin (an BAI)	Cistíonn Údarás Craolacháin na hÉireann (an BAI) clár chun litearthacht aosach a fheabhsú. Anuas air sin, éascaíonn an BAI obair Litearthacht sna Meáin Éireann (Media Literacy Ireland), cumann neamhspleách ball atá tiomanta do litearthacht sna meáin a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

Forbairt Pobail	
Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus Cuideachtaí Eile um Chur i bhFeidhm an CGISP, eagraíochtaí eile áitiúla neamhspleácha forbartha pobail san áireamh	Cuireann Comhlachtaí áitiúla um Chur i bhFeidhm an Clár Gníomhachtais Cuimsithe Shóisialta agus Pobail (an CGCSP) 2018-2022 ar fáil agus soláthraíonn sé cistiú chun dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta trí rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí áitiúla idir daoine aonair faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí eamnála poiblí. Áirítear leis an CGCSP gníomhartha oiliúna a bhaineann le TF a sholáthar chun daoine a ullmhú don mhargadh saothair agus chun tabhairt faoi uasoiliúint agus cabhrú le daoine aghaidh a thabhairt ar theicneolaíochtaí nua. Déanann na cuideachtaí seo clár a sholáthar freisin clár trí LEADER, Tús agus an Scéim Shóisialta Tuaithe. Anuas air sin, oibríonn Comhpháirtíocht Náisiúnta an Lucht Siúil, an Clár Forbartha Pobail Náisiúnta píolótach agus Comharghnó Náisiúnta na Líonraí Ban Pobalbhunaithe (NCCWNN) i dteannta a chéile, trí úsáid a bhaint as prionsabail agus cleachtas forbartha pobail, chun tacú le pobail mhionlaigh imeallaithe.

24 An ÁNLA – An Tuarascáil ‘Litearthacht d’Aosaigh don Saol’

25 <https://www.gov.ie/en/publication/cb7ce-digital-skills-for-citizens-scheme/>

Clár Seirbhísí Pobail	Cistítear roinnt oiliúint/cúrsaí TF/bunscoileanna digiteacha freisin tríd an gClár Seirbhísí Pobail, atá á reáchtáil ag Pobal, agus cuireann oideachas pobail nó eagraíochtaí pobail agus deonacha eile é ar fáil. Cuireadh 308 cúrsa ar siúl in 2020 agus ghlac 1,994 rannpháirtí páirt iontu.
Cumainn Spóirt	Tá príomhról ag cumainn spóirt ar leibhéal áitiúil i dtaobh idirchaidreamh a dhéanamh le daoine agus pobail, agus is minic gur féidir bealach neamhfhoirmiúil a sholáthar dóibh siúd a bhfuil riachtanais litearthachta nó eile acu chun tacaíocht a lorg.

Eolas	
Leabharlanna	Cuireann leabharlanna tairbhí fhorbairt na litearthachta agus na léitheoireachta chun cinn do dhaoine ar gach aois agus cuireann siad deiseanna ar fáil do dhaoine forbairt a dhéanamh ina ndaoine aonair liteartha agus eolacha. Tá croíghné straitéiseach atá dírithe ar fhorbairt léitheoireachta agus litearthachta sa straitéis náisiúnta leabharlann phoiblí, 'Ár Leabharlanna Poiblí 2022' ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (an GBRÁ), trí Fhorbairt Leabharlann. Cuireann na 330 leabharlann phoiblí sa tír clár náisiúnta ar fáil – Ceart chun Léitheoireachta ('Right to Read') – trí chroíshraith seirbhísí agus acmhainní. Tacaíonn leabharlanna freisin le foghlaim leanúnach sa litearthacht, sa litearthacht dhigiteach freisin, trí chlár agus rochtain ar eolas bunriachtanach agus ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a sholáthar. Sheol Leabharlanna Poiblí, i gcomhar le foilsitheoirí, díoltóirí leabhar agus údair lá nua náisiúnta "Éire ag Léamh", a spreagann daoine ar gach aois bheith ag léamh agus cabhrú le meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn.
Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh	Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an BFS) cistiú ar fáil do Sheirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS) ar fud na hÉireann. Cuireann an SFS tacaíocht ar fáil do shaoránaigh maidir le teacht ar a gcearta agus a dteidlíochtaí. Chas breis agus 560,000 cliant in 2019 leis an SFS agus bhí fadhbanna rochtana ag duine as gach naonúr díobh, rochtain teanga, litearthachta agus dhigiteach ina measc. Cistíonn an BFS an tSeirbhís Ateangaireachta Teanga Comharthaíochta (SATC) a sholáthraíonn SACÉ (Seirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann) agus ateangairí i bpearsan don Phobal Bodhar.
An SBCA	Cuireann an BFS cistiú ar fáil do na Seirbhísí Buiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA) ar fud na hÉireann. Cuireann an SBCA tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair atá thíos le saincheistanna fiachais agus airgid, cabhair san áireamh le buiséadú agus déileáil le creidiúnaithe. Cistíonn an BFS SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta freisin, arb eagraíocht ar leith í a chuireann tacaíochtaí litearthachta airgeadais agus airgeadais agus fiachais eile ar fáil do Phobal an Lucht Siúil.

Fostaíocht	
Intreo	Pointe teagmhála aonair is ea Intreo do gach tacaíocht fostaíochta agus ioncain. Tá sé in ainm is cur chuige níos cuíchóirithe a sholáthar agus cuireann Intreo seirbhísí agus tacaíochtaí fostaíochta atá praiticiúil agus saincheaptha do chuardaitheoirí poist agus fostóirí araon.
Infhostaitheacht	The EmployAbility Service helps people with disabilities, injuries and illnesses to get a job. The EmployAbility Service works through sponsor organisations in local communities.

Scéimeanna Ionaíde Pobail	Scéimeanna ionaíde pobail a sholáthar deiseanna oibre do dhaoine dífhostaithe. Mar chuid den tacaíocht fhoriomlán a fhaigheann rannpháirtithe scéime, is minic go bhféadfaidís a bheith nasctha le seirbhísí agus tacaíochtaí eile a theastaíonn uathu. I measc na samplaí, tá Fostaíocht Pobail, Tús agus an Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige (an STFÓ).
Fostóirí	Bíonn bacainní litearthachta roimh bhonn suntasach den lucht saothair reatha, agus tá sé an-tábhachtach, ar an ábhar sin, go mbíonn cur amach ag fostóirí ar shaincheisteanna féideartha, gur féidir leo riachtanais a shainaithint aghaidh a bhfostaithe a nascadh le tacaíocht agus seirbhísí cuí.

Appendix B: Léargas Ginearálta ar Ghealltanais Ghearrthearma agus Níos Fadtéarmaí

Theme	Actions in the Initial Implementation Phase	Longer-term Commitments
Cur Chuige Tras-Rialtais, Trasgheilleagair agus Tras-Sochaí a Leabú	• Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais a bhunú. • Oifig Cláir a bhunú. • Ciste láraithe Comhoibrithe agus Nuálaíochta a sheoladh. • Cónaidhm Náisiúnta Litearthachta a chruthú. • Comhordaitheoirí Litearthachta réigiúnacha a cheapadh le comhpháirtíochtaí a chur chun cinn ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. • Cónaidhmeanna Réigiúnacha a bhunú do gach limistéar BOO.	• Creat do Thacaíocht Pobail a fhorbairt le hacmhainn tacaíochta litearthachta trasghníomhaireachta a fhorbairt atá 'timfhillteach' agus áitiúil. • Pleananna Gníomhaíochta Litearthachta Réigiúnacha a fhorbairt lena gcomhaontaíonn Cónaidhmeanna Réigiúnacha. • Tionscadail phíolótacha chomhoibritheacha rathúla a phríomhshruthú.
TUISCINT: Feachtas Náisiúnta	• Feachtas mór náisiúnta a sheoladh maidir le feasacht ar litearthacht agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú le daoine a bhfuil saincheisteanna litearthachta acu, trí úsáid a bhaint as cainéil iolracha mheán agus atá treisithe ag páirtithe leasmhara ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.	• Plean cumarsáide fadtéarmach, treoirlinnte maidir le branda san áireamh. • Feachtais leanúnach ar bhonn bliantúil, ar a laghad.

TUISCINT: Ionad Ilfhreastail	• Ionad ilfhreastail a bhunú a thabharfaidh an t-eolas agus an chomhairle ábhartha go léir le chéile faoi litearthacht, agus a chabhróidh leis na riachtanais litearthachta a shainaithint agus a dhéanann nasc le hacmhainní breise a éascóidh daoine an chéad chéim eile a chur díobh chun teacht ar thacaíocht agus ar sheirbhísí. • Seirbhís saorghlao an ÁNLA a fhairsingiú go gcuirfear ar fáil é sa mhullach ar acmhainn an ionaid ilfhreastail go mbeidh sé mar an chéad áit ar cheart teagmháil a dhéanamh leis chun teacht ar chomhairle	• Banc acmhainní a bhunú ar féidir leis tacú leo siúd go léir atá ag déileáil go díreach le daoine a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu. • An portfóilió deiseanna agus tacaíochtaí foghlama ar líne a fhairsingiú go substainteach do dhaoine a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu.
TUISCINT: Seirbhísí Áitiúla Réamhghníomhacha	• Modúil oiliúna ar líne a fhorbairt agus a chur ar fáil do gach duine a oibríonn go díreach i measc seirbhísí áitiúla leo siúd atá thíos le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu chun cabhrú le riachtanais a shainaithint, cumarsáid chuí a dhéanamh agus iad a chur in iúl dá réir.	• Forbraíodh agus cuireadh sraith chomhsheasmhach acmhainní foghlama agus tacaíochta litearthachta ar fáil don phobal i measc na seirbhísí áitiúla go léir.
TUISCINT: Cur Chuige Comhsheasmhach Measúnaithe	• Cur chuige tosaigh agus leanúnach measúnaithe comhsheasmhach i leith litearthacht agus uimhearthachta i measc na soláthraithe ábhartha go léir a thabhairt isteach go hiomlán agus go cuimsitheach.	• Próiseas tras-atreoraithe do theacht ar phróisis chaighdeánacha mheasúnaithe BOO tosaigh agus leanúnacha do sholáthraithe oideachais pobail agus seirbhísí áitiúla agus pobail. • Triail phíolótach a bhaint as measúnuithe litearthachta i measc réimse fairsing tástálacha gnóthachtála le soláthraithe oideachais. • Uirlis choiteann mheasúnaithe litearthachta digití a fhorbairt a chuirtear ar fáil ar líne trí ionad ilfhreastail.
ROCHTAIN: Ábhar Neamhchasta agus Inrochtana	• Tá ar earnáil phoiblí earnála poiblí comhaontú a dhéanamh ar phleananna tríd an nGrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais lena chinntiú go bhfuil an chumarsáid dhíreach a dhéantar leis an bpobal i bhfriotal neamhchasta.	• Clár forbartha Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar chumarsáid sa teanga dhúchais ag eagraíochtaí earnála poiblí.

ROCHTAIN: Access to Technology	• Cistiú a dhíriú ar theacht ar theicneolaíocht agus ar ghléasanna. • Teach an phobail ar acmhainní Wi-Fi agus leathanbhanda a fhairsingiú.	• An líonra moil dhigiteacha phobalbhunaithe atá nasctha le tacaíocht litearthachta a fhairsingiú. • Bonneagar a thabhairt isteach ag iompróirí, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda san áireamh, le leibhéil níos mó de nascacht ar fud na tíre a sholáthar. • Pointí Ceangail Straitéiseacha a úsáid le rochtain agus nascacht áitiúil a thabhairt chun cinn. • A indéanta atá scéimeanna creidmheasa cánach agus iasachta do ghléasanna a fhiosrú agus iad a chur i bhfeidhm má bhaintear torthaí dearfacha amach. • Tabhairt faoi rochtain ar Eduroam i measc foghlaimoirí litearthachta. • Clár leanúnach infheistíochta i dteicneolaíocht chúnta. • Tabhairt faoi chomhaontuithe sonraí neamhtheoranta a bhaint amach le soláthraithe teileachumarsáide le rannpháirtíocht foghlaimoirí le hacmhainní foghlama agus tacaíochta litearthachta ar líne a éascú.
Tacaíochtaí Litearthachta Comhtháite san Obair agus Oideachas	• Tacaíocht litearthachta san ionad oibre a fhairsingiú trí nasc a dhéanamh le bonneagar tacaíochta fostóirí agus comhaontú a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta. • Tacaíocht chomhtháite litearthachta a thabhairt isteach go hiomlán ar fud an tsoláthair BOO go léir.	• Fostóirí a nascadh le hacmhainní foghlama agus tacaíochta litearthachta ar líne agus iad a shaincheapadh chun freastal ar a riachtanais. • Acmhainní tacaíochta a phríomhshruthú agus pobail chleachtais ar fud BOO a fhorbairt. • Tacaíocht litearthachta, uimhearthachta agus bunscileanna a leabú mar chuid den tairiscint faoi Scéim Socrúcháin Oibre an RCS.
ROCHTAIN: Cur Chuige Dearaidh Uilíoch	• Treoirilínte DUF a chur i bhfeidhm, sraith acmhainní DUF a úsáid i measc an tsoláthair litearthachta go léir.	• Straitéis fhadtéarmach infheistíochta caipitil agus léasaithe a úsáid lena chinntiú go bhfuil saoráidí nua-aimseartha neamhfhoirmiúla ‘neamhinstitiúide’ ar fáil don fhoghlaím agus tacaíocht litearthachta.

FAIRSINGIÚ: Díriú ar Uimhearthacht	Forbairt bhreis a dhéanamh ar mhodúil aonair uimhearthachta do dhaoine fásta i bhformáidí inrochtana agus leibhéil sholúbtha tacaíochta á gcur ar fáil dóibh.	- Uirlis choiteann mheasúnaithe uimhearthachta a thabhairt isteach i measc na soláthraithe foghlama agus tacaíochta ábhartha go léir. - Tacú le tionscnaimh chomhthéacsúla thacaíochta uimhearthachta a fhorbairt atá nasctha le disciplíní staidéir, gairmeacha beatha, trádáil nó le hearnálacha tionscail.
FAIRSINGIÚ: Inniúlachtaí Digiteacha a Fhorbairt	- Na deiseanna scileanna digiteacha uile neamhfhoirmiúla agus creidiúnaithe, príobháideacha agus poiblí, ar an láthair agus ar líne a thabhairt le chéile in aon áit amháin san ionad ilfhreastail. - Infheistíocht i soláthar scileanna digiteacha a fhairsingiú i measc bealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.	- An soláthar uile scileanna digiteacha a nascadh le creat inniúlachta digití DigCom an AE. - Tacú le tionscnaimh chlocha cora chun measúnuithe inniúlachta a nascadh le conairí foghlama.
FAIRSINGIÚ: Tacú le Cleachtóirí Oilte	Creat foriomlán forbartha leanúnaí do chleachtóirí litearthachta a fhorbairt agus a bhunú ina leabaítear cur chuige comhsheasmhach i leith forbairt scileanna tosaigh agus leanúnach	- Comhaontú a dhéanamh le cur chuige comhsheasmhach i leith teagasc litearthachta aghaidh ar aghaidh a sholáthar, go mbíonn inniúlachtaí coiteanna ag gach teagascóir le cabhrú le cláir oiliúna a sholáthar. - Riachtanais chomhsheasmhacha tosaigh oideachais, cur chuige struchtúrach atá bunaithe ar phortfóilió i leith forbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach, ról comhsheasmhach sainithe amach anseo do theagascóirí litearthachta agus réimse modúil chroíscileanna a shocrú a chuirfear ar fáil do gach duine atá bainteach i dtacaíocht litearthachta.

FAIRSINGIÚ: Soláthar a Nuálú agus a Fheabhsú	• Infheistíocht i soláthar litearthachta a mhéadú, tacaíocht bhreise Béarla san áireamh d'imircigh. • Cláir thacaíochta litearthachta BOO a chomhdhlúthú. • Dea-chleachtas comhsheasmhach a leabú ar fud BOO trí chomhaontuithe feidhmíochta straitéisí idir SOLAS agus BOOanna.	• Leanúint de scéimeanna spriocdhírithe cistithe a fhorbairt chun tacú leis an ról oideachais pobail agus forbartha pobail i dtaobh dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach agus tacú le daoine le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu. • Comhaontú, tríd an nGrúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais, ar conas is féidir tacaíochtaí agus seirbhísí eile comhlántacha agus rithábachtacha a chur chun feidhme chun tacú le tairiscint mhéadaithe maidir le tacaíocht litearthachta. • Ciste taighde a bhunú chun tacú le taighde ar limistéir ábhartha a imríonn tionchar ar an litearthacht agus é seo a úsáid chun eolas a chur ar fáil do chur chuige agus cleachtas amach anseo. • Seirbhísí agus tacaíocht chomhsheasmhach agus bhreithe maidir le cur chuige litearthachta teaghlaigh agus foghlama idirghlúine, soláthar agus measúnú Béarla d'imircigh, soláthar uimhearthachta aonair, agus foghlaimeoirí a chur san áireamh atá faoi mhíchumas intleachtúil, ar aon dul le treoirlínte dea-chleachtais.
CUMASÚ: Conairí Duinelárnacha	• Creat croiscileanna a fhorbairt a cheadaíonn d'foghlaimeoirí na scileanna a theastaíonn uathu agus na conairí foghlama atá ar fáil a thuiscint.	• Treoir a leabú sa tsamhail tacaíochta chun eolas a chur ar fáil do chonairí foghlama.
CUMASÚ: Furthest Behind First	• Tionscnaimh ar leith a chistiú agus a thabhairt isteach chun tacú le spriocghrúpaí imeallaithe, larchiontóirí, Imircigh, Taistealaithe agus Daoine faoi Mhíchumas ina measc. • Piarmheantóirí, seaimpíní foghlaimeora agus ambasadóirí i bpobail áitiúla a cheapadh.	• Córas de thacaíocht foghlaimeora chomhsheasmhach tugtha isteach ar fud BOO. • Gairm théamúil dírithe ar riachtanais chohórt leochaileacha ar leith óna dteastaíonn comhpháirtíocht idir soláthraithe oideachais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a dhéanann ionadaíocht do nó a sholáthraíonn seirbhísí do na cohóirt leochaileacha siúd.

CUMASÚ: Tacú le Tionscnaimh Phobail	• An cistiú a sholáthraítear tríd an gCiste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú a mhéadú chun dul i ngleic le riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu.	• Téamaí coiteanna a fhorbairt atá dírithe ar riachtanais litearthachta nár freastalaíodh orthu i measc chlár an CGCSP agus an CMOM. • Pleananna litearthachta réigiúnacha a ailíniú le plananna áitiúla eacnamaíochta agus pobail do gach limistéar údaráis áitiúil. • Ról leabharlann a fhorbairt mar an gcéad áit a ndéantar teagmháil leis agus an teacht atá ar acmhainní a fhorbairt ar féidir leo tacú le scileanna litearthachta agus digiteacha. • Prótacail atreoraithe a chur i bhfeidhm i measc seirbhísí pobalbhunaithe. • An próiseas clárúcháin a shimpliú do dhaoine atá rannpháirteach i bhfoghlaim agus tacaíocht litearthachta ar leibhéal pobail.
CUMASÚ: Nasc le Sláinte agus Folláine	• Acmhainní Éire Shláintiúil a úsáid lena chinntiú go bhfuil tacaíocht litearthachta sláinte mar chuid de na seirbhísí timfhillteacha d'aon duine aonair a bhfuil riachtanais acu nár freastalaíodh orthu. • Cur chuige litearthachta agus foghlama teaghlaigh a fhás mar chuid de sprioc-chlár tacaíochta d'idirghabháil sláinte, cúraim shóisialta agus tacaíochta teaghlaigh.	• Tacaíocht spriocdhírithe a fhorbairt dóibh siúd atá thíos le saincheistanna meabhairshláinte. • Marc litearthachta sláinte Crystal Clear a fhairsingiú i measc cógaslanna, ionaid chúraim phríomhúil, cleachtais DG agus seirbhísí meabhairshláinte pobail eile.
Rath a Thomhas	• Cheadaigh an Grúpa um Chur i bhFeidhm Trasrialtais an creat torthaí.	• Meicníocht rialta taighde a fhorbairt chun leibhéil litearthachta agus uimhearthachta aosach an CMIIA a thagarmharcáil i rith shaolré na straitéise. • Uirlis chuí tomhais cháilíochtúil nó dul chun cinn a mholadh lena glacadh nuair a bhíonn tionchar tacaíochta litearthachta á thomhas. • Athbhreithniú neamhspleách meántearma a dhéanamh ar dhul chun cinn na straitéise.

Appendix C: Príomh-Acrainmneacha

STOA	An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach
LAS	Litearthacht d'Aosaigh don Saol
ELA	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh
AONTAS	Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann um Fhoghlaim Aosach
TFAO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
BAI	Údarás Craolacháin na hÉireann
LOI	An Lár-Oifig Iontrála
CEDEFOP	An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna
BFS	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
SFS	Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh
CITO	An tionscadal 'Seiceáil Isteach, Ar Aghaidh Leat'
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CRPD	Coinbhinsiún (na Náisiún Aontaithe) ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas
CSIS	Staitisticí an Chomhphobail ar an tSochaí Faisnéise
POS	An Phríomh-Oifig Staidrimh
IOP	Ionaid Oiliúna Pobail
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
RLCMLÓ	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeachth agus Óige
RO	An Roinn Oideachais
RGFCS	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
SDDS	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
DESI	An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach
RA	An Roinn Airgeadais

RBOAOTNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
RS	An Roinn Sláinte
RTRÁO	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
RDC	An Roinn Dlí agus Cirt
RCPA	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
RFTP	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
RCS	An Roinn Coimirce Sóisialaí
RTCEGSM	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
CÉM	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
CDÉ	Cumann Disléicse na hÉireann
CEFA	Clár na hEorpa um Fhoghlaim Aosach
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
EGFSN	An Gasra Saineolaithe ar Riachtanais ó thaobh Scileanna de sa Todhchaí
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
ITES	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
Meán an AE	An tAontas Eorpach
BOO	Breisoideachas agus Oiliúint
LT	Litearthacht Teaghlaigh
OTI	Olltáirgeacht Intíre
LG	Liachleachtóir Ginearálta
AO	Ardoideachas
ÚAO	An tÚdarás um Ard-Oideachas

FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
CGFÉ	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ACÉ	Aontas Cógaiseoirí na hÉireann
SACÉ	Seirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
TDOBA	Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach
CBÉ	Cumann Bodhar na hÉireann
CÉCDC	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
OFÁ	Oifig Fiontair Áitiúil
SFÁ	Seirbhís Fostaíochta Áitiúla
LEADER	Liaison Entre Actions de Développement de l'Economie Rurale
GBRÁ	An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
An SBCA	An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid
CMOM	An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú
MSD	MSD Éireann – Sláinte an Duine
An ÁNLA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
LNTD	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
ÚNM	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
NEET	Nach bhfuil Fostaithe ná in Oideachas ná in Oiliúint
CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
ENR	Eagraíochta Neamhrialtasach
LNF	Líonra Náisiúnta Foghlama
CNS	An Chomhairle Náisiúnta Scileanna
SNS	An Straitéis Náisiúnta Scileanna

OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
FG	Forbairt Ghairmiúil
PEIL	Clár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama
SFP	Seirbhís Fostaíochta Poiblí
PIAAC	An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach
PISA	An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí
CTCF	An Córas Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeoirí
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
FSR	Fóraim Scileanna Réigiúnacha
SFI(anna)	Sprioc(anna) Forbartha Inbhuanaithe
SICAP	An Clár Gníomhachtaithe Ionchuimsithe Shóisialta agus Pobail
SDO	Scileanna don Obair
SATC	Seirbhís Ateangaireachta Teanga Comharthaíochta (na hÉireann)
ATSMS	An tAonad Taighde ar Scileanna agus an Margadh Saothair
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna
CFS(anna)	Comhaontú/Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéisí
OTBO AT	Oideachas Teicniúil agus Breisoideachas don Astráil Theas
TUSLA	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
TV	Teilifís
DUF	Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim
NA	Na Náisiúin Aontaithe
WRATanna	Tástálacha Gnóthachtála Fadréimsí
STFÓ	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

